An Roinn Oideachais agus Óige
Department of Education and Youth

SEALBHÚ
Lárionad Taighde DCU um Fhoghlaim agus Teagasc na Gaeilge

Teagasc agus Foghlaim na Gaeilge i Scoileanna Meán-Bhéarla

Dearcthaí na bPáistí, na nDaoine Óga, na dTuismitheoirí, na Múinteoirí, na bPríomhoidí agus na Múinteoirí faoi Oiliúint

TUARASCÁIL 2

I dTreo Plean Gnímh don Ghaeilge i Scoileanna Meán-Bhéarla

Patrick Burke, Aisling Ní Dhiorbháin, Pádraig Ó Duibhir, Deirbhile Nic Craith, Conall Ó Breacháin, Pearse Ahern, Eithne Ní Dhubhghaill & Anne English

Foireann Taighde SEALBHÚ, OCBÁC

Comh-Phríomhthaighdeoirí

an Dr Patrick Burke

an Dr Aisling Ní Dhiorbháin

Grúpa Stiúrtha

an tOllamh Pádraig Ó Duibhir

an Dr Deirbhile Nic Craith

Taighdeoirí

an Dr Conall Ó Breacháin

Pearse Ahern

Eithne Ní Dhubhghaill

Anne English

Nótaí buíochais

Ba mhian leis an bhfoireann taighde buíochas a ghabháil leis na baill seo a leanas den AGSMB sa Roinn Oideachais agus Óige as an gcaoi ar chomhoibrigh siad linn nuair a bhí an comhairliúchán seo ar siúl: Seán Ó hAdhmaill, Odhrán Ó Súilleabháin, Micheál Ó Caoilte, agus Yvonne Ní Mhurchú. Tá buíochas ar leith ag dul do Phádraig Mac Fhlannchadha as an aiseolas a cuireadh ar fáil dúinn nuair a bhí an tuarascáil seo á dréachtadh agus as dul i ngleic leis an taighde agus leis an bpróiseas comhairliúcháin ar bhonn proifisiúnta agus tiomanta. Ár mbuíochas, freisin, lenár gcomhghleacaithe in OCBÁC a thacaigh leis an obair ar bhonn inmheánach, go háirithe, an Dr Jacqueline de Brún, an Dr Claire Dunne, Orla Dawson, an Dr Tríona O'Hanlon, Kieran O'Dwyer agus an Dr Geraldine French. Mar fhocal scoir, ba mhian linn a chur in iúl go bhfuilimid buíoch den iliomad rannpháirtithe a chuir fáilte romhainn sna scoileanna, sna hionaid oideachais agus ar scáileáin a gcuid ríomhairí glúine nuair a bhí na fócasghrúpaí a bhain leis an gcomhairliúchán ar siúl.

Tagairt

Burke, P., Ní Dhiorbháin, A., Ó Duibhir, P., Nic Craith, D., Ó Breacháin, C., Ahern, P., Ní Dhubhghaill, E., & English, A. (2025).*Teagasc agus Foghlaim na Gaeilge sna Scoileanna Meán-Bhéarla: Tuairimí na bPáistí, na nDaoine Óga, na dTuismitheoirí, na Múinteoirí, agus na Múinteoirí faoi Oiliúint*. Baile Átha Cliath: An Roinn Oideachais agus Óige.

Nóta don Léitheoir

Is é an aidhm atá le Tuarascáil 1 agus le Tuarascáil 2 araon ná réimse tuairimí éagsúla a bhaineann le teagasc agus foghlaim na Gaeilge – de réir mar a léiríodh iad le linn an chomhairliúcháin náisiúnta – a chur in iúl agus achoimre a dhéanamh ar na tuairimí sin. Ní gá gurb ionann na tuairimí a chuirtear i láthair sna ranna ábhartha agus na tuairimí atá ag foireann taighde SEALBHÚ, ar bhonn aonair ná go comhpháirteach.

Clár na nÁbhar

Clár na nÁbhar **3**
Achoimre Fheidhmeach **7**
Réamhrá **14**
An mhodheolaíocht **15**
Fócasghrúpaí a tionóladh ar fud na tíre 15
Na rannpháirtithe 15
Giniúint agus taifead na sonraí 16
Anailís ar shonraí 18
Srianta an taighde 19
Comhairliúchán le pobail scoile (BEACONS) 21
Na torthaí **23**
Fócasghrupaí ag leibhéal na bunscoile **23**
Páistí bunscoile 24
Dearcthaí i leith na Gaeilge 24
An úsáid a bhaineann na páistí as an nGaeilge lasmuigh den scoil 25
Tuairimí na bpáistí faoi ghnéithe dearfacha de theagasc, foghlaim agus measúnú na Gaeilge 25
Tuairimí na bpáistí: Dúshláin a bhaineann le teagasc, foghlaim agus measúnú na Gaeilge 27
Moltaí na bpáistí 29
Múinteoirí bunscoile 30
Dearcthaí i leith na Gaeilge 31
Úsáid na Gaeilge 32
Tuairimí na múinteoirí i leith gnéithe dearfacha de theagasc, foghlaim agus measúnú na Gaeilge 33
Tuairimí na múinteoirí i leith na ndúshlán a bhaineann le teagasc, foghlaim agus measúnú na Gaeilge. 36
Moltaí na múinteoirí 39
Príomhoidí bunscoile 41
Fís na bpríomhoidí bunscoile don Ghaeilge 41
Cúinsí lasmuigh den scoil a théann i bhfeidhm ar dhearcthaí i leith na Gaeilge 42

Tuairimí na bpríomhoidí maidir le gnéithe dearfacha de theagasc agus foghlaim na Gaeilge 43
Tuairimí na bpríomhoidí maidir leis na dúshláin a bhaineann le teagasc, foghlaim agus measúnú na Gaeilge 44
Moltaí na bpríomhoidí bunscoile 46
Tuismitheoirí bunscoile 47
Dearcthaí i leith na Gaeilge 47
Úsáid na Gaeilge 48
Tuairimí na dtuismitheoirí maidir le gnéithe dearfacha de theagasc, foghlaim, agus measúnú na Gaeilge 49
Ná dúshláin a bhaineann le teagasc, foghlaim agus múineadh na Gaeilge 50
Moltaí na dtuismitheoirí 52
Múinteoirí bunscoile faoi oiliúint 53
Dearcthaí i leith na Gaeilge agus fís don Ghaeilge 54
Úsáid na Gaeilge 54
Tuairimí faoi ghnéithe dearfacha a bhaineann le teagasc, foghlaim agus measúnú na Gaeilge 56
Tuairimí faoi na dúshláin a bhaineann le teagasc, foghlaim agus measúnú na Gaeilge 57
Moltaí na múinteoirí faoi oiliúint 59
Fócasghrúpaí ag leibhéal na hiar-bhunscoile 61
Scoláirí iar-bhunscoile 61
Dearcthaí i leith na Gaeilge 61
Úsáid na Gaeilge 62
Tuairimí faoi ghnéithe dearfacha de theagasc, foghlaim agus measúnú na Gaeilge 64
Tuairimí faoi na dúshláin a bhaineann le teagasc, foghlaim agus measúnú na Gaeilge 66
Moltaí na scoláirí 70
Múinteoirí iar-bhunscoile 71
Dearcthaí i leith na Gaeilge 71
Úsáid na Gaeilge 72
Tuairimí faoi ghnéithe dearfacha de theagasc, foghlaim agus measúnú na Gaeilge 73
Tuairimí faoi na dúshláin a bhaineann le teagasc, foghlaim agus measúnú na Gaeilge 74
Moltaí 77
Príomhoidí iar-bhunscoile 79
Fís na bpríomhoidí don Ghaeilge agus a ndearcthaí i leith na Gaeilge 79
Úsáid na Gaeilge 80

Tuairimí faoi ghnéithe dearfacha de theagasc, foghlaim agus measúnú na Gaeilge 81
Tuairimí faoi dhúshláin a bhaineann le teagasc, foghlaim agus measúnú na Gaeilge 81
Moltaí na bpríomhoidí.....84
Tuismitheoirí na scoláirí iar-bhunleibhéil 86
Dearcthaí i leith na Gaeilge.....86
Úsáid na Gaeilge 87
Tuairimí faoi ghnéithe dearfacha de theagasc, foghlaim agus measúnú na Gaeilge 88
Tuairimí faoi na dúshláin a bhaineann le teagasc, foghlaim agus measúnú na Gaeilge 89
Moltaí na dtuismitheoirí iar-bhunscoile.....90
Múinteoirí iar-bhunscoile faoi oiliúint.....91
Dearcthaí i leith na Gaeilge.....91
Úsáid na Gaeilge 92
Tuairimí maidir le gnéithe dearfacha de theagasc, foghlaim agus measúnú na Gaeilge....93
Tuairimí faoi dhúshláin a bhaineann le teagasc, foghlaim agus measúnú na Gaeilge 94
Moltaí 94
Comhairliúchán le pobail scoile: BEACONS 96
Pobail bhunscoile 96
Dearcthaí i leith na Gaeilge agus i leith úsáid na Gaeilge 96
Tuairimí faoi ghnéithe dearfacha de theagasc, foghlaim agus measúnú na Gaeilge 97
Dúshláin a bhaineann le teagasc, foghlaim agus measúnú na Gaeilge..... 100
Moltaí 104
Pobail iar-bhunscoile..... 107
Dearcthaí 107
Úsáid na Gaeilge 108
Teagasc, Foghlaim agus Measúnú 110
Gnéithe Dearfacha 110
Gnéithe Dúshlánacha..... 112
Moltaí 115
Tagairtí 123
Aguisín A: Sceidil na bhfócasghrúpaí 124
Páistí bunscoile..... 124
Scoláirí iar-bhunscoile 126
Príomhoidí bunscoile/iar-bhunscoile 128
Tuismitheoirí bunscoile/iar-bhunscoile 129

Múinteoirí bunscoile/iar-bhunscoile 131
Múinteoirí bunscoile/iar-bhunscoile faoi oiliúint 133

Achoimre Fheidhmeach

Reáchtáladh comhairliúchán fairsing chun léargas a fháil ar thuairimí réimse rannpháirtithe i leith theagasc agus foghlaim na Gaeilge i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna meán-Bhéarla. Sa tuarascáil seo, déantar iniúchadh ar thuairimí agus ar eispéiris páistí, daoine óga, múinteoirí, múinteoirí faoi oiliúint agus príomhoidí a bhfuil baint acu leis an oideachas bunscoile nó leis an oideachas iar-bhunscoile. Ar an iomlán, chuir na rannpháirtithe in iúl gur mhaith leo an Ghaeilge a fhoghlaim, ar bhonn prionsabail, ach dhírigh siad aird chomh maith ar réimse dúshlán a chuireann bac ar fhoghlaim na Gaeilge agus ar dul chun cinn sa Ghaeilge sa chóras i gcoitinne. Roinn na rannpháirtithe neart moltaí a rachadh chun sochair do thimpeallacht níos rathúla, níos ionchuimsithí agus níos spreagúla a chruthú d'fhoghlaim, do theagasc agus do mheasúnú na Gaeilge.

Na rannpháirtithe agus an mhodheolaíocht

Baineadh úsáid as dhá phríomh-mhodh chun na sonraí a ghiniúint. Ar an gcéad dul síos, reáchtáladh 45 fócasghrúpa le réimse rannpháirtithe in áiteanna éagsúla ar fud na tíre. Ghlac 404 duine páirt sna fócasghrúpaí san iomlán. Ba pháistí agus daoine óga iad breis is leath (*n*=212) de na rannpháirtithe. Ar an dara dul síos, eagraíodh dhá lá comhairliúcháin, le pobail bhunscoile agus le pobail iar-bhunscoile, inar baineadh úsáid as creat darb ainm BEACONS, mar a thugtar air sa Bhéarla, is é sin, *Bringing Education Alive For Communities on a National Scale*. Bhí 120 duine páirteach sa chuid sin den taighde, rud a fhágann go bhfuil tuairimí 524 duine léirithe sa tuarascáil seo. Baineadh úsáid as teimpléid chomhaontaithe chun taifead mionsonraithe a dhéanamh ar fhreagraí na rannpháirtithe ag gach seisiún comhairliúcháin. Úsáideadh anailís teimpléid chun códú líne ar líne a dhéanamh ar na sonraí agus chun téamaí a ghiniúint ina dhiaidh sin. Ar mhaithe leis an méid a bhí le rá ag gach grúpa ar leith a chur in iúl go sonrach, is de réir ghrúpa a chuirtear na torthaí i láthair san achoimre seo agus sa tuarascáil ina hiomláine.

Leibhéal na bunscoile

Tuairimí na bpáistí

Ar an iomlán, bhí dearcadh dearfach i leith fhoghlaim na Gaeilge ag na páistí bunscoile a ghlac páirt sa taighde. Is beag teagmháil a bhí acu leis an nGaeilge lasmuigh den scoil, áfach. Luaigh na páistí go leor gnéithe dearfacha a bhain le foghlaim na Gaeilge ar scoil, lena n-áirítear cuir chuige ghníomhacha (m.sh. amhráin, cluichí), nuair a bhíonn an Ghaeilge in úsáid lasmuigh de na ceachtanna Gaeilge agus an dea-thionchar a imríonn múinteoirí aonair orthu. Tharraing siad aird ar réimse cúinsí a chuireann isteach ar fhoghlaim na Gaeilge dóibh, lena n-

áirítear róspleáchas ar théacsleabhair agus nuair a bhíonn litriú, gramadach agus stór focal á múineadh gan chomhthéacs. Is díol suime é go raibh an chosúlacht ar an scéal gur mhó a thaitin foghlaim na Gaeilge leo sna ranganna sóisearacha ach go ndeachaigh an fonn foghlama sin i léig sna ranganna ina dhiaidh sin. Léirigh páistí áirithe i ranganna sinsearacha go raibh frustrachas orthu maidir lena n-easpa dul chun cinn sa Ghaeilge. Ó thaobh an ionchuimsithe de, chuir na páistí in iúl gur ghá breis tacaíochta a chur ar fáil dóibh siúd a mbíonn deacrachtaí acu le foghlaim na Gaeilge nó do pháistí nár fhoghlaim an Ghaeilge ó thús na bunscoile.

Tuairimí na múinteoirí

Chuir na múinteoirí bunscoile a ghlac páirt sa chomhairliúchán in iúl go soiléir gur mhian leo go mbeadh labhairt na Gaeilge ar a dtoil ag na daltaí a bhí á múineadh acu. D'aithin na múinteoirí go bhfuil ról acu féin san obair seo, ach chuir siad in iúl go gcothaítear deacrachtaí nuair nach mbíonn mórán tacaíochta ar fáil ó thuismitheoirí maidir le teagasc na Gaeilge ar scoil. Thuairiscigh na múinteoirí gur beag deiseanna a bhíonn acu feabhas a chur ar a gcuid Gaeilge mar gheall ar an teagmháil shrianta a bhíonn acu leis an teanga laistigh agus lasmuigh den scoil. Rinneadh comparáid idir na buanna a bhaineann le cuir chuige idirghníomhacha, agus méadú úsáid na Gaeilge trí chuir chuige scoile uile agus traschuraclaim, agus an chaoi ar féidir le húsáid téacsleabhar drochthionchar a imirt ar inspreagadh na bpáistí, sna ranganna sinsearacha go háirithe. Luaigh na múinteoirí freisin na buntáistí a bhaineann le tionscnaimh amhail Seachtain na Gaeilge agus leis an scéim Gaelbhratach. Dhírigh siad aird ar na dúshláin a bhaineann le bheith ag tacú le dul chun cinn agus le hinspreagadh na ndaltaí sna ranganna sinsearacha, agus rinne siad tagairt don easpa tacaíochta a bhraitear a bheith ann don ionchuimsiú (m.sh. tacaíocht foghlama do pháistí a dteastaíonn tacaíocht le foghlaim na Gaeilge uathu). Mhol múinteoirí áirithe gur chóir treoir bhreise faoi mheasúnú caighdeánaithe sa Ghaeilge a chur ar fáil chun tacú le dul chun cinn. Chuir siad in iúl freisin go raibh ról lárnach ag ceannaireacht na scoile maidir le fís scoile uile don Ghaeilge a chur chun cinn.

Tuairimí na bpríomhoidí

Leag na príomhoidí béim ar fhorbairt scileanna cumarsáide na bpáistí ar bhealach atá tacúil agus spreagúil mar bhunús dá bhfís don Ghaeilge. Luaigh siad freisin an chaoi a bhféadfadh na dearcthaí diúltacha atá ag roinnt tuismitheoirí i leith na Gaeilge dochar a dhéanamh. Bhí tuairimí na bpríomhoidí faoi dhea-chleachtas ag teacht le tuairimí na múinteoirí den chuid is mó, lena n-áiríodh cuir chuige ghníomhacha agus iarrachtaí an Ghaeilge a úsáid ar bhonn níos leithne lasmuigh den cheacht teanga. Cuireadh in iúl go sonrach gur bhain dúshlán suntasach le cumas agus muinín na múinteoirí sa Ghaeilge, mar aon

le róspleáchas ar na téacsleabhair, easpa dul chun cinn agus an laghdú ar an méid ama a leagtar amach don Ghaeilge sa churaclam nua. Léirigh siad imní chomh maith maidir leis an gcóras reatha a bhaineann le díolúintí a bhronnadh ón nGaeilge.

Tuairimí na dtuismitheoirí

Bhí na tuismitheoirí a bhí páirteach sa chomhairliúchán den tuairim go raibh sé tábhachtach go bhfoghlaimeodh a gcuid páistí an Ghaeilge, ach thug siad le fios go raibh drochthionchar ag an gcleachtas reatha ar dhearcthaí i leith na Gaeilge. Chuir siad in iúl gur beag teagmháil a bhíonn ag a gcuid páistí leis an nGaeilge lasmuigh den scoil, i gcoitinne. Chuir siad in iúl gur mhaith leo breis eolais agus breis tacaíochta a fháil ón scoil chun naisc a chothú idir an baile agus an scoil. Rinne siad tagairt ar leith don leas a bhaintear as imeachtaí a bhaineann le Seachtain na Gaeilge chun na naisc sin a bhunú. Léiríodh imní ar leith faoi na cineálacha cur chuige a bhaineann le teagasc agus measúnú litriú na Gaeilge, a chuir imní ollmhór ar pháistí áirithe agus a chothaigh dearcthaí diúltacha i leith na Gaeilge dá bharr. Chuir na tuismitheoirí in iúl go raibh díomá orthu le dul chun cinn a gcuid páistí maidir le cumas cumarsáide sa Ghaeilge.

Tuairimí na múinteoirí faoi oiliúint

Léirigh na múinteoirí faoi oiliúint go raibh dearcthaí dearfacha acu i leith na Gaeilge agus dhírigh siad aird ar leith ar chleachtais ar éirigh go maith leo nuair a bhí siad ar shocrúchán scoile. Mar sin féin, luaigh siad na dúshláin a bhíonn rompu féin agus roimh a gcuid piaraí maidir le labhairt agus teagasc na Gaeilge. Toisc easpa muiníne a bheith ag cur as dóibh, is beag teagmháil a bhíonn acu leis an nGaeilge ina gcuid ama féin, fiú amháin nuair a bhíonn deiseanna ar fáil san institiúid ardoideachais lena mbaineann siad. Chuir an Tréimhse Foghlama sa Ghaeltacht deiseanna maithe foghlama ar fáil i gcásanna áirithe, ach bhí mic léinn ann nach raibh eispéireas dearfach acu. Chuir teagasc na Gaeilge trí Ghaeilge le linn na socrúchán scoile dúshlán suntasach roimh na múinteoirí faoi oiliúint. D'eascair na dúshláin seo as an easpa muiníne a bhí acu i dtaobh na Gaeilge agus an neamhréir idir an cleachtas a mholtar sna hinstitiúidí ardoideachais agus an cleachtas reatha sna scoileanna.

Leibhéal na hIar-bhunscoile

Tuairimí na ndaoine óga

Dúirt formhór na ndaoine óga a bhí páirteach sa chomhairliúchán gur cheap siad go raibh sé tábhachtach an Ghaeilge a fhoghlaim ar chúiseanna cultúrtha. Mar sin féin, chuir go leor de na scoláirí in iúl go raibh siad míshásta leis na heispéiris foghlama a bhí acu ar scoil. Cé go ndúirt roinnt de na scoláirí go n-úsáideann siad an Ghaeilge lasmuigh den cheacht Gaeilge,

is beag scoláire a d'úsáid an teanga ar bhealach fónta lasmuigh den scoil. Bhí eisceacht amháin ann, áfach; ba é sin na scoláirí a d'fhreastail ar chúrsaí Gaeltachta agus a bhain tairbhe astu. Thuairiscigh na scoláirí go dtaitníonn cuir chuige ghníomhacha agus úsáid na teicneolaíochta leo; dhírigh siad aird freisin ar an tábhacht a bhaineann le múinteoirí aonair. Léirigh siad dearcthaí diúltacha den chuid is mó maidir leis an méid litríochta a ndéanann siad staidéar air agus an easpa deiseanna d'fhíorúsáid na teanga labhartha a bhíonn mar chuid den chúrsa ar scoil. Léirigh siad go raibh frustrachas orthu mar gheall ar na nithe seo a leanas: a n-easpa feasachta teanga, tuiscint lag ar an ngramadach agus an easpa dul chun cinn a bhí déanta acu maidir le cumas cumarsáide le linn a dtréimhse sa chóras oideachais.

Tuairimí na múinteoirí

Bhí na múinteoirí iar-bhunscoile a ghlac páirt sa chomhairliúchán feasach ar an ról lárnach atá acu maidir le dearcthaí dearfacha i leith na Gaeilge a chothú sna scoláirí. Mar sin féin, ba mhinic a luaigh siad na dúshláin a bhaineann le sonraíochtaí/siollabais agus measúnú reatha na Sraithe Sóisearaí agus na hArdteistiméireachta agus iad ag iarraidh an sprioc sin a bhaint amach. Bhí na múinteoirí den tuairim gur ghá dóibh an phríomhbhéim a chur ar an léitheoireacht agus ar an scríbhneoireacht chun na scoláirí a ullmhú do na scrúduithe stáit faoi mar atá siad faoi láthair, agus go raibh an Ghaeilge labhartha thíos leis. Cheap formhór na múinteoirí go raibh an méid litríochta a bhíonn le déanamh ag cur i gcoinne inspreagadh na scoláirí chun an teanga a fhoghlaim. B'ábhair imní ar leith iad caighdeán Gaeilge na bpáistí ar fhágáil na bunscoile dóibh, chomh maith leis na dúshláin a bhaineann leis an gcuraclam a dhifreálú do gach uile fhoghlaimeoir.

Tuairimí na bpríomhoidí

Bhí na príomhoidí iar-bhunscoile a ghlac páirt sa chomhairliúchán den tuairim gur ghá athrú mór a chur i bhfeidhm chun dearcthaí níos dearfaí i leith na Gaeilge a spreagadh. Tharraing siad aird ar shamplaí den dea-chleachtas agus ar an dea-thionchar a bhíonn ag cúrsaí Gaeltachta. Ach oiread leis na múinteoirí iar-bhunscoile, chuir siad in iúl go raibh éagsúlacht an-mhór i gcaighdeán Gaeilge lucht na chéad bhliana ar theacht isteach dóibh agus go raibh sé sin ina ábhar imní acu. Thug siad le fios freisin gur ghá athruithe móra a chur i bhfeidhm ar shonraíochtaí Gaeilge na Sraithe Sóisearaí agus ar shiollabais na hArdteistiméireachta. Bhí na príomhoidí go láidir den tuairim gur chóir athbhreithniú a dhéanamh ar chóras na ndíolúintí.

Tuairimí na dtuismitheoirí

De réir mar a rinne na grúpaí eile a ghlac páirt sa chomhairliúchán, chuir na tuismitheoirí iar-bhunscoile in iúl gur cheap siad gur chóir go mbeadh an Ghaeilge á foghlaim ag na scoláirí, ar bhonn prionsabail, ach tharraing siad aird ar réimse tuairimí agus eispéiris dhiúltacha a bhaineann le foghlaim na Gaeilge ag leibhéal na hiar-bhunscoile. Cuireadh in iúl arís is arís eile gur ceapadh go raibh róbhéim ar an litríocht agus ar an measúnú suimitheach (i.e. scrúduithe Stáit) agus go raibh sé sin ina chúis imní. Chuir siad in iúl gur beag teagmháil a bhíonn ag go leor de na páistí leis an nGaeilge lasmuigh den scoil, is é sin má bhíonn teagmháil ar bith acu léi, agus mar sin is beag spreagadh a bhíonn acu í a úsáid taobh amuigh den ábhar scoile foirmiúil. Chuir siad in iúl gur chóir breis úsáide a bhaint as na cuir chuige idirghníomhacha agus tharraingteacha a chuirtear i bhfeidhm i luathbhlianta na bunscoile.

Tuairimí na múinteoirí faoi oiliúint

Bhí fonn ar na múinteoirí iar-bhunscoile faoi oiliúint an Ghaeilge a fhoghlaim agus í a mhúineadh dá gcuid scoláirí amach anseo. Luaigh siad na buntáistí a bhaineann le cuir chuige idirghníomhacha i leith na foghlama, agus le nasc a dhéanamh le hábhar spéise na scoláirí. Chuir siad in iúl go dtéann sé chun sochair dóibh nuair a bhíonn tacaíocht ar leith ar fáil maidir le teagasc na Gaeilge le linn na socrúchán scoile. Mar sin féin, rinne siad tagairt do na dúshláin ar leith a bhaineann leis na dearcthaí diúltachta a bhíonn ag roinnt scoláirí i leith na Gaeilge agus na deacrachtaí a bhaineann le gramadach na Gaeilge a theagasc.

Sintéis de na moltaí

Léirítear sa tuarascáil na moltaí a rinne na rannpháirtithe sna grúpaí fócais éagsúla. Seo a leanas na príomh-mholtaí:

- Déan cinnte de go bhfuil fís shoiléir agus chomhordaithe ann don Ghaeilge sa chóras oideachais trí chéile agus go mbíonn cuspóirí agus tagarmharcanna soiléire leagtha síos.
- Cuir béim ar leith ar theagasc agus ar fhoghlaim na Gaeilge labhartha.
- Méadaigh úsáid na Gaeilge lasmuigh den cheacht Gaeilge (m.sh., bain úsáid as gníomhaíochtaí seach-churaclaim, as an bhfoghlaim chomhtháite ábhair agus teanga [ábhair eile nó codanna d'ábhair eile a mhúineadh trí Ghaeilge, FCÁT], agus as an nGaeilge neamhfhoirmiúil i rith an lae).
- Cuir deiseanna forbartha gairmiúla ar fáil do mhúinteoirí chun cur lena saineolas agus chun cabhrú leo cuir chuige ghníomhacha a chur i bhfeidhm sa seomra ranga.

- Cuir deiseanna ar fáil do mhúinteoirí, go háirithe na múinteoirí bunscoile, chun a gcumas Gaeilge féin a fheabhsú.
- Cuir tacaíocht ar fáil do cheannaireacht na Gaeilge ar fud na scoile agus do chuir chuige scoile uile i dtaobh cúrsaí pleanála / cúrsaí teagaisc.
- Cuir breis tacaíochta ar fáil chun naisc a chruthú idir úsáid na Gaeilge sna scoileanna agus sa phobal i gcoitinne, lena n-áirítear deiseanna a bhaineann le naisc chultúrtha.
- Déan cinnte de go mbíonn forchéimniú níos mó maidir le foghlaim na Gaeilge sa chóras scoile ina hiomláine, go háirithe nuair a bhíonn páistí ag aistriú ón mbunscoil go dtí an iar-bhunscoil; is gá go mbeadh leanúnachas ní b'fhearr maidir le foghlaim na Gaeilge.
- Cruthaigh acmhainní nua tarraingteacha don Ghaeilge, lena n-áirítear úsáid na teicneolaíochta. Ba cheart comhordú agus feasacht a ardú ar na hacmhainní foghlama atá ar fáil.
- Cuir treoir bhreise ar fáil maidir leis an tslí ar féidir le *gach* foghlaimeoir a bheith páirteach sa Ghaeilge agus déan athbhreithniú ar an gcóras reatha a bhaineann le díolúintí a bhronnadh ón nGaeilge.
- Cuir níos mó tacaíochtaí ar fáil do thuismitheoirí/caomhnóirí, lena n-áirítear teagmháil níos fearr idir an scoil agus an baile i leith fhoghlaim na Gaeilge.
- Cuir breis treorach ar fáil do scoileanna/múinteoirí maidir le teagasc scileanna litearthachta sa Ghaeilge, go háirithe scileanna litrithe.
- Déan athbhreithniú agus leasuithe ar shonraíochtaí Gaeilge na Sraithe Sóisearaí agus ar shiollabais na hArdteistiméireachta. Is gá aird ar leith a dhíriú ar ról na Measúnuithe Rangbhunaithe, agus ar an gcaoi nach ann do bhéaltriail ag leibhéal na Sraithe Sóisearaí. Ag leibhéal na hArdteistiméireachta is gá aird a dhíriú ar an úsáid a bhaintear as an tsraith pictiúr sa bhéaltriail agus ar an gcaoi a spreagann sé an fhoghlaim de ghlanmheabhair.
- Bíodh níos lú béime ar an litríocht ag leibhéal na hiar-bhunscoile.
- Déan machnamh ar chúrsaí éagsúla Gaeilge a chur ar fáil ag leibhéal na hiar-bhunscoile (m.sh. cúrsa amháin bunaithe ar an teanga fheidhmeach agus cúrsa eile bunaithe ar an litríocht) agus ar phointí bónais a thabhairt isteach don Ghaeilge.
- Cuir breis cúrsaí Gaeltachta ar fáil do na scoláirí agus do na múinteoirí agus cuir breis maoiniúcháin do na cúrsaí.

- Cuir deiseanna níos fearr ar fáil do na múinteoirí faoi oiliúint chun a gcumas agus a muinín i leith na Gaeilge a fhorbairt le linn dóibh a bheith sna hinstitiúidí ardoideachais agus nuair a bhíonn siad ar shocrúchán scoile.

Réamhrá

Is é SEALBHÚ, Lárionad Taighde DCU um Fhoghlaim agus Teagasc na Gaeilge, a d'ullmhaigh an tuarascáil seo mar chuid de phróiseas comhairliúcháin a cuireadh ar bun chun tacú le Plean Gnímh don Ghaeilge i scoileanna meán-Bhéarla a fhorbairt. Seo an dara ceann den dá thuarascáil a choimisiúnaigh an tAonad Gaeilge um Scoileanna Meán-Bhéarla (AGSMB) sa Roinn Oideachais agus Óige (ROÓ).

Sa chéad tuarascáil (Ní Dhiorbháin et al., 2025) cuirtear léirbhreithniú giorraithe ar an litríocht i láthair, mar aon leis na torthaí ó na chéad ócáidí comhairliúcháin le páirtithe leasmhara san oideachas a tionóladh in Eanáir 2025 agus moltaí a rinne na páirtithe leasmhara le linn na gcruinnithe déthaobhacha/iltaobhacha in Aibreán/Bealtaine 2025. Tugtar eolas sa tuarascáil seo, is é sin an dara tuarascáil, ar thorthaí réimse fócasghrúpaí comhairliúcháin a tionóladh ar bhonn náisiúnta i mí Feabhra, i mí an Mhárta agus i mí Aibreáin, 2025. Ghlac rannpháirtithe ó bhunscoileanna agus ó iar-bhunscoileanna páirt iontu, lena n-áiríodh páistí, daoine óga, tuismitheoirí, múinteoirí, príomhoidí agus múinteoirí faoi oiliúint.

Bunaíodh an obair seo ar thrí bhunphrionsabail a bheidh mar threoir ag an bPlean Gnímh don Ghaeilge:

I. an tábhacht a bhaineann le meon dearfach i leith na Gaeilge a chothú,
II. gealltanas chun úsáid na Gaeilge a mhéadú agus,
III. beartais, gníomhaíochtaí, struchtúir agus acmhainní a chomhtháthú le chéile.

I ndiaidh an réamhrá seo, tá dhá phríomh-chuid ina ndírítear ar an modheolaíocht agus ar na príomhthorthaí i ndiaidh a chéile.

An mhodheolaíocht

Sa mhír seo, déantar tuairisciú ar na modhanna a úsáideadh chun tuairimí iomadúla i leith theagasc agus foghlaim na Gaeilge a spreagadh agus a léiriú, agus béim ar leith á cur orthu siúd a bhfuil baint acu le hoideachas bunscoile agus iar-bhunscoile. Bhí na buncheisteanna taighde a leag an ROÓ amach mar threoir ag an modheolaíocht:

1. Cad iad na rudaí a bhfuil ag éirí go maith leo maidir le dearcthaí dearfacha i leith na Gaeilge agus i leith úsáid na Gaeilge a chur chun cinn i scoileanna meán-Bhéarla?
2. Cad iad na dúshláin atá ann maidir le dearcthaí dearfacha i leith na Gaeilge agus i leith úsáid na Gaeilge a chothú i scoileanna meán-Bhéarla?
3. Cad is féidir a dhéanamh chun tacú le teagasc agus foghlaim na Gaeilge i scoileanna meán-Bhéarla?

Ar mhaithe le féachaint chuige go bhféadfaí iniúchadh a dhéanamh ar an-chuid tuairimí, sonraí cáilíochtúla ar fad a gineadh agus anailís cháilíochtúil ar fad a rinne ar na sonraí sin (Cohen et al., 2018). Bhain tábhacht ar leith le haird a thabhairt ar ghuthanna na bpáistí agus na ndaoine óga le linn an chomhairliúcháin. Úsáideadh an creat Lundy (2007) maidir le rannpháirtíocht na bpáistí chomh maith le treoir ón Roinn Oideachais agus Óige (ROÓ, 2024) chun an próiseas a threorú. Sa chaibidil seo, tugtar eolas ar dtús faoin tslí ar tionóladh fócasghrúpaí ar fud na tíre, agus ansin tugtar eolas faoin tslí ar baineadh úsáid as comhairliúcháin le pobail scoile, ba é sin an cur chuige 'BEACONS', chun tuairimí a bhailiú.

Fócasghrúpaí a tionóladh ar fud na tíre

Na rannpháirtithe

Baineadh úsáid as sampláil bhreithiúnais (Cohen et al., 2018) chun rannpháirtithe a earcú. Roghnaíodh rannpháirititihe a bhí mar chuid d'fhoghrúpaí áirithe a bhaineann leis an oideachas meán-Bhéarla ag leibhéal na bunscoile agus ag leibhéal na hiar-bhunscoile. Tugtar achoimre bhunúsach i dTábla 1 ar na foghrúpaí ar lorgaíodh a dtuairimí sa snáithe seo den chomhairliúchán.

Tábla 1. Na catagóirí agus na fochatagóirí lenar bhain na rannpháirtithe

Leibhéal na Bunscoile	Leibhéal na hIar-bhunscoile
Páistí – sna hArdranganna	Scoláirí – sa tSraith Shóisearach agus sa tSraith Shinsearach
Tuismitheoirí	Tuismitheoirí
Múinteoirí	Múinteoirí
Príomhoidí	Príomhoidí
Múinteoirí faoi Oiliúint	Múinteoirí faoi Oiliúint

Is é an AGSMB sa Roinn Oideachais agus Óige a d'earcaigh na rannpháirtithe, agus iad ag súil go mbeadh éagsúlacht i gceist de réir critéir éagsúla lena n-áirítear: suíomh tíreolaíoch, rannpháirteachas sa scéim DEIS, méid na scoile, éiteas na scoile, scoileanna measctha / scoileanna aonghnéis, scoileanna a bhfuil ranganna speisialta iontu srl. Bhí rannpháirtithe a bhí nuathosaithe ar scoil in Éirinn, chomh maith le rannpháirtithe ó phobal an Lucht Siúil agus ón bpobal Romach san áireamh. D'oibrigh an AGSMB i gcomhar leis na comhpháirtithe oideachais seo a leanas ar mhaithe le féachaint chuige go mbeadh grúpaí éagsúla páirteach sa chomhairliúchán: an Chomhairle Náisiúnta Tuismitheoirí – Bunbhrainse /an Chomhairle Náisiúnta Tuismitheoirí (Iar-bhunoideachais); Líonra Phríomhoidí Bunscoile na hÉireann; Cumann Náisiúnta na bPríomhoidí agus na Leas-Phríomhoidí; Cumann Múinteoirí Éireann; Aontas Múinteoirí Éireann; Cumann na Meánmhúinteoirí, Éire; agus Aontas na Mac Léinn in Éirinn. Rinne stiúrthóirí na nIonad Oideachais áitiúil agus teagmhálaithe sna hInstitiúidí Ardoideachais éascaíocht ar an earcaíocht freisin. Is éard a bhí i gceist leis sin san iomlán ná 45 fócasghrúpa aonair a reáchtáil, ar ghlac 404 rannpháirtí páirt iontu. Tionóladh 17 fócasghrúpa ar líne agus 27 fócasghrúpa aghaidh ar aghaidh i suíomhanna éagsúla, lena n-áiríodh scoileanna, institiúidí ardoideachais agus ionaid oideachais ar fud na tíre. Fágadh faoin AGSMB féachaint chuige go raibh cead/toiliú feasach faighte ó na rannpháirtithe agus go raibh na rannpháirtithe sásta páirt a ghlacadh sa taighde.

Giniúint agus taifead na sonraí

Cruthaíodh sceidil shaincheaptha éagsúla do na fócasghrúpaí a bhain le gach ceann d'fhochatagóirí na rannpháirtithe atá luaite i dTábla 1 thuas (Féach Aguisín A). Is é an AGSMB

a chruthaigh na sceidil sin agus a chomhroinn le foireann SEALBHÚ iad. Bhí ar a laghad ball amháin den AGSMB i láthair ag gach ceann de na fócasghrúpaí, agus bhí an duine sin ina éascaitheoir; bhí ball de SEALBHÚ i láthair freisin agus bhí an duine sin ina chláraitheoir, is é sin gur ghlac siad nótaí ar son an ghrúpa. Chuir na héascaitheoirí fáilte roimh na rannpháirtithe, mhínigh siad príomhchuspóir an fhócasghrúpa dóibh, chuir siad na ceisteanna orthu agus spreag siad an plé. Agus teimpléad saincheaptha in úsáid acu, ghlac na cláraitheoirí nótaí cruinne maidir leis na tuairimí éagsúla a tháinig chun cinn le linn na bhfócasghrúpaí. Anuas air sin, bhreac siad síos roinnt sleachta gearra ón méid a dúirt na rannpháirtithe, i gcás inar iomchuí, chun tuairimí na rannpháirtithe a chur in iúl go soiléir. Níor ceanglaíodh nóta ar bith le rannpháirtithe aonair nó leis na scoileanna lenar bhain siad. Baineadh an t-eolas aitheantais de gach fócasghrúpa (m.sh. ainm na scoile inar tionóladh an fócasghrúpa) nuair a bhí an taifead den fhócasghrúpa sin curtha i gcrích. Sa tuarascáil seo, úsáidtear cóid agus tagairt á déanamh d'fhoinse na sleachta gearra a chuirtear i láthair (féach Tábla 2).

Tábla 2: *Míniú ar an gcóras códúcháin*

Cód	Míniú
Bunscoil	
PBS	Fócasghrúpa le Páistí Bunscoile
TBS	Fócasghrúpa le Tuismitheoirí Bunscoile
POBS	Fócasghrúpa le Príomhoidí Bunscoile
MBS	Fócasghrúpa le Múinteoirí Bunscoile
MFOBS	Fócasghrúpa le Múinteoirí Bunscoile faoi Oiliúint
Iar-bhunscoil	
SIBS-Sóis	Fócasghrúpa le Scoláirí Iar-bhunscoile na Sraithe Sóisearaí
SIBS-Sin	Fócasghrúpa le Scoláirí Iar-bhunscoile na Sraithe Sinsearaí
TIBS	Fócasghrúpa le Tuismitheoirí Iar-bhunscoile
POIBS	Fócasghrúpa le Príomhoidí Iar-bhunscoile
MIBS	Fócasghrúpa le Múinteoirí Iar-bhunscoile
MFOIBS	Fócasghrúpa le Múinteoirí Iar-bhunscoile faoi Oiliúint

*Nóta: Tagraíonn an litir (A, B, C etc.) sna cóid éagsúla do sheisiún fócasghrúpa ar leith, e.g. tagraíonn **SIBS-A-Sóis** don seisiún fócasghrúpa a bhaineann le scoláirí na Sraithe Sóisearaí i Scoil A agus tagraíonn **SIBS-A-Sin** don seisiún fócasghrúpa a bhaineann le scoláirí na Sraithe Sinsearaí sa suíomh céanna. Tabhair faoi deara nach gciallaíonn na litreacha sin go bhfuil baint ar leith idir na fócasghrúpaí ar fad a bhfuil an litir 'A' luaite leo ná gur tionóladh na fócasghrúpaí sin ar fad san áit/sa scoil chéanna; úsáidtear na litreacha go neamhspleách ar a chéile i leith na bhfócasghrúpaí a bhí páirteach.*

Anailís ar shonraí

Anailís teimpléid a úsáideadh don tionscnamh áirithe seo mar is féidir í a chur i bhfeidhm go solúbtha ar thacair éagsúla sonraí téacsála (Brooks et al., 2015) ar bhealach a léiríonn na céimeanna iniúchta go soiléir (King & Brooks, 2017) Dé réir mar a mholann Brooks et al. (2015) agus King and Brooks (2017), leanadh na céimeanna seo chun an anailís teimpléid a chur i gcrích:

1. **Eolas a chur ar na sonraí:** Léigh na príomhthaighdeoirí na taifid ar fad ina n-iomláine.
2. **Réamhchódú:** Rinneadh anailís ar na taifid ó gach grúpa rannpháirtithe (m.sh. páistí bunscoile; príomhoidí bunscoile) astu féin, ionas go gcuirfí fo-roinn ar fáil a bhainfeadh le tuairimí na bpobal éagsúil. Gineadh bunchóid a bunaíodh ar théamaí *a priori* do gach ceann de na fochatagóirí sin (m.sh. *dearcthaí i leith na Gaeilge*) agus ar chóid ionduchtacha a aimsíodh nuair a bhí eolas á chur ar na sonraí. Molann King agus Brooks (2017) gur chóir na cóid sin a chur i bhfeidhm ar fho-thacar sonraí sula ndéanfaí foirmeálta iad agus sula gcuirfí i bhfeidhm iad ar an tacar sonraí ina iomláine. Baineadh úsáid as an gcéad tacar miontuairisicí a bhain le gach foghrúpa chun na cóid sin a ghiniúint. Aistríodh na haonaid chuí ó na miontuairiscí go tiomántán criptithe, áit ar coinníodh taifead de na haonaid sonraí ar fad ar tugadh códainm áirithe dóibh.
3. **Braisliú:** Tugadh le chéile na cóid a raibh baint acu lena chéile ar bhonn coincheapúil agus eagraíodh ar bhonn ordlathach iad. Cuirtear i láthair iad faoi na príomh-cheannteidil seo a leanas, den chuid is mó: *dearcthaí i leith na Gaeilge*, *úsáid na Gaeilge* agus *teagasc, foghlaim agus measúnú na Gaeilge*, ach tagann fo-cheannteidil éagsúla chun cinn sna foghrúpaí éagsúla.
4. **Teimpléad códaithe a chur le chéile:** Nuair a cuireadh na cóid i bhfeidhm ar na sonraí a bhain le réimse foghrúpaí rannpháirtithe, socraíodh ar mhórtheimpléad códaithe.
5. **An teimpléad a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt:** Is éard a bhí sa teimpléad tosaigh ná sraith de chóid/téamaí a raibh baint acu le chéile a d'úsáid na príomhthaighdeoirí chun anailís a dhéanamh ar thras-scríbhinní nua. Tugadh cóid nua isteach sa phróiseas a bhain leis an anailís nuair ba ghá.
6. **An léirmhíniú deireanach:** Úsáideadh an tacar sonraí lánchódaithe chun tuarascáil insinte a ghiniúint inar tugadh tuairisc ar na téamaí deireanacha agus ar na fothéamaí deireanacha.

Comhroinneadh dréacht-tuarascáil leis an bhfoireann taighde ina hiomláine (na cláraitheoirí san áireamh) le cinntiú go raibh cuntas tomhaiste agus ionadaíoch inti ar an bplé a rinne na foghrúpaí/rannpháirtithe éagsúla. Bhí sé tábhachtach é sin a dhéanamh ionas go ndearbhódh na cláraitheoirí éagsúla cruinneas na tuarascála.

Srianta an taighde

De réir mar a bhaineann le giniúint sonraí ar bith – agus le comhairliúcháin phoiblí, go deimhin – tá sé tábhachtach cuimhneamh ar na srianta a bhaineann leis an modheolaíocht thuasluaite. Seo thíos roinnt de na srianta ba mhó a bhain leis an taighde:

- Cé gur ghlac go leor daoine aonair páirt sna fócasghrúpaí (*N*=404), agus gur bhain na daoine sin le réimse comhthéacsanna, cúlraí agus grúpaí rannpháirtithe éagsúla, ní féidir a bheith cinnte de nach raibh tionchar ar an taighde ag an gclaonadh a bhaineann le féinroghnú, i.e. tá seans ann nach léiríonn tuairimí na rannpháirtithe a roghnaigh páirt a ghlacadh sa taighde tuairimí na ndaoine nach raibh páirteach ann. Chun é sin a rá ar bhealach eile, ní féidir na tuairimí a léirítear sa tuarascáil seo a ghinearálú i dtaca le pobal uile na múinteoirí, na múinteoirí faoi oiliúint, na scoláirí, na dtuismitheoirí ná na bpríomhoidí sna scoileanna meán-Bhéarla.
- Cé gur ghlac na taighdeoirí ar fad a bhí ar an bhfoireann taighde nótaí cuimsitheacha agus cé gur thug siad faoin anailís agus faoin gcros-seiceáil le dua, caitear ciall a bhaint as an taighde cáilíochtúil ar bhealach nach mbíonn i gceist le staidéar cainníochtúil.

Comhairliúchán le pobail scoile (BEACONS)

Is éard atá i gceist le BEACONS[1] (*Bringing Education Alive for Communities on a National Scale*) ná múnla comhairliúcháin ar leith ina dtagann grúpaí iomadúla rannpháirtithe a bhaineann leis an bpobal scoile céanna le chéile chun ceist áirithe a phlé. Tá sé mar aidhm aige tacú leis na rannpháirtithe chun tuairimí éagsúla a chomhroinnt, agus comhthuiscintí a fhorbairt lena linn sin. Reáchtáladh dhá ócáid BEACONS i Luimneach mar chuid den chomhairliúchán. Bhí páistí, tuismitheoirí/caomhnóirí agus múinteoirí ó chúig *bhunscoil* páirteach i gceann amháin de na hócáidí sin; bhí daoine óga, tuismitheoirí/caomhnóirí agus múinteoirí ó chúig *iar-bhunscoil* páirteach sa cheann eile. Ba é Coláiste Ealaíne Bhoirne, i gcomhar le hIonad Oideachais Luimnigh agus AGSMB sa ROÓ a bhí freagrach as na hócáidí sin a reáchtáil agus a éascú. Bhí cláraitheoirí ó SEALBHÚ i láthair le linn an dá ócáid chun sonraí ó na comhráití a bhailiú. 60 rannpháirtí bunscoile agus 60 rannpháirtí iar-bhunscoile san iomlán a chuir a gcuid tuairimí in iúl gach lá.

Seo thíos an t-ord reatha don dá lá:

BLOC A hAON

Scríobh na rannpháirtithe focal ar chártaí (ceachtar den dá theanga) – rud a thagann aníos agus muid ag smaoineamh ar an taithí atá againn ar theagasc agus foghlaim na Gaeilge nó focal ba mhaith linn a bheith mar chuid den phlé inniu.

- Na rannpháirtithe ag insint faoin rud is tábhachtaí a bhaineann leis an taithí atá acu féin.
- Aiseolas iomlánach
- Gníomhaíocht 'bealach chun tosaigh'– níos mó 'x' (eispéiris ba chóir a chur chun cinn), níos lú 'y' (eispéiris ba chóir a sheachaint)

BLOC A DÓ

- Achoimre iomlánach ar an ngníomhaíocht a bhain le níos mó 'x', níos lú 'y' – aird a thabhairt ar na dúshláin a luaitear
- Scéalta dearfacha faoi theagasc/fhoghlaim na Gaeilge a roinnt
- Aiseolas iomlánach

[1] Féach: https://burrenresource.ie/strands/beacons-oecd-pilot/

- Na gnéithe comhchoiteanna a bhaineann leis na boird éagsúla ('croí' nó bunús (*essence*) na n-eispéireas dearfacha)
- Smaointe a ghiniúint maidir le bealaí a bhféadfaí na gnéithe sin a chur chun cinn níos minice
- Machnamh a dhéanamh air seo: céard ba chóir a dhéanamh ionas go mbeidh níos mó de na heispéiris dhearfacha sin ann?
- Aiseolas iomlánach

BLOC A TRÍ

- Achoimre iomlánach ar an bplé go dtí sin
- Topaicí éagsúla le plé ag na boird éagsúla; bunaíodh na topaicí sin ar thopaicí ar chóir breis plé a dhéanamh orthu, de réir na rannpháirtithe
- Comhrá ar siúl de réir na ngrúpaí scoile:
    - Céard a d'fhoghlaim tú inniu?
    - Trí rud phraiticiúla, ar a laghad, a d'fhéadfaimis a dhéanamh sa scoil s'againne
    - Trí phríomhtheachtaireacht, ar a laghad, ba mhaith linn a thabhairt do dhaoine nach bhfuil anseo ach a bhfuil suim acu san ábhar seo
- Ráiteas clabhsúir

Nuair a bhí gach bloc thart, tháinig na boird ar ais le chéile arís le cinntiú go mbeadh na tuairimí á roinnt laistigh de na scoileanna agus idir na scoileanna.

Ba iad na sonraí a bhain leis an ócáid sin ná (i) na taifid i scríbhinn ar na comhráití/moltaí agus (ii) grianghraif de na príomhmholtaí a bhí ar na smeach-chairteacha ag na boird éagsúla. Úsáideadh modh ar a dtugtar Anailís Teimpléid, ar tugadh achoimre air cheana, chun anailís a dhéanamh ar na sonraí. Cuirtear na torthaí a bhaineann leis na hócáidí BEACONS i láthair astu féin i mír ar leith den tuarascáil seo.

Na torthaí

Sa chuid seo den tuarascáil, cuirtear na torthaí in iúl de réir na hearnála lena mbaineann siad (earnáil na bunscoile agus earnáil na hiar-bhunscoile). Déantar iniúchadh ar dhearcthaí na rannpháirtithe i leith theagasc agus foghlaim na Gaeilge, ar an úsáid a bhaineann siad as an nGaeilge, agus ar a dtuairimí i leith gnéithe dearfacha agus gnéithe dúshlánacha den chleachtas ranga agus de na heispéiris teanga a bhí acu féin. Déantar iniúchadh ar chúinsí lasmuigh den scoil freisin, agus léirítear go mbíonn foghlaim na teanga fréamhaithe i gcomhthéacs áirithe agus gur próiseas iomlánaíoch atá inti. Cuirtear na moltaí a tháinig chun cinn i ngach tacar fócasghrúpaí i láthair. Mar sin féin, ní mór a thabhairt faoi deara go bhfuil seans ann nach mbaineann roinnt de na moltaí a rinne na rannpháirtithe le téarmaí tagartha an chomhairliúcháin seo a bhfuil sé d'aidhm aige plean gnímh dhá bhliain a chur le chéile don Ghaeilge. Chomh maith leis sin, ní mór don léitheoir cuimhneamh gur sonraí féintuairiscithe atá i gceist agus go mbaineann srianta leo. Is é sin le rá go mbaineann na sonraí seo le tuairimí na rannpháirtithe maidir le cleachtas a bhfuil ag éirí go maith leis (i gcás na múinteoirí), nó gníomhaíochtaí a bhfuil siad ag baint sult astu faoi láthair (i gcás na bpáistí/na dtuismitheoirí). Cé go raibh sampla mór i gceist san iomlán (*N*=404, fócasghrúpaí), agus gur líon mór é sin do staidéar cáilíochtúil ar bith, ní féidir ginearálú a dhéanamh ar na torthaí sin i dtaca le gach uile chomhthéacs ná le gach uile sheomra ranga.

Fócasghrupaí ag leibhéal na bunscoile

Cuirtear i láthair sa mhír seo na príomhthorthaí a bhaineann leis na rannpháirtithe a bhfuil baint acu le teagasc agus foghlaim na Gaeilge sna bunscoileanna. Déantar na torthaí a thuairisciú de réir gach ceann de na cúig fhoghrúpa seo: (i) fócasghrúpaí le páistí (*n*=65); (ii) fócasghrúpaí le múinteoirí (*n*=38); (iii) fócasghrúpaí le príomhoidí (*n*=17); (iv) fócasghrúpaí le tuismitheoirí (*n*=25) agus (v) fócasghrúpaí le múinteoirí faoi oiliúint (*n*=24). Ar an mórgóir, cuirtear na torthaí in iúl de réir na gceannteideal leathan dearcthaí agus úsáid, agus ina dhiaidh sin de réir gnéithe dearfacha agus gnéithe dúshlánacha de theagasc, foghlaim agus measúnú na Gaeilge. Cuirtear na moltaí a rinne gach foghrúpa i láthair freisin.

Reachtáladh mórchuid na bhfócasghrúpaí trí mheán an Bhéarla, agus mar sin tá ráitis na rannpháirtithe curtha i láthair i mBéarla. Tá aistriúchán Gaeilge de na ráitis Bhéarla curtha ar fáil don léitheoir anseo chun teacht le teanga na tuarascála. Nuair is ráiteas Béarla é atá aistrithe go Gaeilge, cuirtear an dá leagan taobh le taobh, leis an leagan Gaeilge ag leanúint an ráitis i mBéarla.

Páistí bunscoile

Bhain tábhacht ar leith le tuiscint a fháil ar dhearcthaí na bpáistí le linn an chomhairliúcháin (Lundy, 2007; RO, 2024). Páistí idir deich mbliana d'aois agus dhá bhliain déag d'aois, ó rang a ceathair go rang a sé, a ghlac páirt. Bhí siad uilig ag freastal ar scoileanna eagsúla meán-Bhéarla. San iomlán, ghlac 65 páiste páirt i gcúig fhócasghrúpa; is sa scoil a tionóladh na fócasghrúpaí ar fad. Bhí teanga bhaile eile seachas Gaeilge nó Béarla ag roinnt de na páistí a ghlac páirt sna fócasghrúpaí. Ar dtús, léirítear tuairimí na bpáistí maidir leis an tábhacht a bhaineann le foghlaim na Gaeilge agus breathnaítear ansin ar úsáid na Gaeilge lasmuigh den scoil dóibh. Pléitear cúinsí ionscoile a bhaineann le teagasc, foghlaim agus measúnú na Gaeilge. Léirítear na heispéiris a thacaíonn le dearcthaí dearfacha a chothú agus a thacaíonn le húsáid na teanga a mhéadú. Tugtar aghaidh ar na dúshláin ansin. Cuirtear moltaí na bpáistí i láthair ag deireadh na coda seo.

Dearcthaí i leith na Gaeilge

Ar an iomlán, bhí na páistí sna fócasghrúpaí éagsúla go láidir i bhfabhar fhoghlaim na Gaeilge, ar chúiseanna éagsúla. Ba iad cultúr, féiniúlacht agus oidhreacht na cúiseanna a luadh maidir le foghlaim na Gaeilge. Chuir na páistí in iúl go raibh sé tábhachtach an Ghaeilge a fhoghlaim toisc gurb í an Ghaeilge teanga dhúchais na tíre seo: "*It's the country's language. We are in Ireland. It can't die out.*"(PBS-A) (*"Is í Gaeilge teanga na tíre seo í. Táimid in Éirinn. Ní ceart ligean di dul i léig").* Chuir na páistí in iúl go raibh sé tábhachtach an teanga a choinneáil beo agus chuir cuid acu in iúl gur thuig siad gurb í an Ghaeilge an teanga laethúil a labhraítear in áiteanna áirithe sa tír. Dhírigh roinnt páistí aird ar an tábhacht a bhaineann leis an nGaeilge a chur ar aghaidh chuig an gcéad ghlúin eile ionas go bhfanfaidh an teanga beo. Tháinig sé chun cinn go láidir go gceapann go leor páistí go bhfuil baint idir foghlaim na Gaeilge agus a bheith i d'Éireannach agus/nó a bheith i do chónaí in Éirinn. Dúirt páistí áirithe nach buntáistí cultúrtha amhain a bhaineann le foghlaim na Gaeilge mar theanga bhreise ach go bhfuil buntáistí cognaíocha ag baint léi freisin: *"Yes because it might challenge your brain and keep your mental health good"* (PBS-D) (*"Is ea, mar d'fhéadfadh sí dúshlán a chur roimh d'inchinn agus do mheabhairshláinte a choinneáil go maith"*). Thuig na páistí freisin go mbaineann buntáistí áirithe le foghlaim na Gaeilge mar gheall ar na deiseanna fostaíochta a bhaineann le gairmeacha beatha áirithe, amhail an mhúinteoireacht. Mheas páistí áirithe go raibh sé tábhachtach an Ghaeilge a fhoghlaim sa bhunscoil chun tacú le foghlaim na Gaeilge san iar-bhunscoil amach anseo. Mheas formhór na bpáistí go raibh sé tábhachtach an Ghaeilge a fhoghlaim agus theastaigh uathu a bheith in ann an Ghaeilge a labhairt. Bhí siad ar fad ar aon

intinn faoi sin, a bheag nó a mhór, ach tháinig dúshláin chun solais maidir le heispéiris na bpáistí agus iad ag foghlaim na Gaeilge ar scoil.

An úsáid a bhaineann na páistí as an nGaeilge lasmuigh den scoil

Is beag teagmháil leis an nGaeilge a bhí ag formhór na bpáistí lasmuigh den scoil. Mar sin féin, nuair a bhí an teagmháil sin acu leis an nGaeilge, cuireadh leis na dearcthaí dearfacha a bhí acu ina leith. Mar shampla, in dhá scoil ar leith, d'fhreastail na páistí ar chlub Gaeilge arb í an Ghaeilge an teanga chumarsáide a úsáideadh ann. Bhí dea-thionchar mór aige sin orthu, mar gur ghlac siad páirt i ngnáthghníomhaíochtaí taitneamhacha – amhail amhránaíocht, siopadóireacht agus píotsa a fháil – agus é sin ar fad trí mheán na Gaeilge. Mar a chuir páiste amháin in iúl: "*I also go to the same club as her. I find it good. It gives me a grá for Irish"* (PBS-D) (*"Táimid beirt sa chlub céanna. Measaim féin go bhfuil sé go maith. Cothaíonn sé grá ionam don Ghaeilge"*). Chuir na páistí in iúl go n-úsáideann siad an Ghaeilge nuair a chabhraíonn siad le siblíní óga chun a gcuid obair bhaile a dhéanamh agus go múineann siad roinnt focal Gaeilge do thuismitheoirí nach bhfuil Gaeilge acu. Bhí páistí áirithe ag freastal ar ranganna ina múintí ceol Gaelach agus ar ranganna rince ina mbíodh roinnt Gaeilge in úsáid, agus thaitin sé sin leo: *"I like Irish because I play the concertina, and I learn a lot of Irish tunes"* (PBS-F) (*"Is maith liom an Ghaeilge mar seinnim an consairtín agus foghlaimím go leor foinn Ghaelacha"*). Cé go raibh formhór mór na bpáistí i bhfabhar fhoghlaim na Gaeilge, chuir sé isteach ar dhearcthaí páistí áirithe nach raibh deiseanna ar fáil lasmuigh den scoil chun an Ghaeilge a úsáid: *"I just don't think it will be that important in my life"*(PBS-C) ("*Is é an rud atá ann ná nach gceapaim go mbeidh sí ina cuid thábhachtach de mo shaol"*). Is fiú a lua gur minic gur smaoinigh siad ar an nGaeilge mar ábhar scoile seachas mar theanga a d'fhéadfaí úsáid a bhaint aisti lasmuigh den scoil.

Tuairimí na bpáistí faoi ghnéithe dearfacha de theagasc, foghlaim agus measúnú na Gaeilge

Is féidir trí phríomh-fhothéama a bhaineann le gnéithe dearfacha de theagasc, foghlaim agus measúnú na Gaeilge a d'aimsigh na páistí a aithint: (i) cuir chuige ghníomhacha, (ii) an Ghaeilge a úsáid lasmuigh den cheacht foirmiúil, (iii) ról an mhúinteora.

Cuir chuige ghníomhacha

Chuir páistí i ngach fócasghrúpa in iúl gur thaitin sé leo a bheith ag canadh amhrán, ag foghlaim dánta agus ag imirt cluichí trí Ghaeilge. Cheap siad gur bealaí spraiúla agus tarraingteacha ab ea iad chun an teanga a úsáid: *"I like the way that teachers come up with good games for Irish."* (PBS-C) ("*Is breá liom an chaoi a smaoiníonn na múinteoirí ar chluichí maithe don Ghaeilge"*). Bhí go leor de na cluichí a luaigh na páistí bunaithe ar rudaí a chur de

ghlanmheabhair agus ar stór focal a bhain le téamaí faoi leith. Ina measc siúd bhí cluichí amhail biongó, Deir Ó Grádaigh, leadóg focal, agus an madra rua agus an ghé — agus thaitin na cluichí sin ar fad leo. Nuair a bhí deiseanna ag na páistí páirt a ghlacadh sa rólimirt nó sa drámaíocht, chuir sé sin le dearcthaí dearfacha i leith na Gaeilge agus le húsáid na teanga: "*Speaking is more practical, it is easier to speak than read or write"* (PBS-A) ("*Tá an chaint níos praiticiúla, tá sé níos éasca í a labhairt ná a bheith ag léamh nó ag scríobh"*). Bhí baint ag na cuimhní dearfacha a bhí acu ar na ranganna sóisearacha le cluichí, amhráin, drámaíocht agus rólimirt inar úsáideadh an teanga ar bhealach spraíúil. Baineadh úsáid as an teicneolaíocht freisin chun cluichí teanga a imirt i mionlach de na scoileanna (m.sh. Kahoot), agus thaitin sé sin leis na páistí ar an gcaoi chéanna. Ina theannta sin, chuir roinnt páistí in iúl go dtaitníonn sé leo a bheith ag foghlaim focal nua a bhaineann le téamaí Gaeilge agus go dtaitníonn fuaimeanna na teanga leo: "*When I was in fifth class I heard the word 'luas lasrach'. I can really remember this."*(PBS-C) (*"Nuair a bhí mé i rang a cúig, chuala mé an focal 'luas lasrach'. Is cuimhin liom go maith é").* Ar an iomlán, bhí an chosúlacht ar an scéal gur bhain na páistí idir thaitneamh agus sásamh as deiseanna a dhírigh go príomha ar *labhairt* na Gaeilge.

Ag leathnú úsáid na Gaeilge lasmuigh den cheacht foirmiúil

Cuireadh le dearcthaí dearfacha i leith na Gaeilge agus le húsáid na Gaeilge nuair a bhí an Ghaeilge in úsáid ar bhonn neamhfhoirmiúil – le haghaidh beannachtaí, chun ceisteanna a chur agus chun rudaí beaga a rá sa rang. Bhí ceann de na scoileanna páirteach sa scéim Gaelbhratach agus cheap siadsan go raibh difríocht mhór á déanamh aige sin mar go raibh gach ball de phobal na scoile ag díriú aird ar bhunfhrásaí faoi leith a úsáid gach seachtain: "*We do like the phrase of the week and we each get a turn on the intercom calling out the Irish phrase - people just say the phrase when they meet each other in the hall - use it when they can - instead of 'enjoy your day' - bain taineamh as - siúil ar chlé"* (PBS-D) ("*Is breá linn frása na seachtaine agus bíonn seans ag gach duine an frása Gaeilge a rá ar an idirchum – deir daoine an frása nuair a chasann siad ar a chéile sa dorchla – úsáideann siad é nuair is féidir leo – in ionad 'enjoy your day' – bain taitneamh as – siúil ar chlé*"). Nuair a bhí an scoil páirteach sa scéim Gaelbhratach, bhí deis ag na páistí díriú ar an nGaeilge agus baint a bheith acu le plean a chur le chéile chun cur le húsáid na Gaeilge ar bhonn scoile uile. Mheas na páistí go raibh níos mó Gaeilge in úsáid acu ar scoil toisc iad a bheith páirteach sa scéim Gaelbhratach. Baineadh úsáid as córais luaíochta i scoileanna áirithe chun úsáid na Gaeilge ar bhonn neamhfhoirmiúil a spreagadh (m.sh. ticéid, pointí, Gaeilgeoir na Seachtaine) agus thaitin sé sin leis na páistí. Mheas na páistí freisin gur deis mhaith í Seachtain na Gaeilge chun an Ghaeilge a úsáid ar bhealach níos spraíúla agus chun páirt a ghlacadh i réimse gníomhaíochtaí trí Ghaeilge ar bhonn scoile uile.

Ról an mhúinteora

Thuairiscigh na páistí gurbh iad na múinteoirí an tacaíocht ba mhó a bhí acu maidir le foghlaim na Gaeilge agus gur chabhraigh siad leo trí úsáid a bhaint as straitéisí teagaisc (m.sh. conas focail a bhriseadh síos), trí fhuaimniú a mhúnlú dóibh agus trí rudaí a raibh deacrachtaí acu leo a mhíniú dóibh. De réir chuntais na bpáistí, is cosúil go n-aistríonn múinteoirí ó Ghaeilge go Béarla sa chuid is mó de na scoileanna. Chuir na páistí in iúl go gcabhraíonn sé sin leo rudaí a thuiscint.

Tuairimí na bpáistí: Dúshláin a bhaineann le teagasc, foghlaim agus measúnú na Gaeilge

Is féidir dúshláin a aimsiú a bhaineann le ceithre phríomh-fhothéama: (i) léitheoireacht agus scríbhneoireacht atá bunaithe ar an téacsleabhar; (ii) gramadach agus litriú; (iii) dul chun cinn sa Ghaeilge agus (iv) ionchuimsiú.

Léitheoireacht agus scríbhneoireacht atá bunaithe ar an téacsleabhar

Ar an mórgóir, thuairiscigh na páistí go mbíonn an léitheoireacht agus an scríbhneoireacht bunaithe ar an téacsleabhar sna meánranganna agus sna ranganna sinsearacha agus nach dtaitníonn sé sin leo. Bhí deacrachtaí ag páistí áirithe leis an léitheoireacht mar ní raibh siad cinnte conas focail Ghaeilge a dhíchódú ná a fhuaimniú. Mheas siad go raibh sé leadránach agus deacair a bheith ag freagairt ceisteanna sa téacsleabhar agus go raibh go leor den athrá i gceist san obair sin: "*The questions are designed so you can just copy the lines out into your copy*" (PBS-E) ("*Ní bhíonn ort ach na línte a chóipeáil isteach i do chóipleabhar mar sin í an chaoi a gcuirtear na ceisteanna*"); *"I hate so much writing in the books"*(PBS-C) ("*Tá an ghráin agam ar a bheith ag scríobh sna leabhair chomh minic sin"*). De réir na bpáistí, níor úsáideadh an teicneolaíocht ach go hannamh chun tacú le teagasc agus foghlaim na Gaeilge ar scoil. Bhí foghlaim na Gaeilge ón téacsleabhar ina cuid lárnach den fhoghlaim sna meánranganna agus sna ranganna sinsearacha. Ar an iomlán, níor thaitin sé sin leis na páistí; ba mhór an difríocht idir é sin agus na dearcthaí dearfacha a bhí acu i leith na gcur chuige idirghníomhacha a bhíodh in úsáid sách minic sna ranganna sóisearacha.

Gramadach agus litriú

Thuairiscigh na páistí chomh maith go mbíonn sé deacair rialacha gramadaí na Gaeilge a thuiscint agus go mbíonn sé deacair cuimhneamh ar na rialacha sin. B'fhéidir gur cur chuige atá téacsleabharbhunaithe i leith theagasc na gramadaí ba chúis leis sin, mar aon le líon teoranta deiseanna chun na struchtúir ghramadaí a úsáid i gcomhthéacs bríoch. Thug na páistí le fios nach dtaitníonn an litriú ná na scrúduithe litrithe leo agus go mbíonn strus ag baint leo.

Measadh go raibh sé thar a bheith deacair ar pháistí áirithe litriú a fhoghlaim de ghlanmheabhair: "*Tests are very stressful.*" (PBS-E) ("*Tá go leor struis ag baint leis na scrúduithe").* De réir cosúlachta, i gcásanna áirithe, bhí páistí ag foghlaim litrithe nach mbeadh siad in ann a úsáid i gcomhthéacs.

Dul chun cinn sa Ghaeilge

Chuir páistí áirithe sna ranganna sinsearacha in iúl go raibh sé ina ábhar díomá agus frustrachais acu nach raibh caighdeán níos airde bainte amach acu sa Ghaeilge agus nach raibh go leor dul chun cinn á dhéanamh acu chun an Ghaeilge a labhairt go muiníneach. Bhí baint aige sin leis an easpa deiseanna a bhí ann chun an Ghaeilge a úsáid ar scoil agus lasmuigh den scoil agus leis an mbéim mhór a chuirtear ar chur chuige téacsleabharbhunaithe: *"Not enough time is spent using Irish. We should be a lot further with Irish than we are"* (PBS-B)("*Ní chaitear go leor ama ar a bheith ag úsáid na Gaeilge. Ba chóir go mbeimis i bhfad níos fearr ag an nGaeilge ná mar atáimid").* De réir na bpáistí, is cosúil nach mbíonn an Ghaeilge á teagasc gach lá, i gcásanna áirithe: "*I'd say that, my class, we don't do Irish every single day. We do three days - people always forget about Irish - they forget it."* (PBS-C) *("Déarfainn nach ndéanann mo rangsa Gaeilge gach uile lá. Déanaimid trí lá sa tseachtain í – déanann daoine dearmad ar an nGaeilge i gcónaí – déanann siad dearmad uirthi.")*

Chuir páistí áirithe in iúl go mbíonn go leor den athrá i gceist le ceachtanna a bhaineann le léitheoireacht agus scríbhneoireacht atá bunaithe ar an téacsleabhar agus nach gcabhraíonn an cineál sin cur chuige leo chun a gcuid Gaeilge labhartha a fhorbairt: "*We do the same thing all the time. We just read and then answer questions."* (PBS-B) ("*Is é an rud ceannann céanna a bhíonn ar siúl againn an t-am ar fad. Bímid ag léamh agus ansin freagraímid na ceisteanna"*). Chuir roinnt páistí in iúl gur mhó an sult a bhain siad as foghlaim na Gaeilge sna ranganna sóisearacha. Thug na páistí le fios go raibh níos mó éagsúlachta ag teastáil, mar aon le breis leanúnachais agus breis dul chun cinn, chun tacú leo chun an Ghaeilge a fhoghlaim agus chun an teanga a labhairt: "*I would prefer speaking Irish like in a conversation"* (PBS-B) ("*B'fhearr liom a bheith ag labhairt Gaeilge i gcomhrá").* Chuir líon beag páistí in iúl go raibh siad buartha nach mbeadh caighdeán sásúil Gaeilge acu agus iad ag aistriú go dtí an iar-bhunscoil: "*I saw the homework for secondary school from my brother - it's a big jump - I feel I'm not ready"* (PBS-C) ("*Chonaic mé an obair bhaile iar-bhunscoile a bhíonn le déanamh ag mo dheartháir – is mór an t-athrú ar an obair é – ní dóigh liom go bhfuilimse réidh dó").*

Ionchuimsiú

Chuir roinnt páistí in iúl nach gcuirtear tacaíocht foghlama ar fáil don Ghaeilge, murab ionann is an Béarla agus an Mhatamaitic. Mheas na páistí go raibh sé sin dúshlánach dóibh mar cé nach raibh an caighdeán céanna Gaeilge acu go léir, ní raibh aon tacaíocht bhreise á tabhairt dóibh ar scoil. B'fhíor sin go háirithe sa chás inar tháinig páistí chun na scoile sna ranganna sinsearacha agus nuair nach raibh aon Ghaeilge acu roimhe sin. Moladh go rachadh sé chun sochair don Ghaeilge dá gcuirfí tacaíocht foghlama don Ghaeilge ar fáil agus dá dtabharfaí tacaíocht do pháistí i ngrúpaí beaga de réir mar a dhéantar don Bhéarla agus don Mhatamaitic: "*One thing I noticed from my teacher in fifth class is if a child doesn't understand she'll give them extra help - maybe teachers could do this for Gaeilge - instead of just standing and walking around to different students - they could just take all the children who find Irish difficult in a group*" (PBS-C). ("*Rud amháin a thug mé faoi deara maidir leis an múinteoir i rang a cúig ná go dtugann sí cabhair bhreise do pháiste mura dtuigeann siad rud éigin – b'fhéidir go bhféadfadh na múinteoirí é sin a dhéanamh ó thaobh na Gaeilge de – seachas a bheith ag seasamh ansin nó ag siúl ó scoláire go scoláire – d'fhéadfaidís na páistí ar fad a bhfuil deacrachtaí acu leis an nGaeilge a thógáil le chéile in aon ghrúpa amháin*").

Moltaí na bpáistí

Cuir níos mó béime ar labhairt na teanga seachas a bheith ag úsáid an téacsleabhair

Thug na páistí le fios gur ghá níos mó deiseanna labhartha teanga a thabhairt dóibh agus gur chóir níos lú ama a chaitheamh ar an léitheoireacht agus ar an scríbhneoireacht a bhaineann leis an téacsleabhar.

Bain níos mó úsáide as cuir chuige ghníomhacha

Mhol na páistí gur chóir béim níos mó a chur ar chuir chuige idirghníomhacha - cluichí, amhráin, rólimirt, drámaíocht agus gníomhaíochtaí praiticiúla trí Ghaeilge – chun tacú leis an bhfoghlaim.

Bain úsáid as an nGaeilge lasmuigh den cheacht Gaeilge agus cuir córas luaíochta i bhfeidhm

Chuir na páistí in iúl gur chóir an Ghaeilge a úsáid lasmuigh den rang Gaeilge i rith an lae agus ar bhonn scoile uile. Mhol páistí áirithe go bhféadfaí leas a bhaint as córas luaíochta chun úsáid na Gaeilge a spreagadh ar bhonn scoile uile.

Cuir tacaíocht foghlama ar fáil don Ghaeilge

Mhol cuid de na páistí gur chóir tacaíocht foghlama a chur ar fáil do pháistí de réir mar a dhéantar don Bhéarla agus don Mhatamaitic. Bhainfeadh páistí a bhfuil caighdeáin éagsúla

Gaeilge acu tairbhe as tacaíocht foghlama. Thug siad le fios go raibh gá ar leith ann tacaíocht bhreise a thabhairt do pháistí a thagann chun na scoile sna meánranganna nó sna ranganna sinsearacha agus a bhfuil foghlaim na Gaeilge nua dóibh.

Bain úsáid as an teicneolaíocht chun tacú le foghlaim na Gaeilge

Mhol páistí sna fócasghrúpaí go léir go bhféadfaí leas a bhaint as an teicneolaíocht chun tacú le foghlaim na Gaeilge. Bhí Duolingo in úsáid ag páistí áirithe chun teangacha eile a fhoghlaim agus bhain siad leas as an teicneolaíocht sna hábhair eile. Mhol siad úsáid a bhaint as cluichí digiteacha; aipeanna foghlama teanga amhail Duolingo; uirlisí aistriúcháin; agus suíomhanna gréasáin Gaeilge agus mhol siad freisin go mbeadh acmhainní digiteacha acu chun tacú leo san obair bhaile.

Foghlaim faoi struchtúr na teanga

Chuir páistí áirithe in iúl gur mhaith leo tuiscint níos fearr a fháil ar struchtúr na teanga agus ar an gcaoi a n-oibríonn gramadach na Gaeilge i gcomparáid le gramadach na dteangacha eile.

Bunaigh naisc idir an Ghaeilge sa bhunscoil agus an Ghaeilge san iar-bhunscoil

Chuir páistí áirithe in iúl gur mhaith leo nasc a fheiceáil idir foghlaim na Gaeilge ag leibhéal na bunscoile agus foghlaim na Gaeilge ag leibhéal na hiar-bhunscoile agus gur theastaigh uathu a bheith réidh don iar-bhunscoil ó thaobh chaighdeán na Gaeilge de.

Déan ábhair eile a theagasc trí Ghaeilge

Mhol na páistí an Ghaeilge a úsáid sna hábhair eile amhail Corpoideachas, Matamaitic, Ceol, Stair agus gníomhaíochtaí amuigh faoin aer. Chuirfeadh sé sin deiseanna ar fáil dóibh an Ghaeilge a úsáid ar bhonn gníomhach; chruthódh sé comhthéacs d'úsáid na Gaeilge agus ligfeadh sé dóibh úsáid bhríoch a bhaint as an teanga.

Cuir breis deiseanna ar fáil chun an Ghaeilge a úsáid lasmuigh den scoil

Mhol páistí áirithe go mbeadh sé ina chuidiú dá mbeadh tacaíocht ar fáil do na tuismitheoirí chun an Ghaeilge a úsáid sa bhaile agus dá mbeadh an Ghaeilge in úsáid níos mó sa phobal lasmuigh den scoil, m.sh., sna siopaí. Chruthódh sé seo comhthéacs agus inspreagadh ní ba mhó d'fhoghlaim na Gaeilge.

Múinteoirí bunscoile

Cuirtear torthaí fhócasghrúpaí na múinteoirí bunscoile (*n*=38) i láthair anseo. Bailíodh na sonraí ag fócasghrúpa aghaidh ar aghaidh amháin agus ag trí fhócasghrúpa ar líne. Bhí na múinteoirí a ghlac páirt sna fócasghrúpaí ag teagasc i réimse leathan bunscoileanna meán-

Bhéarla i gcomhthéacsanna éagsúla ar fud na tíre. Bhí réimse de bhlianta taithí teagaisc acu, le múinteoirí nuacháilithe agus múinteoirí a raibh taithí na mblianta acu san áireamh. Ar dtús, déantar machnamh ar dhearcthaí i leith na Gaeilge agus ar úsáid na Gaeilge lasmuigh den scoil. Cuirtear gnéithe dearfacha a bhaineann le teagasc, foghlaim agus measúnú na Gaeilge i láthair ansin agus déantar plé ina dhiaidh sin ar na dúshláin a tháinig chun solais. Cuirtear moltaí na múinteoirí i láthair ag deireadh na coda seo.

Dearcthaí i leith na Gaeilge

Ar an mórgóir, bhí dearcthaí dearfacha i leith na Gaeilge ag na múinteoirí a ghlac páirt sna fócasghrúpaí. Chuir go leor acu in iúl go raibh grá pearsanta acu don teanga agus go mbaineann siad sult as teagasc na teanga. Mheas na múinteoirí go raibh tábhacht ar leith ag baint le foghlaim na Gaeilge ar chúiseanna cultúrtha agus stairiúla. Anuas air sin, chuir siad in iúl go gcabhraíonn foghlaim na Gaeilge leis na páistí chun feasacht teanga agus scileanna foghlama teanga i gcoitinne a fhorbairt a thacódh leo chun teangacha eile a fhoghlaim. Maidir le fís don Ghaeilge, chuir na múinteoirí in iúl gur mhaith leo go mbeadh sé de chumas ag na páistí an Ghaeilge a labhairt go muiníneach agus go hinniúil agus go mbainfidís sult as bheith ag foghlaim agus ag úsáid na teanga: "*Being able to hold a conversation is the primary goal of any language"* (MBS-C) ("*Is í an phríomhaidhm atá le teanga ar bith ná a bheith in ann comhrá a bheith agat le duine eile"*); "*You want kids to enjoy it, to use it. It has to be more than 'Seachtain na Gaeilge'* (MBS-B) ("*Teastaíonn uait go mbainfidh na páistí sult aisti, go n-úsáidfidh siad í. Caithfidh go mbeidh níos mó i gceist léi ná 'Seachtain na Gaeilge*'"). Thuig na múinteoirí go raibh deacrachtaí ann maidir le dearcthaí na bpáistí i leith fhoghlaim na Gaeilge sna meán/ardranganna sa bhunscoil. Cheangail siad na deacrachtaí sin le heaspa deiseanna chun an teanga a úsáid ar bhonn gníomhach, le róspleáchas ar théacsleabhair mar mhodh teagaisc agus le heaspa cumas cumarsáide sa Ghaeilge. Is fiú a lua gur thug na múinteoirí faoi deara go mbíonn dearcthaí sách dearfach i leith na Gaeilge ag páistí a bhfuil cúlraí ilteangacha acu agus go n-éiríonn go maith leis na páistí sin, de ghnáth, ó thaobh fhoghlaim a Gaeilge de: "*They don't have the hang ups, they are making language connections straight away. Their language acquisition skills are more in tune."* (MBS-C) ("*Ní chuireann sí [an Ghaeilge] isteach orthu sa chaoi chéanna, déanann siad naisc idir na teangacha láithreach. Bíonn a gcuid scileanna sealbhaithe teanga níos fearr").*

Thuig na múinteoirí go bhfuil ról tábhachtach acu maidir le dearcthaí dearfacha i leith na Gaeilge a chothú sna páistí. Mar sin féin, tharraing siad aird ar an tábhacht a bhaineann le dearcthaí na dtuismitheoirí i leith na Gaeilge agus le ról a gcuid piaraí níos faide anonn. Dar leis na múinteoirí, tá dúshlán nach beag ag baint le dearcthaí diúltacha na dtuismitheoirí. Thug

siad le fios go measann tuismitheoirí áirithe nach bhfuil an Ghaeilge chomh tábhachtach céanna is atá na hábhair eile, go háirithe nuair is é a luach eacnamaíoch nó cúrsaí a bhaineann le conair ghairme atá i gceist. Dá bhrí sin, tá tuismitheoirí ann nach bhfuil mórán spéise acu sa dul chun cinn a dhéanann a gcuid páistí sa Ghaeilge: "*If you don't have buy-in from home, you will be fighting an uphill battle all the time. Attitudes from home have a huge impact on how the children look at Irish and value it.*" (MBS-C) ("*Mura mbíonn tacaíocht ón mbaile agat, is ag snámh in aghaidh easa a bheidh tú an t-am ar fad. Bíonn an-tionchar go deo ag dearcthaí an bhaile ar dhearcthaí na bpáistí i leith na Gaeilge agus ar an meas a bhíonn acu ar an nGaeilge*"). Chuir na heispéiris a bhí acu féin i leith fhoghlaim na Gaeilge isteach ar thuismitheoirí áirithe ach níor bhain sé sin leis na tuismitheoirí ar fad. Mar shampla, labhair múinteoir amháin faoi thuismitheoirí a bhí ag freastal ar ranganna Gaeilge ionas go mbeidís in ann cabhrú lena bpáistí chun an Ghaeilge a fhoghlaim. Measadh freisin go raibh sé tábhachtach dearcthaí dearfacha i leith na Gaeilge a chothú ag leibhéal na bunscoile chun an t-aistriú go leibhéal na hiar-bhunscoile a éascú.

Úsáid na Gaeilge

Rinne roinnt múinteoirí tagairt do shamplaí den chaoi a n-úsáideann siad féin an Ghaeilge, lena n-áirítear úsaid na Gaeilge ar bhonn neamhfhoirmiúil le múinteoirí eile (ag brath ar an duine a bheadh i gceist), éisteacht le podchraoltaí agus úsáid na Gaeilge ar na meáin shóisialta. Labhair mionlach de na múinteoirí a ghlac páirt sna fócasghrúpaí Gaeilge sa bhaile. Ní raibh mórán deiseanna ag an gcuid is mó de na múinteoirí an Ghaeilge a labhairt lasmuigh den scoil. Cé gur mheas siad gur rud dearfach é an t-athbheochan is deireanaí a bhaineann leis an nGaeilge, measadh go bhfuil sé sin dírithe ar na healaíona níos mó ná ar dheiseanna chun an teanga a úsáid ar bhonn gníomhach. Ar an mórgóir, bhí an chosúlacht ar an scéal gur theastaigh ó na múinteoirí go mbeadh níos mó deiseanna acu chun an Ghaeilge a úsáid. Ina theannta sin, chuir na múinteoirí in iúl go bhfuil deiseanna an-teoranta ag na páistí chun an Ghaeilge a úsáid lasmuigh den scoil agus go mbíonn drochthionchar aige sin ar a n-inspreagadh maidir le foghlaim na Gaeilge.

Príomhthéama amháin a tháinig chun cinn sna fócasghrúpaí go léir ná muinín na múinteoirí agus cumas Gaeilge na múinteoirí. Tuairiscíodh go bhféadfadh easpa muiníne i leith labhairt na Gaeilge a bheith ag cur as do go leor de na múinteoirí agus go bhféadfadh leisce a bheith orthu an teanga a labhairt dá bharr. Tugadh le fios freisin nach mbíonn fonn ar mhúinteoirí áirithe an Ghaeilge a labhairt toisc faitíos a bheith orthu go ndéanfaidís botúin: "*Teacher confidence is a massive issue.*" (MBS-B) ("*Tá muinín na múinteoirí ina ceist ollmhór.*"); "*There are a lot of teachers just afraid of making mistakes in front of others. It was a bit regimental*

growing up." (MBS-C) (*"Tá go leor múinteoirí ann a bhfuil faitíos orthu, i ndáiríre, botúin a dhéanamh os comhair daoine eile. Bhí sí cineáilín dian agus muid ag fás aníos")*. Tugadh le fios go raibh caighdeán Gaeilge na múinteoirí nuacháilithe tar éis titim agus go raibh sé sin ina chúis imní. Bhí múinteoirí ann a bhí tar éis tréimhse a chaitheamh ag obair mar mhúinteoirí tacaíochta foghlama agus nach raibh an Ghaeilge á teagasc acu le tamall fada. Sa chás áirithe sin, chuir na múinteoirí in iúl go bhfáilteoidís roimh 'chúrsa athnuachana' Gaeilge agus iad ag filleadh ar an teagasc ranga uile. Ós rud é go bhfuil poist éagsúla mhúinteoireachta ann sa lá atá inniu ann agus go mbíonn athruithe gairme i gceist freisin, moladh gur mhaith an rud é níos mó tacaíochtaí a bheith ar fáil do mhúinteoirí ar bhonn leanúnach. Ghlac múinteoirí áirithe páirt i gcúrsaí samhraidh sa Ghaeltacht agus chuir siad in iúl gur bhain siad tairbhe as na cúrsaí sin agus gur thaitin siad leo toisc go raibh an bhéim ar an gcomhrá Gaeilge.

Tuairimí na múinteoirí i leith gnéithe dearfacha de theagasc, foghlaim agus measúnú na Gaeilge

Cuir chuige ghníomhacha

Bhí na múinteoirí ar aon intinn gur bhain na páistí an-sult go deo as na cuir chuige idirghníomhacha amhail cluichí, amhráin, rannta agus scéalta a úsáidtear do theagasc na Gaeilge sna ranganna sóisearacha. Bhí an chuma air gur bhain na múinteoirí taitneamh as bheith ag teagasc na Gaeilge do na ranganna sóisearacha. Measadh go bhfuil deacrachtaí ag baint leis an athrú béime chuig an teagasc téacsleabharbhunaithe sna meánranganna agus sna ranganna sinsearacha. Bhraith na múinteoirí go mbíonn na páistí sna ranganna sóisearacha ar bís agus teanga nua á foghlaim acu agus go mbíonn suim ag na páistí san fhoghlaim sin: "*Children love games, songs, drámaí, comhrás, Deir Ó Grádaigh, jumbled up words on the whiteboard. You can be silly in Gaeilge - children too. Children love learning their Gaeilge up to second class."* (MBS-A) (*"Is breá leis na páistí cluichí, amhráin, drámaí, comhráite, deir Ó Grádaigh, focail a bhíonn measctha suas ar an gclár bán. Is féidir rudaí seafóideacha a dhéanamh trí Ghaeilge – agus is féidir leis na páistí é sin a dhéanamh freisin. Is aoibhinn leis na páistí a bheith ag foghlaim Gaeilge go dtí rang a dó")*. Mhínigh cuid de na múinteoirí go dtaitníonn sé leis na páistí nuair a bhíonn siad ag bogadh agus ag úsáid na teanga.

Measadh go mbíonn foghlaim na Gaeilge níos taitneamhaí agus níos éifeachtaí nuair a bhíonn sí bunaithe ar úsáid na teanga cumarsáide feidhmiúla, mar shampla: chun an nuacht a insint, chun a bheith ag scríobh sna seánraí éagsúla, chun páirt a ghlacadh sa rólimirt agus sa drámaíocht. Dúirt múinteoir amháin gur chuir siad seó faisin trí Ghaeilge ar bun, mar shampla, agus dúirt duine eile gur bhain siad úsáid as amharclann an léitheora trí Ghaeilge. Bhí an modh teagaisc stáisiún i bhfeidhm i scoil amháin agus measadh go raibh sé sin éifeachtach. Sa

chás áirithe sin, bhí gach grúpa ag díriú go príomha ar aon rud amháin – léitheoireacht, cúrsaí fónaice, rólimirt. Ghlac roinnt múinteoirí leis gurbh fhiú struchtúir ghramadaí agus fuaimeanna na teanga a phlé leis na páistí chun feasacht teanga na bpáistí i leith teangacha eile a fhorbairt. Leag siad béim ar an tábhacht a bhaineann le nasc a dhéanamh idir an Ghaeilge agus teangacha eile, agus le tuiscint ar bhunstruchtúr na Gaeilge a fhorbairt. Bhí cosúlacht éigin air gur mhaith leis na múinteoirí níos mó tacaíochta a fháil maidir le cur i bhfeidhm *Churaclam Teanga na Bunscoile* chun tuiscint níos fearr a fháil ar na féidearthachtaí a bhaineann le traschur scileanna. Mheas na múinteoirí go raibh sé tábhachtach an teanga a úsáid ar bhonn gníomhach chun na páistí a spreagadh le foghlaim conas cumarsáid a dhéanamh trí Ghaeilge. Measadh go raibh an obair i mbeirteanna tábhachtach toisc go gcuireann sé deiseanna cainte ar fáil, agus glacadh leis freisin go bhfuil an t-athrá tábhachtach i dtaca le sealbhú na teanga. Chuir siad in iúl gurbh fhiú an cheist 'Cén fáth?' a phlé, i.e. plé a dhéanamh ar an tábhacht chultúrtha a bhaineann le foghlaim na Gaeilge, go háirithe leis na meán/ardranganna. Ina theannta sin, chuir go leor de na múinteoirí in iúl go raibh sé tábhachtach iarrachtaí na bpáistí ó thaobh na Gaeilge de a mholadh, agus, chuige sin, go bfhéadfaí leas maith a bhaint as córais luaíochta.

An Ghaeilge lasmuigh den cheacht Gaeilge – Gaeilge neamhfhoirmiúil, FCÁT, cuir chuige scoile uile

Measadh go gcuirtear le dearcthaí dearfacha i leith na Gaeilge agus go dtugtar comhthéacs di nuair a úsáidtear Gaeilge neamhfhoirmiúil lasmuigh den cheacht. Measadh freisin gurbh fhiú úsáid a bhaint as bunfhrásaí. Mar shampla, d'inis múinteoir amháin faoin gcaoi a ndíríonn a scoil ar líon áirithe bunstruchtúr a ndéantar forbairt orthu ó rang go rang, mar shampla, 'an bhféadfá…'. Measadh go mbíonn sé éifeachtach nuair a thugtar deiseanna do na páistí a gcuid nuachta a insint ar bhonn rialta, mar tugann sé sin deiseanna dóibh Gaeilge a bhaineann lena saol féin a úsáid. Anuas air sin, is féidir an cur chuige sin a dhifreálú ionas go mbeadh seans ag gach uile pháiste a bheith páirteach ann.

I scoileanna áirithe, rinneadh an Ghaeilge a chomhtháthú le hábhair eile, mar shampla Matamaitic, Ealaín agus Corpoideachas. Sna cásanna sin, chuir na múinteoirí in iúl gur bealach éifeachtach é chun fíorúsáid chomhthéacsbhunaithe na Gaeilge a éascú agus chun breis ionchuir a chur ar fáil do pháistí sa chaoi: *"They don't even notice they are learning."* (MBS-C). (*"Ní bhíonn a fhios acu, go fiú, go mbíonn siad ag foghlaim"*). D'éirigh níos fearr leis an gcomhtháthú le hábhair eile nuair a bhí gníomhaíochtaí praiticiúla i gceist a bhféadfaí an teanga a úsáid lena linn, mar shampla, rudaí a chomhaireamh nó a thomhas sa Mhatamaitic.

Measadh go bhféadfaí beagán Gaeilge a úsáid sa cheacht corpoideachais ar dtús agus go bhféadfaí cur leis sin de réir a chéile.

Measadh go raibh sé tábhachtach cur chuige scoile uile a bheith ann chun tacú leis an nGaeilge, mar shampla: an Ghaeilge a úsáid nuair a bheadh tionól ar siúl; aird a dhíriú ar bhunfhrásaí; amhráin; taispeántais trí Ghaeilge; agus leabhair Ghaeilge a bheith ar fáil sa leabharlann. Cothaíodh dearcthaí dearfacha i leith na Gaeilge agus treisíodh úsáid na Gaeilge nuair a bhí tacaíocht ar fáil ó cheannaireacht na scoile agus nuair a bhí an Ghaeilge feiceálach sa scoil. Measadh go raibh fiúntas ag baint le Seachtain na Gaeilge mar chur chuige scoile uile a spreagann dearcthaí dearfacha agus úsáid na teanga, toisc nach foghlaim théacsleabharbhunaithe a bhíonn i gceist: "*They absolutely loved it. It just reinforces the idea that you have to inject fun into irish, to be enthusiastic about it - raise the profile of it a bit*" (MBS-D). ("*Thaitin sé go mór leo. Treisíonn sé sin an dearcadh go gcaithfidh tú an Ghaeilge a dhéanamh spraiúil, go gcaithfidh tú a bheith an-tógtha léi – go gcaithfidh tú cúr lena próifíl, ar bhealach*"). Bhí tionscnaimh eile ar bun i scoileanna aonair eile amhail podchraoladh trí Ghaeilge, comhrá leis an bpríomhoide nó córas páirtíochta, chun deis a thabhairt do pháistí sna ranganna sinsearacha tacú leis na páistí sa ranganna sóisearacha chun an Ghaeilge a úsáid. Tháinig dhá scoil le chéile leis na hiar-bhunscoileanna áitiúla chun tóraíocht taisce nó lá spraoi trí Ghaeilge a chur ar bun, agus measadh go raibh fiúntas ar leith ag baint leis sin mar tugadh deis do na páistí an Ghaeilge a fheiceáil in úsáid lasmuigh den scoil. Mheas na múinteoirí go raibh cleachtas amhail Gaeilgeoir na Seachtaine, scéimeanna luaíochta, agus moladh, ina gcuidiú maidir le muinín na bpáistí i leith na Gaeilge a chur chun cinn. Cuireadh in iúl freisin gur síleadh go mbíonn sé ina chuidiú nuair a bhíonn ceannaireacht roinnte i leith na Gaeilge i bhfeidhm sa scoil, is é sin nuair a bhíonn sealbhóirí poist nó coiste ann don Ghaeilge. Ní mór a thabhairt faoi deara gur imeachtaí bliantúla a bhí i gceist le cuid de na gníomhaíochtaí seo, agus nach cleachtais laethúla nó seachtainiúla a bhí i gceist.

Acmhainní agus tacaíochtaí don Ghaeilge

Thug múinteoirí áirithe moladh do na scéimeanna Gaeilge a chuireann na comhlachtaí foilsitheoireachta ar fáil; feictear dóibh gur acmhainn úsáideach teagaisc iad agus go spreagann siad úsáid idirghníomhach na Gaeilge, go háirithe sna luathbhlianta. Baineadh úsáid as Eleathanach – nuachtlitir Ghaeilge a chuirtear ar fáil gach seachtain – i scoileanna áirithe agus thug na múinteoirí moladh don acmhainn sin. Chuir na múinteoirí in iúl go raibh baint ag na scéalta san Eleathanach le saol na bpáistí. Bhí meas ag na múinteoirí ar an scéim Gaelbhratach agus ar Sheachtain na Gaeilge agus síleadh go gcuireann siad deiseanna bríocha

agus taitneamhacha ar fáil chun an Ghaeilge a úsáid ar bhonn scoile uile. I gcásanna áirithe, bhí acmhainní dá gcuid féin á ndearadh ag na múinteoirí.

Tuairimí na múinteoirí i leith na ndúshlán a bhaineann le teagasc, foghlaim agus measúnú na Gaeilge.

Teagasc téacsleabhar-bhunaithe sna meán/ardranganna

Measadh go n-athraítear ó dhearcthaí sách dearfach i leith na Gaeilge sna ranganna sóisearacha go dearcthaí níos diúltaí ina leith sna meán/ardranganna. Bhí sé seo ar cheann de na príomhthéamaí a tháinig chun cinn sna grúpaí éagsúla. Mar shampla, chuir múinteoir amháin in iúl go raibh an difríocht idir na dearcthaí '*like night and day*' (MBS-B) ("*idir lá agus oíche*"). Ar an mórgóir, chuir na múinteoirí in iúl gur minic nach dtaitníonn na ceachtanna Gaeilge leis na páistí sna meán/ardranganna. Mheas siad gurb í an ró-úsáid a bhaintear as an téacsleabhar, agus an t-athrú ó na gníomhaíochtaí idirghníomhacha cainte sna ranganna sóisearacha, is cúis leis sin: "*I find it a little challenging because the enthusiasm isn't there with the kids themselves. When I introduce the lesson- 'take out the books' - there is always an 'awwwww'* (i.e. bad reaction)" (MBS-D) ("*Bíonn sé cineáilín dúshlánach agam mar ní bhíonn aon spéis ag na páistí iad féin san obair. Nuair a chuirim tús leis an gceacht - 'tógaigí amach na leabhair XXXX' - cloisim 'áááá' uathu i gcónaí*" (i.e. drochfhreagairt)). Chuir múinteoirí áirithe in iúl go mbíonn an iomarca le clúdach sna téacsleabhair agus gur mhothaigh siad faoi bhrú an t-ábhar ar fad a chlúdach. Ina theannta sin, dúirt siad gur minic nach mbíonn leibhéal na léitheoireachta sna téacsleabhair oiriúnach do na páistí agus go mbíonn sé ródheacair dóibh. Dá bhrí sin, bhí páistí ann nach raibh rath orthu sa léitheoireacht Ghaeilge. Bhí deacrachtaí ag páistí áirithe agus iad ag iarraidh na téacsleabhair a léamh toisc nach raibh bunscileanna litearthachta na Gaeilge sealbhaithe acu. Mar shampla, dúirt na múinteoirí go raibh fónaic an Bhéarla in úsáid ag na páistí agus focail Ghaeilge á ndíchódú acu. Thuig go leor de na múinteoirí gur gá téacsleabhair a úsáid mar acmhainn chun iad a threorú agus an Ghaeilge á teagasc acu agus chun struchtúr a chur ar an teagasc sin. Mar sin féin, chuir na múinteoirí in iúl go bhféachtar ar an nGaeilge mar ábhar seachas teanga nuair a bhíonn ceachtanna bunaithe ar cheisteanna a fhreagairt ón téacsleabhar. Tugadh le fios go léirítear dímheas ar an teanga nuair is ón téacsleabhar a fhoghlaimítear an Ghaeilge, agus go laghdaíonn a leithéid de chur chuige an méid ama atá ar fáil do labhairt na teanga. Bhí na múinteoirí sna ceithre fhócasghrúpa ar aon intinn nach ndéantar scileanna teanga agus litearthachta na bpáistí a fhorbairt i gceart nuair a fhoghlaimítear an Ghaeilge ó na téacsleabhair. Chuir siad in iúl gur ghá scéim struchtúrtha léitheoireachta don Ghaeilge a bheith ann do na scoileanna meán-Bhéarla ionas go bhféadfadh na páistí scileanna léitheoireachta a fhorbairt. D'fhéadfadh scéim

struchtúrtha cur le scileanna léitheoireachta na bpáistí ar bhealach forchéimnithe a thacódh leo scileanna léitheoireachta na Gaeilge a fhorbairt. Bhí deacrachtaí ag baint leis na téacsleabhair a bhí in úsáid don litriú freisin mar cuireadh na focail i láthair iontu gan comhthéacs ar bith agus díríodh ar *théamaí* iontu seachas ar *phatrúin litrithe*.

Leanúnachas agus forchéimniú

Mheas na múinteoirí freisin gur bhain na dearcthaí diúltacha agus an t-inspreagadh íslithe sna meán/ardranganna le heaspa cumas cumarsáide na bpáistí sa Ghaeilge. Chuir siad in iúl go bhféadfadh go leor focal Gaeilge a bheith foghlamtha ag na páistí ach nach mbeadh struchtúr na habairte acu chun na focail a úsáid i gcomhthéacs cumarsáideach. Bhí an chosúlacht air nach mbíonn go leor ama ar fáil sna meán/ardranganna chun díriú ar fhorbairt na scileanna teanga ó bhéal sa Ghaeilge. Thug roinnt múinteoirí le fios go raibh sé deacair tús áite a thabhairt don Ghaeilge ó thaobh cúrsaí ama de. Ar an mórgóir, bhí sé ina chúis imní ag na múinteoirí nach raibh dul chun cinn á dhéanamh ag go leor páistí chun an teanga a úsáid ar bhonn neamhspleách.

Chuir na múinteoirí in iúl gur ghá treoir shoiléir agus struchtúrtha a chur ar fáil maidir leis na torthaí foghlama a bhaineann le gach céim den fhoghlaim. Dúirt na múinteoirí nach bhfuil na spriocanna ag gach céim de leagan amach reatha *Churaclam Teanga na Bunscoile* soiléir. Léirigh siad an tuairim go bhfuil an curaclam róleathan agus nach bhfuil sé sách soiléir i dtaca le leanúnachas agus cúrsaí forchéimnithe. Dar le múinteoir amháin a chaith treimhsé ag obair thar lear, is mór an difríocht idir an curaclam reatha anseo agus na spriocanna soiléire a leagtar amach i ndlinsí eile. Bhí leanúnachas agus forchéimniú ón mbunscoil go dtí an iar-bhunscoil ina n-ábhar imní ag na múinteoirí freisin: "*What should children know in first class, second class, third class?*" (MBS-B) ("*Cad ba chóir a bheith ar eolas ag na páistí i rang a haon, rang a dó, rang a trí?*').

Ionchuimsiú

Bhí cúrsaí ionchuimsithe ina bpríomhthéama sna fócasghrúpaí go léir. Thuig na múinteoirí an tábhacht a bhaineann le curaclam ionchuimsitheach a chur ar fáil do gach páiste. Léirigh roinnt múinteoirí imní faoin gcleachtas a bhaineann le díolúintí ón nGaeilge a bhronnadh ar pháistí bunscoile. Dúradh go raibh deacracht ar leith ag baint leis sin mar bhíothas den tuairim go raibh níos mó i gceist leis an nGaeilge ná ábhar scoile: bhreathnaigh na múinteoirí ar an nGaeilge mar theanga ar chóir úsáid a bhaint aisti i rith an lae, ar chóir í a chomhtháthú leis na hábhair eile agus ar chóir glacadh léi mar chuid de chultúr na scoile i gcoitinne. Bhí sé ina chúis imní ag na múinteoirí go raibh páistí á gcoinneáil ó bheith páirteach sa churaclam ina iomláine, ó na buntáistí ginearálta a bhaineann le foghlaim na Gaeilge agus ó

shaol na scoile i gcoitinne. Bhí sé ina ábhar imní acu freisin nach gcuirtear tacaíocht foghlama ar fáil don Ghaeilge. Dhírigh múinteoirí áirithe aird ar an gcaoi nach bhfuil tacaíocht foghlama ar bith ann do pháistí nuathagtha a thagann chun na scoile. Cuireadh in iúl freisin nach bhfuil treoracha tacaíochta foghlama ar fáil a bhaineann go sonrach le páistí ar teangacha breise acu iad an Béarla agus an Ghaeilge. Is fiú a lua go raibh scéalta dearfacha le hinsint ag na múinteoirí faoi pháistí ilteangacha ar éirigh go maith leo agus iad ag foghlaim na Gaeilge.

Cé go ndeir páistí áirithe go mbíonn siad ag streachailt le foghlaim na Gaeilge, bhí múinteoir tacaíochta foghlama amháin den tuairim go bhfáilteoidís roimh thacaíocht bhreise sa Ghaeilge: "*Irish is a core subject … we do receive SEN assistance in English and Maths but not in Irish. Why is that? Students have difficulties in Irish - why don't we focus more on helping them?*" (MBS-C) ("*Is croí-ábhar í an Ghaeilge …. bíonn tacaíocht foghlama ar fáil don Bhéarla agus don Mhata ach ní bhíonn sí ar fáil don Ghaeilge. Cén fáth sin? Bíonn deacrachtaí ag scoláirí leis an nGaeilge – cén fáth nach gcuirimid níos mó béime ar chabhair a thabhairt dóibh?*"). Agus iad ag tagairt dá gcuid taithí féin, dúirt na múinteoirí a bhí páirteach sna fócasghrúpaí go raibh níos mó díolúintí á dtabhairt do pháistí sna ranganna sinsearacha roimh aistriú go dtí an iar-bhunscoil dóibh. Níor chuir duine ar bith de na múinteoirí a ghlac páirt sna fócasghrúpaí in iúl gur cheap siad gur chóir páistí a fhágáil ar lár ó fhoghlaim na Gaeilge, toisc gur cuid de shaol na scoile í agus nach ndéantar measúnú uirthi sna scrúduithe foirmiúla ag leibhéal na bunscoile: "*I think that the idea of any child being excluded at primary level is needless when we are not doing exams in Gaeilge. We differentiate in every other subject area so I don't know why we don't in Gaeilge.*" (MBS-C) ("*Measaim nach gá páiste ar bith a choinneáil amach ag leibhéal na bunscoile nuair nach ndéanaimid scrúduithe Gaeilge. Cuirtear difreálú i bhfeidhm ar gach ceann de na hábhair eile agus ní thuigim an fáth nach ndéanaimid an rud céanna don Ghaeilge*").

Measúnú

Mheas múinteoirí áirithe, ar go leor cúiseanna, gur chóir trialacha caighdeánaithe a dhéanamh sa Ghaeilge. Dúirt roinnt múinteoirí go dtabharfadh sé sin léargas dóibh ar chaighdeán Gaeilge na bpáistí agus go bhféadfadh sé eolas úsáideach a chur ar fáil don iar-bhunscoil. Cuireadh in iúl freisin gur síleadh go raibh beag is fiú á dhéanamh d'fhoghlaim na Gaeilge nuair nach raibh measúnú sonrach á dhéanamh uirthi sa chaoi sin, murab ionann leis an mBéarla agus leis an Matamaitic. Bhí duine de na múinteoirí, a raibh trialacha caighdeánaithe ar siúl ina scoil, den tuairim gur chuir na trialacha le dul chun cinn sa léitheoireacht Ghaeilge.

Moltaí na múinteoirí

Cuir béim ar an teanga labhartha agus cuir tacaíocht ar fáil di

Mhol na múinteoirí gur chóir béim a chur ar thacaíocht a thabhairt do pháistí chun a scileanna labhartha Gaeilge a fhorbairt i ngach uile bhliain sa bhunscoil agus gur chóir é sin a dhéanamh ar bhealach struchtúrtha, forchéimnithe agus trédhearcach. Ghlac siad leis gur ghá tacaíochtaí a chur ar fáil mar chuid den cheacht Gaeilge, lasmuigh agus laistigh den scoil, chun úsáid na teanga cumarsáide a chur chun cinn agus a fhorbairt. Níor mhór go leor ama a chur ar fáil sna meánranganna agus sna ranganna sinsearacha ionas go mbeifí in ann díriú ar chur chuige comhtháite i leith na teanga labhartha, na léitheoireachta agus na scríbhneoireachta.

Cuir tacaíocht ar fáil don Ghaeilge lasmuigh den cheacht teanga

Dhírigh na múinteoirí aird ar an tábhacht a bhaineann le leas a bhaint as Gaeilge neamhfhoirmiúil ar bhonn scoile uile chun deiseanna a chur ar fáil do pháistí an Ghaeilge a úsáid lasmuigh den cheacht Gaeilge. Bhí na múinteoirí ar aon intinn freisin gur chóir níos mó imeachtaí scoile trí Ghaeilge a reáchtáil agus gur chóir go mbeadh an Ghaeilge feiceálach sa scoil. Mhol na múinteoirí gur chóir plean struchtúrtha scoile uile a bheith ann chun an Gaeilge neamhfhoirmiúil, imeachtaí Gaeilge agus ócáidí Gaeilge a chur chun cinn in ionad ligean do na rudaí sin titim amach ar bhonn *ad hoc* nó iad a choinneáil do Sheachtain na Gaeilge amháin.

Tacaigh le húsáid na Gaeilge lasmuigh den scoil

Chuir na múinteoirí in iúl go láidreofaí dearcthaí dearfacha i leith na Gaeilge agus úsáid na Gaeilge sna scoileanna dá gcuirfí deiseanna ar fáil chun an Ghaeilge a úsáid lasmuigh den scoil. Moladh go bhféadfadh na scoileanna naisc a bhunú le clubanna spóirt, le scoileanna eile agus le himeachtaí pobail trí Ghaeilge. Moladh gníomhaíochtaí Gaeilge amuigh faoin aer, imeachtaí cultúir agus comórtais, turais scoile trí Ghaeilge agus clubanna iarscoile freisin. Thug na múinteoirí le fios go bhféadfaí tairbhe a bhaint as turais chun na Gaeltachta agus go bhféadfaí cúrsaí a bheadh maoinithe nó cúrsaí fóirdheonaithe a thairiscint do mhúinteoirí, tuismitheoirí, páistí agus teaghlaigh. Moladh teagmháil a dhéanamh leis an mbaile agus tacú leis na tuismitheoirí chun páirt a ghlacadh i bhfoghlaim a gcuid páistí. Ba é ceann de na príomhthéamaí a tháinig chun cinn ná an tábhacht a bhaineann le húsáid na Gaeilge lasmuigh den cheacht Gaeilge agus lasmuigh den scoil; bhíothas den tuairim gur gá an Ghaeilge a úsáid taobh amuigh den cheacht lena léiriú gur teanga bheo í an Ghaeilge a úsáidtear lasmuigh de gheataí na scoile.

Cuir breis acmhainní ar fáil don Ghaeilge

Rinne na múinteoirí moladh ar leith maidir le scéim struchtúrtha léitheoireachta a sholáthar do scoileanna meán-Bhéarla. Chuirfeadh scéim mar seo téacsanna indíchódaithe ar fáil, a bheadh ag teacht le suim agus leibhéal léitheoireachta na bpáistí. Mhol siad freisin gur chóir leaganacha digiteacha de na leabhair a chur ar fáil i gcanúintí éagsúla. Moladh go mbeadh cóid QR ag gabháil leo le húsáid sa bhaile ionas go bhféadfadh na tuismitheoirí a bheith páirteach sa léitheoireacht Ghaeilge. Moladh leabhair léitheoireachta a chur ar fáil de réir leibhéal bandaí éagsúla seachas de réir rangleibhéal ar mhaithe le cur chuige ionchuimsitheach agus dul chun cinn i leith léitheoireacht na Gaeilge a éascú. Rinneadh tagairt don tábhacht a bhaineann le bunscileanna litearthachta Gaeilge a theagasc (fónaic; an nasc idir litreacha agus fuaimeanna na teanga) agus dúradh gur chóir tabhairt faoi sin ar bhealach struchtúrtha.

Mhol na múinteoirí freisin breis leabhar a chur ar fáil a d'fhéadfaidís a léamh os ard do na páistí sna ranganna sóisearacha mar baineann na páistí an-sult go deo as sin agus tacaíonn sé le forbairt na teanga na bpáistí nuair a léitear an rud céanna os ard dóibh arís is arís eile.

Dhírigh na múinteoirí aird ar a thábhachtaí is atá sé acmhainní a fhorbairt a bhainfeadh le saol na bpáistí agus a mbeadh spéis acu iontu. Bhí acmhainní dá gcuid féin á ndearadh ag cuid de na múinteoirí. Léiríodh go bhfuil gá ar leith le hacmhainní réamhdhéanta chun tacú leis an teanga labhartha, mar shampla, cluichí struchtúrtha teanga, bunfhrásaí, agus ábhair chlosamhairc. De réir na múinteoirí, níor mhór breis acmhainní digiteacha trí Ghaeilge a chur ar fáil, a bheadh inchomparáide lena bhfuil ar fáil do na hábhair eile, mar shampla, cluichí digiteacha agus aipeanna foghlama teanga.

Bíodh fís agus cur chuige comhordaithe ann don Ghaeilge

Mhol na múinteoirí gur chóir plean forchéimnithe ar leith a chur ar fáil maidir le teagasc agus foghlaim na Gaeilge, a leagfaí amach ann spriocanna soiléire do na páistí maidir le foghlaim na Gaeilge, agus a chuirfeadh le foghlaim teanga na bpáistí ar bhealach soiléir agus múnlaitheach. Dúirt siad gur chóir go mbeadh na torthaí foghlama ní ba shoiléire ná mar atá siad faoi láthair, agus gur chóir a chur in iúl go soiléir 'cad leis ar chóir a bheith ag súil', ag na céimeanna éagsúla bunscoile i scoileanna meán-Bhéarla. Ba chóir go gcuirfí an t-aistriú ón mbunscoil go dtí an iar-bhunscoil san áireamh sna torthaí foghlama freisin. Moladh na leibhéil éagsúla scolaíochta a ailíniú níos mó.

Tacaigh le hoideachas múinteoirí/forbairt ghairmiúil

Aontaíodh go láidir sna fócasghrúpaí ar fad gur ghá breis tacaíochtaí a chur ar fáil chun cumas Gaeilge na múinteoirí agus a muinín i leith úsáid na Gaeilge a neartú. Mhol na múinteoirí gur

chóir cúrsaí fóirdheonaithe agus deiseanna chun breis cáilíochtaí a bhaint amach sa Ghaeilge a chur ar fáil. Dúradh freisin gur ghá breis deiseanna a chur ar fáil do mhúinteoirí chun an Ghaeilge a úsáid, mar shampla, ciorcail chomhrá agus imeachtaí trí Ghaeilge.

Moladh freisin gur chóir leas a bhaint as múnlaí forbartha gairmiúla ar nós múnlóireacht/cóitseáil agus as soláthar eiseamláirí de dhea-chleachtas chun tacú le hoideolaíocht na Gaeilge. Thug na múinteoirí le fios go bhféadfaí na meáin shóisialta a úsáid chun eolas agus acmhainní a chomhroinnt. Moladh go bhféadfadh ról a bheith ag na hionaid oideachais maidir le tacaíocht a thabhairt do mhúinteoirí ar bhonn réigiúnach.

Cuir breis treorach agus breis tacaíochtaí ar fáil chun deis a thabhairt do gach foghlaimeoir a bheith páirteach sna ceachtanna Gaeilge

Mhol na múinteoirí gur chóir tacaíocht foghlama a chur ar fáil don Ghaeilge ar mhaithe le tacú le gach páiste a bheith páirteach sa ghné sin de shaol agus cultúr na scoile. Moladh go ndéanfaí teagasc agus foghlaim na Gaeilge a dhifreálú seachas páistí a fhágáil ar lár trí dhíolúine a bhronnadh orthu. Ba chóir breis tacaíochtaí a chur ar fáil ionas go gcuirfí ar chumas gach páiste an Ghaeilge a fhoghlaim, lena n-áirítear páistí a bhfuil riachtanais bhreise acu agus páistí nuathagtha a thagann isteach sa scoil sna meán/ardranganna.

Déan plé ar na féidearthachtaí atá ann maidir le measúnú na Gaeilge

Mhol múinteoirí áirithe gur chóir trialacha caighdeánaithe a dhéanamh sa Ghaeilge i scoileanna meán-Bhéarla.

Príomhoidí bunscoile

Sa mhír seo, cuirtear torthaí na bhfócasghrúpaí ar ghlac príomhoidí bunscoile páirt iontu (*n*=17) i láthair. Baineann na sonraí le dhá fhócasghrúpa, ceann amháin a reáchtáladh aghaidh ar aghaidh agus ceann eile a tionóladh ar líne. Bhí na príomhoidí ag obair i réimse scoileanna éagsúla meán-Bhéarla ar fud na tíre. Ar dtús, déantar fís na bpríomhoidí don Ghaeilge a thuairisciú, mar aon lena gcuid tuairimí i leith cúinsí lasmuigh den scoil a bhfuil tionchar acu ar dhearcthaí i leith fhoghlaim na Gaeilge. Ina dhiaidh sin, déantar na cúinsí a chothaíonn dearcthaí dearfacha i leith na Gaeilge agus i leith úsáid na Gaeilge a thuairisciú, mar aon leis na dúshláin a bhaineann leo sin ar fad. Tá na moltaí a rinne na príomhoidí ar fáil ag deireadh na coda seo.

Fís na bpríomhoidí bunscoile don Ghaeilge

Bhí na príomhoidí ar aon intinn gur mhaith leo go mbeadh na páistí in ann cumarsáid a dhéanamh go héifeachtach agus go muiníneach trí Ghaeilge. Theastaigh ó na príomhoidí ar

fad a ghlac páirt sna fócasghrúpaí go mbeadh na páistí ar a gcompord ag labhairt na Gaeilge gan eagla agus gan aon bhrú agus go mbeadh 'grá' acu don teanga. Mhol na príomhoidí gur chóir an Ghaeilge a úsáid gach lá, ar bhonn scoile uile, lasmuigh den cheacht Gaeilge ionas go mbeadh breis deiseanna ag na páistí chun an Ghaeilge a úsáid. Mhol siad freisin gur chóir an Ghaeilge a chomhtháthú leis na hábhair eile: "*Irish is not spoken as a living language daily outside of school - so they want to be able to use language informally in school - not be afraid of it - become more comfortable at talking*" (POBS-A) (*"Ní labhraítear an Ghaeilge mar theanga bheo ar bhonn laethúil lasmuigh den scoil – agus mar sin teastaíonn uathu an teanga a úsáid ar bhonn neamhfhoirmiúil le linn dóibh a bheith ar scoil – gan eagla a bheith orthu ina leith – go mbeidís níos mó ar a gcompord agus iad ag caint"*). Maidir le 'grá' a chothú don teanga, dúirt príomhoidí áirithe gur chóir go bhfoghlaimeodh na páistí faoi na cúiseanna stairiúla agus cultúrtha a bhfoghlaimítear an Ghaeilge, chun cabhrú leo a bheith bródúil as foghlaim agus labhairt na teanga: "*We need to ask kids why they think it is important to have this language*" (POBS-A) (*"Níor mhór dúinn a fhiafraí de na páistí cén fáth a gceapann siad go bhfuil sé tábhachtach go mbeadh an teanga seo againn"*). Dhírigh na príomhoidí aird ar an ngá atá le cuir chuige tharraingteacha idirghníomhacha a úsáid chun labhairt na Gaeilge a chur chun cinn agus mhol siad gur chóir athrú ón teagasc téacsleabharbhunaithe.

Cúinsí lasmuigh den scoil a théann i bhfeidhm ar dhearcthaí i leith na Gaeilge

Ní raibh na príomhoidí ar aon intinn maidir le tuairimí na sochaí i leith fhoghlaim na Gaeilge. Cé go raibh príomhoidí ann a mheas go raibh dearcthaí diúltacha ag an tsochaí i leith na Gaeilge, bhí príomhoidí eile ina measc a cheap go raibh spéis nua á cur sa Ghaeilge agus go raibh foghlaim na Gaeilge ag éirí '*cool*'. D'aithin na príomhoidí go raibh na dearcthaí diúltacha nó fuarchúiseacha a bhí ag tuismitheoirí áirithe ag cothú deacrachtaí. Tugadh faoi deara go bhfuil seans ann nach bhfeictear do thuismitheoirí áirithe go bhfuil buntáistí eacnamaíocha ag baint leis an nGaeilge agus nach mbíonn mórán measa acu uirthi dá bharr. Is fiú a lua gur thug príomhoidí áirithe le fios go mbíonn dearcthaí fíordhearfacha i leith na Gaeilge ag na páistí a bhfuil cúlra inimirceach acu. De réir na bpríomhoidí sin, bhí seans ann go raibh na dearcthaí dearfacha sin neartaithe ag tuismitheoirí a raibh dea-ghaol acu leis an teanga. Cuireadh in iúl freisin go mbíonn na páistí nach í an Béarla an teanga bhaile atá acu 'ar comhchéim' leis na páistí eile, agus iad ag foghlaim na Gaeilge. Dúradh gur gá tacú leis an nGaeilge mar chuid de shochaí a bhfuil éagsúlacht teanga ag baint léi.

Tuairimí na bpríomhoidí maidir le gnéithe dearfacha de theagasc agus foghlaim na Gaeilge

Is féidir plé a dhéanamh ar na dea-cleachtais a chothaíonn dearcthaí dearfacha i leith na Gaeilge agus a spreagann úsáid na Gaeilge de réir na dtéamaí seo a leanas (i) Cuir Chuige Ghníomhacha, (ii) An Ghaeilge lasmuigh den cheacht Gaeilge – Gaeilge neamhfhoirmiúil agus FCÁT, agus (iii) Scéimeanna Tacaíochta agus Acmhainní.

Cuir chuige ghníomhacha

Mheas na príomhoidí go dtacaítear le dearcthaí dearfacha i leith na Gaeilge a chothú agus go dtacaítear le húsáid na Gaeilge nuair a bhaintear úsáid as cluichí, amhráin/gníomhamhráin, amhráin thraidisiúnta, dánta, rannta, drámaíocht, rólimirt, obair i mbeirteanna, tionscnaimh agus nuair a úsáidtear an Ghaeilge le linn na n-ábhar eile nó ar bhonn neamhfhoirmiúil. Tugadh sampla de scoil amháin ina bhfoghlaimíonn gach rang dhá amhrán Gaeilge, rud a fhágann go mbíonn 16 amhrán Gaeilge ar eolas ag na páistí faoi rang a sé. De réir na bpríomhoidí, is mó úsáid a bhaintear as cuir chuige atá spraíúil agus idirghníomhach sna ranganna sóisearacha ná sna meán/ardranganna.

An Ghaeilge lasmuigh den cheacht Gaeilge – Gaeilge neamhfhoirmiúil, FCÁT agus cur chuige scoile uile

Léirigh na príomhoidí dearcthaí dearfacha i leith úsáid na Gaeilge taobh amuigh de na ceachtanna – le haghaidh beannachtaí, fógraí agus bunfhrásaí, agus le linn tionóil scoile. De réir na bpríomhoidí, nuair a díríodh aird ar bhunfhrásaí (m.sh. frása na seachtaine), spreagadh na páistí agus na múinteoirí chun an spriocfhrása sin a úsáid. Bhí scoil nó dhó ann inar spreagadh foireann na scoile chun an Ghaeilge a labhairt ar laethanta ar leith, ach chuir roinnt rannpháirtithe in iúl nár thaitin sé sin le gach duine. Bhí dearcthaí dearfacha acu freisin maidir le gnéithe d'ábhair eile a theagasc trí mheán na Gaeilge. Chuir scoileanna áirithe in iúl gur éirigh go maith leo nuair a tosaíodh ar an nGaeilge a thabhairt isteach de réir a chéile sna hábhair eile amhail Corpoideachas agus Ealaín, sna ranganna sóisearacha ar dtús agus sna ranganna eile ina dhiaidh sin. Sna cásanna áirithe sin, thug na príomhoidí faoi deara gur éascaíodh an dul chun cinn sa teanga agus go raibh deis ag na páistí muinín a fhorbairt de réir a chéile nuair a díríodh ar ábhar amháin mar thúsphointe. Measadh go raibh sé tábhachtach go mbeadh cur chuige ar bhonn scoile uile ann a mbeadh freagracht ag baint leis, mar shampla, sealbhóir poist don Ghaeilge agus plean scoile. De réir mar a chuir na múinteoirí bunscoile in iúl, bhí córais luaíochta i taca le labhairt na Gaeilge i bhfeidhm i scoileanna áirithe, mar shampla, Gaeilgeoir na Seachtaine nó pasanna oibre baile a bhronnadh nuair a bheadh an

Ghaeilge in úsáid go rialta. Measadh go mbíonn sé ina chuidiú nuair a bhíonn próifíl fheiceálach ag an nGaeilge sa scoil, agus nuair a chuirtear timpeallacht ábhair i bprionta ar fáil sa Ghaeilge agus leabhair Ghaeilge ar fáil sa leabharlann.

Scéimeanna tacaíochta agus acmhainní

Thug na príomhoidí moladh do scéim ar leith a úsáidtear sna ranganna sóisearacha agus a úsáideann cluichí agus amhráin chun tacú le foghlaim na Gaeilge sa chaoi go mbíonn an Ghaeilge á foghlaim ag na páistí i ngan fhios dóibh féin. Measadh gur acmhainn úsáideach é sin do na múinteoirí a bhíonn ag plé leis na ranganna sóisearacha. Luadh an Eleathanach mar acmhainn luachmhar freisin. Bhí scoil amháin ann a bhí ag glacadh páirt i dtionscnamh FCÁT na ROÓ, agus mheas na príomhoidí gur féidir tairbhe a bhaint as an scéim chun úsáid na Gaeilge a mhéadú agus dearcthaí dearfacha i leith na Gaeilge a chothú. Dúirt príomhoide eile a raibh a scoil ag glacadh páirt sa scéim Gaelbhratach gur thacaigh sí leo: "*new lease of life for the language*" (POBS-A) ("*brí agus fuinneamh nua sa teanga*"). Measadh go raibh ag éirí go maith leis an bhFéile Scoildrámaíochta chun dearcthaí dearfacha agus úsáid na Gaeilge a chothú. Chuir scoil eile in iúl go raibh an comhar creidmheasa áitiúil ag spreagadh úsáid na Gaeilge sa phobal, agus dúradh go raibh dea-thionchar aige sin freisin sa mhéid is go raibh na páistí á spreagadh chun an Ghaeilge a úsáid lasmuigh den scoil i siopaí áirithe. Dúradh freisin go bhféadfaí leas a bhaint as an tionscnamh Scór chun tacú leis an nGaeilge.

Tuairimí na bpríomhoidí maidir leis na dúshláin a bhaineann le teagasc, foghlaim agus measúnú na Gaeilge

Déantar plé ar na dúshláin a bhaineann le dearcthaí agus úsáid de réir na bhfothéamaí seo a leanas: (i) Cumas agus muinín na múinteoirí; (ii) teagasc téacsleabharbhunaithe sna meán/ardranganna; (iii) an t-am a thugtar don Ghaeilge agus líon na bpáistí sna ranganna agus (iv) díolúintí ón nGaeilge.

Cumas agus muinín na múinteoirí

Ghlac na príomhoidí leis go raibh cumas agus muinín na múinteoirí i leith úsáid na Gaeilge ina chúis imní. Bhí roinnt de na príomhoidí den tuairim go raibh titim tagtha ar chaighdeán Gaeilge na múinteoirí nuacháilithe i gcomparáid leis na glúnta a tháinig rompu. Áitíodh gur ghá go mbeadh na múinteoirí inniúil sa teanga chun go mbeadh sé de mhisneach acu í a úsáid. Measadh freisin go raibh baint idir leibhéil ísle inniúlachta agus easpa muiníne/ dearcthaí diúltacha na múinteoirí. D'aithin na príomhoidí go raibh ról rílárnach ag na múinteoirí maidir le cur chun cinn na teanga.

Teagasc téacsleabhar-bhunaithe sna meán/ardranganna

Measadh go raibh athrú sa chleachtas ó chuir chuige idirghníomhacha agus spraíula sna ranganna sóisearacha go teagasc a bhí bunaithe ar na téacsleabhair sna meán/ardranganna. Measadh go raibh drochthionchar aige seo ar dhearcthaí i leith na Gaeilge agus i leith úsáid na teanga nuair a cuireadh béim níos lú ar labhairt na teanga sna meán/ardranganna agus béim níos mó ar léitheoireacht agus scríbhneoireacht sna téacsleabhair: "*The shift from fun to academic subject is where the difficulty lies.*" (POBS-B) ("*Tagann an deacracht chun cinn nuair a athraítear ón spraoi go hábhar acadúil").* Measadh freisin go raibh sé níos deacra a bheith ag teagasc trí Ghaeilge amháin sna hardranganna ná sna ranganna sóisearacha, agus ceanglaíodh é sin leis an teanga a úsáidtear sna téacsleabhair: "*Somewhere along the way from JI to sixth class we are losing tumoideachas*" (POBS-A)("*Caillteart an tumoideachas áit éigin idir Naíonáin Shóisearacha agus rang a sé").*

Leanúnachas agus forchéimniú

Léirigh na príomhoidí imní maidir leis an easpa leanúnachais agus dul chun cinn a bhain le foghlaim na teanga ó rang a haon go rang a sé. Mhaígh siad go raibh athrá ar ábhar atá mórán mar an gcéanna ó bhliain go bliain agus nach raibh úsáid na teanga cumarsáide ar bhonn neamhspleách ag teacht as sin le himeacht ama.

An t-am a thugtar don Ghaeilge agus líon na bpáistí sna ranganna

Measadh gur dhrochrud é an laghdú ar an am a thugtar don Ghaeilge, agus gur dhrochrud é líon mór páistí a bheith sna ranganna freisin: "*There is the practicality of less time now spent on the teaching of Gaeilge*" (POBS-A) ("*Le bheith praiticiúil faoi, caitear níos lú ama ar theagasc na Gaeilge anois").* Chruthaigh an réimse leathan riachtanas a bhain le ranganna móra dúshláin i dtaca leis an difreálú, agus cuireadh leis na dúshláin sin nuair nach raibh tacaíocht foghlama ann sa Ghaeilge.

Díolúintí

Chuir na príomhoidí in iúl go raibh sé ina chúis imní acu go raibh méadú ag teacht ar líon na ndíolúintí ag leibhéal na bunscoile. Tugadh le fios go raibh an meon a chothaíonn an nós sin i measc na dtuismitheoirí ina ábhar imní freisin: "*One parent will say my child needs an exemption and it is contagious - next thing there is another parent in looking for it.*" (POBS-A)("*Déarfaidh tuismitheoir amháin go bhfuil díolúine ag teastáil ó pháiste leo agus tá sé sin tógálach – an chéad rud eile, bíonn díolúine á lorg ag tuismitheoir eile").* Bhí na díolúintí ina gceist dheacair agus chasta ag na príomhoidí, agus bhí cúrsaí ag éirí níos deacra fós toisc méadú a bheith ag teacht ar líon na dtuismitheoirí a bhí ag lorg díolúintí dá gcuid páistí. Chuir na

príomhoidí a ghlac páirt sna fócasghrúpaí in iúl gurbh fhearr leo dá mbeadh cur chuige níos ionchuimsithí i bhfeidhm ag leibhéal na bunscoile maidir le teagasc agus foghlaim na Gaeilge.

Moltaí na bpríomhoidí bunscoile

Cuir dearcthaí dearfacha i leith na Gaeilge chun cinn

Dúirt na príomhoidí go raibh sé tábhachtach dearcthaí dearfacha a chothú i leith na Gaeilge agus sceitimíní a chur ar an lucht foghlama maidir le húsáid na Gaeilge, de réir mar a dhéantar sa tionscadal 'Cuir Fáilte Roimh Theangacha'. Anuas air sin, tharraing siad aird ar an tábhacht a bhaineann le foghlaim na Gaeilge a nascadh leis an gcultúr chun grá agus bród a chothú don teanga. Measadh go raibh tábhacht ag baint leis an ionchuimsiú, is é sin le rá, gur chóir a chur in iúl gur teanga don uile dhuine í an Ghaeilge. Rinneadh tagairt do chúrsaí ionchuimsithe ó thaobh ghairm na múinteoireachta de freisin.

Cuir úsáid idirghníomhach na teanga chun cinn

Measadh go raibh sé tábhachtach béim a leagan ar úsáid idirghníomhach na Gaeilge labhartha ar bhonn scoile uile.

Déan straitéisí agus tacaíochtaí a fhorbairt i dtaca le húsáid na Gaeilge lasmuigh den cheacht Gaeilge

Moladh gur chóir an Ghaeilge a úsáid mar mheán neamhfhoirmiúil cumarsáide i rith an lae ar bhonn scoile uile ar fud na tíre ar mhaithe le breis deiseanna a chur ar fáil do na páistí chun an teanga a úsáid. Moladh ábhair eile a theagasc trí Ghaeilge. Measadh go raibh Seachtain na Gaeilge go maith maidir le húsáid na Gaeilge a spreagadh agus dearcthaí dearfacha a chothú ina leith. Measadh go bhféadfaí fad a chur le Seachtain na Gaeilge. Measadh freisin go bhféadfaí leas a bhaint as córais luaíochta chun úsáid na Gaeilge a spreagadh.

Cuir úsáid na Gaeilge lasmuigh den scoil chun cinn

Thuig na príomhoidí go bhféadfaí leas a bhaint as nasc a bhunú le pobal teanga lasmuigh den scoil, mar shampla: nasc a bhunú le clubanna spóirt áitiúla; turais chun na Gaeltachta; aoichainteoirí a labhraíonn Gaeilge nó a úsáideann an Ghaeilge ina slí bheatha; cláir theilifíse; turais scoile trí Ghaeilge; an Ghaeilge a úsáid sa phobal; naisc a bhunú leis an mbaile; agus ranganna do thuismitheoirí.

Cuir acmhainní ar fáil arbh fhéidir teacht orthu go héasca

Moladh breis acmhainní digiteacha don Ghaeilge a chur ar fáil agus moladh gur chóir go bhféadfadh na múinteoirí teacht ar na hacmhainní atá ar fáil go héasca in 'aon ionad amháin'.

Ghlac príomhoidí leis go bhfuil go leor acmhainní nua ann agus go bhfuil seans ann nach bhfuil na múinteoirí ar an eolas faoi na hacmhainní ar fad atá ar fáil.

Cuir leis na deiseanna atá ar fáil maidir le hoideachas/forbairt ghairmiúil do mhúinteoirí

Moladh forbairt ghairmiúil a chur ar fáil chun tacú le cumas teanga agus muinín na múinteoirí, agus chun cur leis na hoideolaíochtaí a thacaíonn le labhairt na teanga. Measadh go raibh tábhacht ag baint le tréimhsí sa Ghaeltacht do na múinteoirí. Moladh go bhféadfadh múinteoirí a bhfuil saineolas acu ar theagasc na Gaeilge tacaíocht ionscoile a chur ar fáil do mhúinteoirí trí mhúnlóireacht a dhéanamh.

Déan fís agus cur chuige comhordaithe i leith na Gaeilge a fhorbairt

Moladh iarracht chomheagraithe a dhéanamh i leith na Gaeilge seachas eagraíochtaí éagsúla a bheith ag obair go neamhspleách ar a chéile. Moladh freisin go bhféadfaí nasc a bhunú leis an FTCE chun leanúnachas, forchéimniú agus trédhearcacht maidir le teagasc agus foghlaim na Gaeilge a chur chun cinn.

Tuismitheoirí bunscoile

Cuirtear na príomhthéamaí a bhain leis na fócasghrúpaí inar ghlac tuismitheoirí páistí bunscoile i láthair sa mhír seo. Mar chuid den chomhairliúchán, ghlac 25 tuismitheoir páirt i gceithre fhócasghrúpa. Reáchtáladh dhá fhócasghrúpa aghaidh ar aghaidh agus dhá cheann ar líne. Bhí páistí na dtuismitheoirí seo ag freastal ar réimse ranganna i mbunscoileanna éagsúla ar fad na tíre. Ina measc siúd bhí tuismitheoirí arbh iad teangacha eile seachas Gaeilge nó Béarla na teangacha baile a bhí acu.

Ar dtús, déantar tuairisciú ar dhearcthaí na dtuismitheoirí i leith thábhacht fhoghlaim na Gaeilge dá gcuid páistí agus cuirtear torthaí in iúl a bhaineann le húsáid na Gaeilge lasmuigh den scoil ina dhiaidh sin. Cuirtear idir ghnéithe dearfacha agus dúshláin a bhaineann le teagasc, foghlaim agus measúnú na Gaeilge i láthair. Ag deireadh na coda seo, déantar na moltaí a rinne na tuismitheoirí a chur in iúl.

Dearcthaí i leith na Gaeilge

Mheas na tuismitheoirí a ghlac páirt sna fócasghrúpaí go raibh sé tábhachtach go bhfoghlaimeodh a gcuid páistí an Ghaeilge. Bhí cúiseanna cultúrtha ar cheann de na príomhchúiseanna a bhí ann maidir le foghlaim na Gaeilge. Tháinig sé chun solais i ngach grúpa gur measadh go raibh sé tábhachtach an Ghaeilge a fhoghlaim chun teanga dhúchais na hÉireann agus cultúr na hÉireann a chaomhnú: *"It is also a culture - it would be very sad not to teach it" (MBS-B) ("Cultúr atá inti freisin – bheadh sé iontach brónach gan í a theagasc"*). Mar

shampla, measadh go gcuireann foghlaim na Gaeilge le tuiscint na bpáistí ar logainmneacha, rud a chabhraíonn leis na páistí tuiscint níos fearr a fháil ar an gceantar áitiúil. Cuireadh in iúl go labhraítear an Ghaeilge in áiteanna áirithe sa tír agus go bhfuil sé tábhachtach an Ghaeilge a fhoghlaim dá bharr sin. Dúradh go raibh naisc idir foghlaim na Gaeilge agus bealaí chun gairmeacha beatha ar leith (m.sh., an státseirbhís, múinteoireacht), rud a d'fhág go raibh sé sin ina ábhar spreagtha freisin. Chuir tuismitheoirí áirithe in iúl go mbeadh cumas Gaeilge ina bhuntáiste maidir le cúrsaí oideachais. Chuir roinnt acu in iúl gur mheas siad go dtéann sé chun sochair do pháistí teangacha a fhoghlaim, agus luadh go bhféadann foghlaim na Gaeilge a bheith ina cuidiú maidir le forbairt na scileanna cognaíocha a bhaineann le teangacha breise a shealbhú. Mhínigh tuismitheoirí a raibh cúlraí inimirceacha acu go raibh sé tábhachtach go bhfoghlaimeodh a gcuid páistí an Ghaeilge toisc iad a bheith ina gcónaí in Éirinn agus toisc gur gné thábhachtach d'fhéiniúlacht na hÉireann í an Ghaeilge. I gcásanna áirithe, bhí sé ina ábhar bróid ag na tuismitheoirí go raibh a gcuid páistí ag foghlaim na Gaeilge agus rinne siad ceangal idir an fhoghlaim sin agus lánpháirtíocht sa tír. Cé gur mheas líon beag tuismitheoirí nach raibh sé tábhachtach go mbeadh a gcuid páistí go maith ag labhairt na Gaeilge, d'áitigh go leor de na tuismitheoirí gurb é an rud is tábhachtaí ná go mbeadh na páistí in ann an Ghaeilge a labhairt.

Mhol go leor de na tuismitheoirí gur chóir níos lú béime a chur ar an léitheoireacht agus scríbhneoireacht ón téacsleabhair ionas go bhféadfaí béim níos mó a chur ar labhairt na teanga. Chuir an-chuid tuismitheoirí in iúl gur mhaith leo go mbeadh a gcuid páistí in ann comhrá a dhéanamh i nGaeilge. Cé gur díríodh ar theagasc agus foghlaim na Gaeilge ag leibhéal na bunscoile sna fócasghrúpaí seo, cuireadh in iúl go raibh díolúintí ón nGaeilge ag leibhéal na hiar-bhunscoile ina gcúis imní. Bhí na tuismitheoirí den tuairim go raibh na scrúduithe Gaeilge ag an iar-bhunleibhéal deacair agus mheas siad go bhféadfadh a bpáiste féin a bheith faoi bhuntáiste ar bhonn acadúil dá bharr. D'ardaigh roinnt tuismitheoirí ceist faoin gcaoi a bhfuil an Ghaeilge éigeantach san Ardteistiméireacht, mar go n-imríonn an scrúdú éigeantach tionchar ar thorthaí na scoláirí agus ar dhearcthaí na scoláirí i leith na teanga.

Úsáid na Gaeilge

Ar an mórgóir, chuir na tuismitheoirí in iúl gur beag deis a bhíonn ag a gcuid páistí an Ghaeilge a úsáid lasmuigh den scoil. Ní raibh an Ghaeilge in úsáid sa bhaile ag an gcuid is mó de na páistí ach don obair bhaile amháin. Dúirt tuismitheoir amháin go raibh páiste leo ag foghlaim focal ó Kneecap agus go raibh sé sin tarraingteach toisc gur bhain sé le hábhair ar chuir an páiste sin spéis iontu. Cuireadh in iúl go raibh baint idir easpa deiseanna chun an

Ghaeilge a úsáid lasmuigh den scoil agus infheictheacht na teanga agus fíorbheagán spéise ina leith. Dúradh go mbíonn páistí áirithe in amhras faoin bhfiúntas a bhaineann le foghlaim na teanga mura mbíonn deiseanna ar fáil chun í a úsáid. Ba mhinic nach raibh tuismitheoirí na bpáistí bunscoile ar an eolas faoina raibh á bhfoghlaim ag a gcuid páistí ar scoil. Nuair a *bhí* siad ar an eolas faoi, níor bhain sé ach le liosta na bhfocal a bhí le litriú ag na páistí don obair bhaile, den chuid is mó. Chuir roinnt tuismitheoirí in iúl go raibh breis acmhainní ag teastáil ionas go mbeadh siad in ann tacú lena gcuid páistí maidir le foghlaim na Gaeilge. Déantar plé air seo níos faide anonn.

Tuairimí na dtuismitheoirí maidir le gnéithe dearfacha de theagasc, foghlaim, agus measúnú na Gaeilge

Cuirtear tuairimí na dtuismitheoirí maidir le gnéithe dearfacha de theagasc, foghlaim agus measúnú na Gaeilge i láthair de réir trí fhothéama: (i) cuir chuige ghníomhacha, (ii) tacaíocht ón scoil agus (iii) tionchar múinteoirí aonair.

Cuir chuige ghníomhacha

Bhí tuairimí difriúla ag na tuismitheoirí maidir leis na heispéiris a bhí ag a gcuid bpáistí agus iad ag foghlaim na Gaeilge ar an mbunscoil. Thuairiscigh tuismitheoirí go raibh eispéiris dhearfacha ag an-chuid páistí, go háirithe sna bunranganna. Dúirt formhór na dtuismitheoirí gur bhain na páistí sult as an amhránaíocht, as cluichí agus as cuir chuige idirghníomhacha i leith fhoghlaim na Gaeilge. De réir na dtuismitheoirí, taitníonn sé leis na páistí nuair a bhíonn an Ghaeilge comhtháite le gníomhaíochtaí eile agus nuair a bhíonn baint aici le féilte cultúrtha, m.sh., Seachtain na Gaeilge, Lá Fhéile Pádraig. Bhí sceitimíní ar chuid de na páistí toisc teanga nua a bheith á foghlaim acu. I gcásanna áirithe, ní raibh na páistí chomh dearfach céanna faoi bheith ag foghlaim na Gaeilge sna meán/ardranganna is a bhí siad sna ranganna sóisearacha, i ngeall ar an mbéim bhreise a bhí á cur ar léitheoireacht agus scríbhneoireacht a bhain leis an téacsleabhar (déantar plé air seo níos faide anonn).

Tacaíocht ón scoil

D'fháiltigh na tuismitheoirí roimhe nuair a chuir an scoil tacaíocht ar fáil don Ghaeilge. Mar shampla, dúirt tuismitheoir amháin gur sheol an scoil roinnt bunfhrásaí abhaile chucu, mar aon le cód QR don fhuaimniú. Bhí tuismitheoir eile buíoch nuair a roinn an scoil focail agus frásaí bunúsacha a bhain le téama ar leith leo. Bhí tuismitheoir nach raibh i bhfad sa tír ag freastal ar ranganna Gaeilge agus ag baint sult as bheith ag foghlaim Gaeilge in éineacht lena páiste. Sheol múinteoir ó scoil amháin taifeadadh den léitheoireacht Ghaeilge abhaile chucu agus measadh go raibh sé sin ina chuidiú. Dúirt tuismitheoir amháin, nár thosaigh

páiste léi ag foghlaim na Gaeilge go dtí na ranganna sinsearacha, go raibh an páiste sin ag baint úsáid as acmhainní digiteacha sa bhaile chun a bheith ag foghlaim na Gaeilge aisti féin agus gur choinnigh an múinteoir ar an eolas í maidir leis an dul chun cinn a bhí déanta ag an bpáiste. Mhol roinnt tuismitheoirí an chaoi a gcoinníonn an scoil ar an eolas iad faoin dul chun cinn a bhíonn á dhéanamh ag a gcuid páistí sa Ghaeilge, go háirithe nuair nach mbíonn formhór na dtuismitheoirí in ann dul chun cinn an pháiste a mheas iad féin.

Tionchar na múinteoirí aonair

Glacadh leis sna fócasghrúpaí go mbíonn baint níos mó ag múinteoirí aonair le dearcthaí na bpáistí i leith na Gaeilge ná mar a bhíonn acu i dtaca leis na hábhair eile. Measadh nach mar a chéile iad na dearcthaí a bhíonn ag na múinteoirí ar fad agus go bhféadfadh cúrsaí athrú ó bhliain go bliain. Nuair a bhí 'grá' ag na múinteoirí don teanga, cothaíodh grá don Ghaeilge sna páistí agus chuaigh sé chun sochair na foghlama. Ar an taobh eile den scéal, measadh go gcuireann sé isteach ar dhearcthaí na bpáistí agus ar a gcuid foghlama nuair a bhíonn dearcadh diúltach i leith na Gaeilge ag an múinteoir. Mar shampla, rinne tuismitheoir amháin cur síos ar an eispéireas dearfach a bhí acu maidir le foghlaim na Gaeilge agus cuireadh in iúl gur bhain sé sin le múinteoir éifeachtach a bhí acu. I gceann amháin de na fócasghrúpaí, ardaíodh ceist faoin leas a d'fhéadfaí a bhaint as sainmhúinteoirí.

Ná dúshláin a bhaineann le teagasc, foghlaim agus múineadh na Gaeilge

Chuir roinnt tuismitheoirí in iúl go raibh dearcthaí diúltacha ag páistí áirithe i leith fhoghlaim na Gaeilge i ngeall ar an tairbhe atá leis an bhfoghlaim sin nó toisc go gceaptar go bhfuil sí deacair. Mheas roinnt tuismitheoirí go raibh deacrachtaí ag páistí áirithe maidir le foghlaim na Gaeilge agus nár bhain siad sult as an bhfoghlaim sin, go háirithe sna hardranganna. Cé gur measadh go gcuirtear béim níos mó ar chuir chuige ghníomhacha maidir le foghlaim na Gaeilge sna ranganna sóisearacha, tagann dúshláin ar leith chun cinn sna meán/ardranganna. Déantar na dúshláin a phlé de réir ceithre fhothéama: (i) litriú, (ii) leanúnachas agus forchéimniú, (iii) díolúintí ón nGaeilge agus (iv) tacaíochtaí do thuismitheoirí.

Litriú

Tháinig sé chun solais go raibh dúshlán roimh chuid de na páistí litriú a fhoghlaim, agus gur chuir sin strus orthu agus ar a gcuid tuismitheoirí dá bharr. I gcásanna áirithe, chuir na tuismitheoirí in iúl go mbíonn an litriú a bhíonn le foghlaim ag a gcuid páistí bunaithe ar liosta focal nach mbaineann le patrúin litrithe, le fónaic, nó le focail choitianta Ghaeilge. Thug na tuismitheoirí samplaí den chaoi a mbíonn ar na páistí litriú a fhoghlaim a bhíonn bunaithe ar fhocail nach dtuigeann siad agus nach féidir leo a rá, a dhíchódú ná a úsáid i gcomhthéacs. De

réir cosúlachta, cuireann na heispéiris dhiúltacha sin maidir le litriú na Gaeilge – go háirithe na scrúduithe litrithe – isteach go mór ar dhearcthaí na bpáistí i leith na Gaeilge agus ar mhuinín na bpáistí maidir le húsáid a bhaint as an nGaeilge. I gcásanna áirithe, thuairiscigh tuismitheoirí go raibh an imní a bhain le litriú na Gaeilge ag cur isteach ar fholláine na bpáistí. De réir cosúlachta, ní dhearnadh difreálú ar na scrúduithe litrithe i gcásanna áirithe, rud a fhágann go bhféadfadh na páistí a bheith den tuairim nach raibh ag éirí leo ar chor ar bith ar feadh tréimhse. Measadh go raibh na modhanna teagaisc agus na modhanna measúnaithe a bhain le litriú na nGaeilge ag cur cuid de na páistí faoi bhrú mór.

Leanúnachas agus forchéimniú

I gcásanna áirithe, chuir tuismitheoirí in iúl nach raibh páiste leo in ann comhrá sásúil a dhéanamh trí Ghaeilge faoi rang a cúig nó rang a sé. Dúradh gur minic a fhoghlaimíonn na páistí focail (is é sin, ainmfhocail astu féin seachas ainmfhocail i gcomhthéacs abairte) a bhaineann le téamaí a dhéantar arís is arís eile gach uile bhliain gan aon tógáil orthu chun cumas cumarsáide sa teanga a fhorbairt. D'áitigh go leor de na tuismitheoirí gur chóir breis ama a chaitheamh ar scileanna labhartha na teanga a fhorbairt ar bhonn struchtúrtha: *"If it is a cultural thing - we should be speaking it. I'd echo what others have said. Eyes on the prize - can people have a conversation in Irish? The very same as others have said - it's very important to learn Irish and the emphasis should be on the oral and speaking it - questions and answers, little comhrás, it is a great way of learning. Not too much emphasis on a (text)book and following a (text)book"* (TBS-D)(*"Más cuid dár gcultúr í – bá chóir go mbeadh sí á labhairt againn. Déarfainnse an rud céanna is a dúirt daoine eile. Bíodh ár n-aird ar an rud is tábhachtaí againn – an bhfuiltear in ann comhrá a dhéanamh trí Ghaeilge? Díreach mar a dúirt daoine eile – tá sé ríthábhachtach an Ghaeilge a fhoghlaim agus ba chóir go mbeadh an bhéim ar an teanga ó bhéal agus ar labhairt na teanga – ceisteanna agus freagraí, comhráite gairide, sin bealach iontach chun í a fhoghlaim. Gan an iomarca béime ar (théacs)leabhar ná ar (théacs)leabhar a leanúint"*). Cuireadh in iúl go raibh leanúnachas agus forchéimniú i dtaca le foghlaim na Gaeilge ina n-ábhar imní: "*The only thing that gets sent home for homework is the words. What's the point? Parents need a sense of what we are working towards in a term or year … they're still learning the same thing in fourth class. Resources should be sent home to give a sense of what they are working on and a clear target."* (TBS-D) *("Ní chuirtear abhaile mar obair bhaile ach na focail. Cad is fiú é sin? Caithfidh go mbeidh tuairim éigin ag na tuismitheoirí faoi na spriocanna foghlama atá againn don téarma nó don bhliain … Bíonn an rud ceannann céanna á foghlaim acu i rang a ceathair. Ba chóir acmhainní a sheoladh abhaile ionas go mbeidh tuairim againn céard atá ar siúl acu agus ionas go mbeidh sprioc shoiléir leagtha amach").* Bhí díomá ar thuismitheoirí maidir le caighdeán na scileanna cumarsáide

Gaeilge a bhí bainte amach ag a gcuid páistí, go háirithe na páistí sna ranganna sinsearacha. Dúirt siad gur ghá nasc ní b'fhearr a bhunú idir an bhunscoil agus an iar-bhunscoil, nuair a chuirtear san áireamh an éagsúlacht a bhaineann le caighdeán Gaeilge na bpáistí ag an bpointe aistrithe tábhachtach seo. Cuireadh in iúl gur ghá díriú ar fhoghlaim a bheadh spriocdhírithe, struchtúrtha agus forchéimnithe.

Díolúintí ón nGaeilge

Cé nach mbaineann díolúintí ón nGaeilge le téarmaí tagartha an chomhairliúcháin reatha, tháinig ceist na ndíolúintí aníos i roinnt fócasghrúpaí. Chuir tuismitheoir amháin in iúl go raibh siad buíoch go raibh díolúine ón nGaeilge ag a gcuid páistí toisc go raibh deacrachtaí acu maidir le foghlaim na Gaeilge. Rinne líon beag tuismitheoirí tagairt do chásanna ina raibh díolúintí á lorg ag páistí toisc iad a bheith faighte ag cairde leo. Ní dhearnadh plé ar dhíolúintí sna fócasghrúpaí go léir.

Tacaíochtaí do thuismitheoirí

Chuir roinnt tuismitheoirí in iúl gur cheap siad nach raibh siad in ann tacú lena gcuid páistí maidir le foghlaim na Gaeilge agus go mbeidís buíoch dá gcuirfeadh an scoil breis tacaíochtaí ar fáil dóibh. Mar shampla, d'fhéadfaí iad a chur ar an eolas faoin nGaeilge atá á foghlaim ag an bpáiste agus faoi bhealaí a bhféadfaidís tacú leis an bhfoghlaim sa bhaile. Measadh nach leor liosta focal nó leabhar Gaeilge a sheoladh abhaile astu féin, gan tacaíocht ar bith ag gabháil leo, nuair nach mbíonn na tuismitheoirí inniúil sa Ghaeilge.

Moltaí na dtuismitheoirí

Dírigh aird ar úsáid na teanga labhartha ar bhealach dearfach

Chuir go leor de na tuismitheoirí in iúl gur ghá aird a dhíriú ar an nGaeilge labhartha agus ar scileanna cumarsáide na Gaeilge a fhorbairt. Dúirt roinnt tuismitheoirí gur chóir do na paistí struchtúir abairte/frásaí a fhoghlaim, a d'fhéadfaidís a úsáid i gcomhthéacs na cumarsáide i gcaitheamh an lae. Measadh nár chuir sé le foghlaim na bpáistí ar chor ar bith ainmfhocal gan chomhthéacs a fhoghlaim. Mhol na tuismitheoirí go rachadh sé chun sochair d'fhoghlaim na bpáistí dá méadófaí deiseanna úsáide na Gaeilge i gcaitheamh an lae.

Cuir úsáid na Gaeilge chun cinn lasmuigh den cheacht Gaeilge

Chuir na tuismitheoirí in iúl gur chóir an Ghaeilge a cheangal le gníomhaíochtaí taitneamhacha cuí lasmuigh den cheacht Gaeilge. Thuig roinnt tuismitheoirí go raibh gá le breis deiseanna a chruthú chun an teanga a úsáid ar scoil agus go bhféadfaí ábhair áirithe (mar shampla, Corpoideachas) a theagasc trí Ghaeilge. Mhol siad na himeachtaí ar bhonn scoile uile a

chuirtear ar siúl le linn Sheachtain na Gaeilge a chur ar siúl ag amanna eile i rith na bliana freisin.

Cuir úsáid na Gaeilge chun cinn lasmuigh den scoil

De réir na dtuismitheoirí, thacódh sé lena gcuid páistí an Ghaeilge a fhoghlaim dá mbeadh an Ghaeilge in úsáid sa phobal agus chuirfeadh sé sin deiseanna ar fáil do na páistí an teanga a úsáid i gcomhthéacs bríoch. Tháinig moltaí chun cinn maidir leis na háiteanna/comhthéacsanna lasmuigh den scoil ina bhféadfaí deiseanna a chruthú do na páistí chun an Ghaeilge a úsáid. Ina measc siúd bhí: campaí samhraidh, clubanna spóirt, clubanna ceoil, clubanna óige, scannáin trí Ghaeilge, an Ghaeilge a úsáid sna siopaí, turais chun na Gaeltachta nó turais níos gairide do pháistí atá níos óige.

Cuir breis tacaíochtaí ar fáil do thuismitheoirí

Dúirt roinnt tuismitheoirí gur mhaith leo tuilleadh eolais faoi cad a bhíonn ar siúl ag a gcuid páistí sa Ghaeilge ar scoil. Ba bhreá leo freisin tacaíochtaí a bheith ar fáil a d'fhéadfaidís a úsáid sa bhaile. I measc na dtacaíochtaí a mhol siad bhí: aistriúcháin ón nGaeilge go dtí an Béarla nó go teangacha eile; gearrthóga físe agus taifeadtaí fuaime a bhainfeadh le hábhair a bheadh in úsáid sa rang; leabhair dhigiteacha; aipeanna amhail Duolingo; agus cnuasach acmhainní don Ghaeilge. Moladh aip don Ghaeilge a chur ar fáil a bheadh faofa ag an ROÓ. Bhí ranganna do thuismitheoirí á gcur ar fáil i roinnt scoileanna, rud a thaitin leo.

Cuir cuspóirí soiléire foghlama agus plean forchéimnithe ar fáil maidir le foghlaim na Gaeilge

Moladh gur ghá struchtúr ginearálta a chur ar fáil maidir le foghlaim na Gaeilge ón mbunscoil ar aghaidh go dtí an iar-bhunscoil agus gur chóir don struchtúr sin a bheith forchéimnithe agus trédhearcach.

Múinteoirí bunscoile faoi oiliúint

Cuirtear na torthaí a bhaineann leis na fócasghrúpaí inar ghlac na múinteoirí faoi oiliúint (n=24) páirt i láthair anseo. Reáchtáladh fócasghrúpaí aghaidh ar aghaidh in dhá institiúid éagsúla, agus reáchtáladh aon fhócasghrúpa amháin ar líne. Ba as réimse contaetha do na múinteoirí faoi oiliúint agus bhí tréimhsí caite acu go léir ar shocrúcháin scoile i scoileanna éagsúla ar fud na tíre. Déantar plé ar na torthaí de réir na dtéamaí seo a leanas: dearcthaí i leith na Gaeilge agus úsáid na Gaeilge; na gnéithe dearfacha agus na dúshláin a bhaineann le teagasc, foghlaim agus measúnú na Gaeilge le linn na socrúchán scoile. Cuirtear eolas i láthair freisin faoi eispéiris na múinteoirí faoi oiliúint agus iad ar na cúrsaí a bhaineann le hoideachas múinteoirí.

Dearcthaí i leith na Gaeilge agus fís don Ghaeilge

Bhí na múinteoirí faoi oiliúint ar aon intinn gur chóir go bhfoghlaimeodh na páistí conas an Ghaeilge a labhairt agus gur chóir gurbh é an phríomhaidhm a bhainfeadh le teagasc na Gaeilge ná go mbeadh na páistí in ann cumarsáid a dhéanamh trí Ghaeilge: "*Success for Irish is using your own language every day"* (MFOBS-A) ("*Beidh rath ar an nGaeilge nuair a bheidh ár dteanga féin in úsáid againn gach lá")*. Dúradh freisin go gcuireann foghlaim na Gaeilge deis ar fáil chun ceangal a dhéanamh le teangacha eile agus go bhféadann sé sin dul chun sochair d'fhoghlaimeoirí. Agus iad ag caint faoi fhoghlaim na Gaeilge, dúirt na múinteoirí faoi oiliúint gur cheap siad gur chóir béim ar leith a chur ar scileanna cainte agus ar theagasc na Gaeilge mar theanga, seachas mar ábhar: "*To be able to use the language creatively - to have fun with the language rather than keeping it as an academic subject"* (MFOBS-B)("*A bheith in ann an teanga a úsáid ar bhealach cruthaitheach – spraoi a bhaint as an teanga seachas í a choinneáil mar ábhar acadúil")*. Dúirt siad freisin go raibh sé tábhachtach an 'fáth' a bhfoghlaimítear an Ghaeilge a phlé leis na páistí freisin, is é sin an leas cultúrtha is féidir a bhaint as an bhfoghlaim sin.

Tugadh le fios go raibh easpa muiníne as a gcumas teanga féin ag imirt drochthionchar ar scileanna teagaisc na múinteoirí faoi oiliúint sa rang. Ghlac na múinteoirí faoi oiliúint leis go raibh sé tábhachtach go mbeadh na múinteoirí iad féin inniúil in úsáid na Gaeilge agus go mbeadh siad muiníneach ina leith sin ionas go mbeidís in ann tacú le foghlaim na bpáistí. Measadh go rachadh sé chun sochair do go leor de na múinteoirí faoi oiliúint dá mbeadh breis tacaíochtaí ar fáil dóibh chun feabhas a chur ar a gcumas Gaeilge agus chun muinín i leith úsáid na teanga a fhorbairt iontu. Measadh go raibh sé mar réamhriachtanas go ndéanfaí é sin ionas go mbeidís in ann teagasc ar bhonn éifeachtach.

Úsáid na Gaeilge

Bhí an Ghaeilge in úsáid ag cuid de na múinteoirí faoi oiliúint lasmuigh de na léachtaí foirmiúla agus iad ag: caint is ag comhrá lena gcuid cairde ar bhonn neamhfhoirmiúil; freastal ar an gCumann Gaelach; úsáid na Gaeilge sa tob-Ghaeltacht nó ar na meáin shóisialta, m.sh., Tik Tok. I gcásanna áirithe, measadh go raibh deiseanna ann chun an Ghaeilge a úsáid agus go raibh sé de rogha ag na mic léinn na deiseanna siad a thapú dá mba mhian leo. Léirigh roinnt múinteoirí faoi oiliúint nach raibh cultúr sách láidir ann maidir le húsáid na Gaeilge ar an gcúrsa d'oideachas múinteoirí agus nach raibh an Ghaeilge sách feiceálach ann. Dúirt siad go bhfáilteoidís roimh thacaíochtaí breise chun a gcumas Gaeilge a chaomhnú agus a neartú agus iad ag tabhairt faoin oideachas tosaigh múinteoirí.

Ós rud é gur tháinig na mic léinn iad féin tríd an gcóras oideachais, tugadh le fios go raibh easpa muiníne i leith na Gaeilge ag cur as do go leor de na mic léinn agus gur chuir sé sin bac orthu maidir le húsáid na Gaeilge: "*The root of most problems in Irish is the Leaving Cert curriculum. Even the kids that have loved Irish all throughout primary school, once they get into secondary school, the love and grá for the language is beaten out of you by essays. We all want to save Irish - but you are missing the demographic who have given up on it. There are so many people in our course who have given up on Irish because of the way that the Leaving Cert has treated them.*" (MFOBS-B) ("*Is é bunúdar mórchuid na bhfadhbanna a bhaineann leis an nGaeilge ná curaclam na hArdteistiméireachta. Fiú na páistí ar thaitin an Ghaeilge leo le linn dóibh a bheith ar an mbunscoil, chomh luath is a thosaíonn siad ar an iar-bhunscoil, múchann na haistí ar fad an grá a bhí agat don teanga. Teastaíonn uainn an Ghaeilge a shábháil – ach tá an déimeagrafach a chaith a hata leis fágtha ar lár. Tá an oiread sin daoine ar ár gcúrsa linn atá tar éis tabhairt suas ar an nGaeilge mar gheall ar an mbealach ar caitheadh leo san Ardteistiméireacht*"). Tugadh faoi deara go raibh go leor mac léinn ann nach bhfreastalaíonn ar imeachtaí Gaeilge amhail Tae agus Plé mura mbíonn siad muiníneach i leith úsáid na Gaeilge. Moladh gur ghá níos mó tacaíochtaí agus níos mó deiseanna úsáide teanga a chur ar fáil do na mic léinn nach bhfuil muinín acu astu féin i leith na Gaeilge le linn a gclár oideachais múinteoirí. Maidir leis na cúrsaí a bhaineann le hoideachas múinteoirí, ba iad na gníomhaíochtaí ba mhó ar bhain na mic léinn tairbhe astu ná gníomhaíochtaí a ullmhaíonn iad don seomra ranga ar bhonn praiticiúil, mar shampla, acmhainní a dhearadh seachas a bheith ag scríobh aistí a ndéanfaí measúnú orthu. I gcásanna áirithe, ní raibh na mic léinn sásta leis an nasc a bhí idir na léachtaí san oideachas múinteoirí agus an cleachtas sa rang.

Léirigh na múinteoirí faoi oiliúint tuairimí éagsúla maidir leis na heispéiris a bhí acu ar an tréimhse foghlama sa Ghaeltacht. Cé gur chuir mic léinn áirithe in iúl gur bhain siad an-tairbhe go deo as an tréimhse foghlama sa Ghaeltacht sa mhéid is gur chuir an tréimhse sin lena gcumas Gaeilge agus leis an muinín a bhí acu astu féin i leith na Gaeilge, bhí líon beag mac léinn ann nach raibh dearcadh chomh dearfach sin acu ina leith. De réir cosúlachta, ní hé an t-eispéireas céanna a bhíonn ag na mic léinn sna coláistí éagsúla. Mheas roinnt mac léinn gur chuir an tumthréimhse go mór leis an bhfoghlaim teanga dóibh. Dúirt na mic léinn sin nach ndéanfaidís dearmad go deo ar an tréimhse sin, gur bhain siad sult aisti, agus gurbh fhiú go mór í i dtaca leis an bhfoghlaim teanga. Chuir siad in iúl gur mheas siad gur chóir an cúrsa a dhifreálú le cinntiú go mbainfeadh gach uile mhac léinn tairbhe as an tréimhse, beag beann ar a gcumas Gaeilge.

Tuairimí faoi ghnéithe dearfacha a bhaineann le teagasc, foghlaim agus measúnú na Gaeilge

Bhí tuairimí na múinteoirí faoi oiliúint bunaithe ar na tréimhsí a chaith siad ar shocrúchán scoile agus ba léir go raibh siad ar aon intinn gur eispéireas foghlama tábhachtach agus múnlaitheach dóibh é an socrúchán scoile. Déantar na gnéithe dearfacha a phlé de réir na bhfothéamaí seo a leanas: (i) úsáid ghníomhach agus idirghníomhach na teanga (ii) acmhainní agus (iii) difreálú.

Úsáid ghníomhach agus idirghníomhach na teanga

Bhí na múinteoirí faoi oiliúint ar aon intinn gurb éifeachtaí teagasc agus foghlaim na Gaeilge nuair a úsáidtear oideolaíochtaí gníomhacha agus idirghníomhacha amhail amhráin, rabhlóga, cluichí, rólimirt, drámaíocht, físeáin a dhéanamh, Gaeilge neamhfhoirmiúil agus tascanna teanga. Measadh go raibh fiúntas ar leith ag baint le gníomhaíochtaí ina ndírítear ar labhairt na teanga seachas ar a bheith ag úsáid an téacsleabhair: "*It's not anything new, but I found the kids were much more engaged when I got them to stand up and walk around the classroom, e.g. surveys, speed dating, just getting them up out of their seats. That brings a whole new atmosphere or energy to the lesson. Different to 'sit down and do your Gaeilge'*" (MFOBS-B) ("*Ní haon rud nua é ach fuair mé amach gur ghlac na páistí níos rainnphairtí san obair nuair a bhí orthu seasamh suas agus siúl timpeall an tseomra ranga, m.sh., suirbhéanna, geandáil ghasta, díreach iad a chur ag bogadh thart. Spreagann sé sin atmaisféar nó fuinneamh úrnua sa cheacht. Atmaisféar atá difriúil ó 'suigh síos agus déan do chuid Gaeilge")*. D'úsáid na mic léinn acmhainní amhairc, acmhainní closamhairc agus realia mar thacaíochtaí. Is éard a dúirt mac léinn eile ná: *"I tried to make it more fun for them - e.g. éadaí for Irish - I asked them all to take in their teddies. They all landed in showing their teddies. I brought up my baby clothes and put them on. Dressing up their teddies in different clothes - they were so excited. They didn't even know they were learning Irish. Sometimes teachers are too focussed on writing it down - spoken Irish is just as good - it's really the bunrud - it's the foundation for their learning - being able to speak it first"* (MFOBS-A) *("Rinne mé iarracht féachaint chuige go mbeadh níos spraiúla dóibh – m.sh. éadaí don Ghaeilge – d'iarr mé orthu go léir a gcuid teidithe a thabhairt isteach. Leaindeáil siad ar fad isteach lena gcuid teidithe chun iad a thaispeáint dá chéile. Thug mé mo chuid éadaí linbh isteach agus chuir mé (ar teidithe) iad. Ag gléasadh a gcuid teidithe sna héadaí éagsúla – bhí siad ar bís. Ní raibh a fhios acu go fiú go raibh Gaeilge á foghlaim acu. Uaireanta, cuireann múinteoirí an iomarca béime ar an nGaeilge a scríobh síos – tá an Ghaeilge labhartha gach pioc chomh maith leis sin – is í sin an bunrud – sin bunús na foghlama – a bheith in ann í a labhairt, ar dtús')*. Measadh go dtaitníonn sé leis na páistí nuair a bhaineann foghlaim na Gaeilge lena saol féin, mar shampla, nuair a

fhoghlaimíonn siad amhráin a bhaineann le Coláiste Lurgan. Measadh gurbh fhiú aird na bpáistí a dhíriú ar fhoirm na teanga ó thaobh na Gaeilge de ionas go mbeadh cód éigin acu a d'fhéadfaidís a úsáid, mar shampla, gutaí fada na Gaeilge a iniúchadh leis na páistí. Leag roinnt múinteoirí faoi oiliúint béim ar a thábhachtaí is atá sé timpeallacht dhearfach foghlama a chruthú, áit a mbeadh cead ag na páistí triail a bhaint as an teanga agus áit a mbeadh saoirse acu botúin a dhéanamh.

Acmhainní

Chuir go leor de na múinteoirí faoi oiliúint in iúl go ndearna siad a gcuid acmhainní féin i gcomhair na socrúchán scoile agus gur thóg sé go leor ama cé gurbh fhiú é. Chuir roinnt acu in iúl go raibh cuid de na na cláir a chuireann na comhlachtaí foilsitheoireachta ar fáil úsáideach dóibh.

Difreálú

Chuir na múinteoirí faoi oiliúint in iúl go raibh a fhios acu gur ghá teagasc agus foghlaim na Gaeilge a dhifreálú agus luaigh siad samplaí de na bealaí ar úsáid siad cuir chuige dhifreálaithe le linn na socrúchán scoile. Chuir siad in iúl gur úsáid siad íomhánna, fíorábhair, teimpléid dhifreálaithe, eiseamláiriú, mataí focal agus túis abairte chun úsáid na Gaeilge a scafláil do na páistí. Leag na múinteoirí faoi oiliúint béim ar a thábhachtaí is atá sé forbairt ar leith a dhéanamh ar scileanna labhartha na teanga. Dúradh gur chóir tuilleadh deiseanna a thabhairt do pháistí a bhfuil disléicse orthu díriú ar an teanga labhartha in ionad iad a fhágáil ar lár ó fhoghlaim na Gaeilge.

Tuairimí faoi na dúshláin a bhaineann le teagasc, foghlaim agus measúnú na Gaeilge

Déantar na dúshláin a phlé de réir na bhfothéamaí seo a leanas (i) dearcthaí i leith na Gaeilge, (ii) caighdeáin éagsúla Gaeilge (iii) teagasc na Gaeilge trí Ghaeilge (iv) acmhainní agus úsáid na n-acmhainní do theagasc na Gaeilge.

Dearcthaí i leith na Gaeilge

I gcásanna áirithe, chuir na múinteoirí faoi oiliúint in iúl go raibh dearcthaí diúltacha i leith fhoghlaim na Gaeilge ag na múinteoirí agus ag na páistí agus gur chuir sé sin isteach ar na heispéiris a bhí acu féin le linn na socrúchán scoile. Bhí sé dúshlánach ag na múinteoirí faoi oiliúint na páistí a spreagadh má bhí dearcadh diúltach i leith na Gaeilge sa scoil cheana. Thug roinnt de na múinteoirí faoi oiliúint le fios gur bhreathnaigh na páistí ar an nGaeilge mar ábhar seachas mar theanga agus go raibh deacrachtaí ag baint leis sin. "*An dearcadh atá acu (páistí) maidir leis an teanga - ní fheiceann siad í mar theanga. Is abhár é - ní úsáideann siad Gaeilge neamhfhoirmiúil mar sin*" (MFOBS-A). Bhí na mic léinn bródúil as nuair a bhí dea-thionchar acu

ar fhoghlaim na bpáistí le linn na socrúchán scoile. Dhírigh roinnt mac léinn aird ar a thábhachtaí is atá dearcadh na dtuismitheoirí agus dúradh go raibh sé sin ina dheacracht ó thaobh na Gaeilge de i scoileanna áirithe: "*We know parents play a huge role in students' lives, but it is not targeted in the Irish language. If your parents had a growth mindset that would help*". (MFOBS-A) ("*Tá a fhios againn go mbíonn ról lárnach ag na tuismitheoirí i saol na scoláirí, ach ní chuirtear é sin san áireamh nuair is í an Ghaeilge a bhíonn i gceist. Bheadh sé ina chuidiú dá mbeadh meon dearfach i leith na foghlama ag do chuid tuismitheoirí").* De réir na múinteoirí faoi oiliúint, bhí éagsúlacht sna dearcthaí i leith na Gaeilge, san am a thugtar don Ghaeilge agus sa bhéim a leagtar ar an nGaeilge i scoileanna éagsúla.

Caighdeáin éagsúla Gaeilge agus acmhainní

I gcásanna áirithe, bhain dúshláin leis an bpleanáil do na múinteoirí faoi oiliúint toisc caighdeán na Gaeilge sna meán/ardranganna a bheith níos ísle ná mar a mbeidís ag súil leis. Chuir siad in iúl nach raibh go leor teanga sealbhaithe ag cuid de na páistí chun páirt a ghlacadh sna gníomhaíochtaí agus go raibh neamhréir idir caighdeán Gaeilge na bpáistí agus acmhainní a bhí aoisoiriúnach. Thug go leor de na múinteoirí faoi oiliúint le fios go raibh an Ghaeilge a bhí sna téacsleabhair ródheacair do na páistí. Cuireadh in iúl freisin go raibh an tslí a mbaintear úsáid as acmhainní i scoileanna áirithe ina hábhar imní. Mar shampla, bhí múinteoirí faoi oiliúint ann a cheap go raibh an iomarca úsáide á baint as gearrthóga físe/cláir dhigiteacha, rud a d'fhág nach raibh mórán ama fágtha d'ionchur an mhúinteora ná do dheiseanna do na páistí chun an teanga a úsáid. Cé go ndearna na mic léinn iad féin go leor de na hacmhainní a d'úsáid siad le linn na socrúchán scoile, chuir siad in iúl go mbeadh sé deacair é sin a dhéanamh ar bhonn fadtéarmach. Thug siad le fios go bhféadfadh sé a bheith deacair teacht ar na hacmhainní cuí. D'fhéadfadh sé a bheith dúshlánach teacht ar eolas maidir le conas an leas is fearr a bhaint as na hacmhainní agus conas difreálú a dhéanamh orthu. Tugadh le fios go bhfuil seans ann nach bhfuil na múinteoirí atá sa chóras ar an eolas faoi na hacmhainní ar fad atá ar fáil faoi láthair. Mar sin, mhol siad gurbh fhiú na hacmhainní ardchaighdeáin teagaisc ar fad atá ar fáil a chur i dtoll a chéile in aon áit amháin ionas go mbeadh sé éasca teacht orthu. Chinnteodh sé seo go mbeadh na hacmhainní a chuirtear ar fáil ar ardchaighdeán ó thaobh na Gaeilge de.

Teagasc na Gaeilge trí Ghaeilge

Bhí teagasc na Gaeilge trí mheán na Gaeilge ar cheann de na príomhthéamaí a tháinig chun cinn toisc go moltar do na mic léinn go léir é sin a dhéanamh san oideachas tosaigh múinteoirí. Chuir sé sin strus ar mhic léinn áirithe a cheap nach raibh cumas Gaeilge sách maith acu chun an ceacht ar fad a theagasc trí Ghaeilge. Bhí faitíos ar na mic léinn go

'gcaillfidís marcanna' dá n-úsáidfidís Béarla sa cheacht Gaeilge: "*Sometimes I think the priority is not in the right place. I'm focused on my own Irish rather than teaching.*" (MFOBS-B) ("*In amanna measaim nach bhfuil tús áite á thabhairt don rud ceart. Bím ag díriú ar mo chuid Gaeilge féin seachas ar an teagasc*"). Tugadh le fios go múineann cuid de na mic léinn trí Ghaeilge nuair a thagann teagascóir socrúcháin scoile ar cuairt, ach go ndéantar 'return to normal' ina dhiaidh sin toisc nach ndéantar an Ghaeilge a theagasc trí Ghaeilge sa scoil sin de ghnáth. Measadh go raibh sé an-dúshlánach a bheith ag teagasc trí Ghaeilge mura mbeadh an cleachtas sin sa scoil cheana. De réir cosúlachta, bhí breis tacaíochta ag teastáil ó roinnt múinteoirí faoi oiliúint chun tuiscint na bpáistí ar theanga nua a scafláil mar ba chóir, go háirithe nuair a dhéanfaí an teagasc trí Ghaeilge amháin. Dúirt na múinteoirí faoi oiliúint a chuir an scafláil sin i bhfeidhm go raibh dul chun cinn déanta ag na páistí faoin am go raibh an socrúchán scoile thart.

Moltaí na múinteoirí faoi oiliúint

Cuir breis tacaíochtaí ar fáil in oideachas tosaigh múinteoirí

Ba mhaith leis na múinteoirí faoi oiliúint go mbeadh tuilleadh tacaíochtaí ar fáil in oideachas tosaigh múinteoirí chun cumas Gaeilge na mac léinn agus a muinín i leith na Gaeilge a fhorbairt. Dúradh gur ghá breis deiseanna úsáide teanga a sholáthar. Dúradh freisin gur chóir go mbeadh an Ghaeilge ina cuid lárnach den oideachas do mhúinteoirí agus go raibh breis tacaíochtaí ag teastáil chun freastal ar na mic léinn nach bhfuil muinín acu astu féin i leith na Gaeilge. Chuir na múinteoirí faoi oiliúint in iúl gur chóir a chinntiú go bhfuil naisc láidre ann idir na cúrsaí a bhaineann le hoideachas múinteoirí agus an cleachtas sa rang.

Tacaigh le teagasc na Gaeilge trí Ghaeilge

Bhí teagasc na Gaeilge trí Ghaeilge dúshlánach ag roinnt múinteoirí faoi oiliúint nuair nach raibh sé ag teacht le cleachtas reatha na scoileanna ar fad. Ba chóir machnamh a dhéanamh ar bhreis tacaíochtaí a chur ar fáil do mhúinteoirí faoi oiliúint, do mhúinteoirí atá sa chóras agus do phobal na scoile i gcoitinne.

Dírigh ar úsáid na teanga labhartha

Mhol na mic léinn gur ghá tacaíochtaí soiléire agus pleanáil shoiléir a bheith ann chun go mbeadh na páistí in ann cumas cumarsáide áirithe sa Ghaeilge a fhorbairt.

Cuir le húsáid na Gaeilge lasmuigh den cheacht Gaeilge

Mhol na múinteoirí gur chóir an Ghaeilge a úsáid mar theanga neamhfhoirmiúil i rith an lae scoile. Mhol siad freisin go bhféadfaí ranganna eile nó codanna de ranganna eile a theagasc trí

Ghaeilge chun deiseanna a chur ar fáil do na páistí an teanga a úsáid i gcomhthéacsanna bríocha. B'fhiú freisin an Ghaeilge a cheangal leis an mbaile agus leis an bpobal lasmuigh den scoil.

Cuir taisclann d'acmhainní ardchaighdeáin le chéile

Chuir na múinteoirí faoi oiliúint in iúl go bhfáilteoidís roimh acmhainní ardchaighdeáin a thacódh le teagasc agus foghlaim na Gaeilge, a mbeidís in ann teacht orthu gan stró. Moladh úsáid a bhaint as an teicneolaíocht chun teagasc agus foghlaim na Gaeilge a chur chun cinn mar féadann acmhainní digiteacha go leor de na páistí a spreagadh.

Déan leanúnachas agus forchéimniú a chinntiú

Bheadh sé ina chuidiú ag na múinteoirí faoi oiliúint dá mbrisfí síos na torthaí ginearálta foghlama sa churaclaim i dtorthaí foghlama a bheadh soiléir agus indéanta. Cuireadh in iúl go sonrach gur ghá torthaí foghlama forchéimnithe a leagan amach ag gach céim den churaclam.

Fócasghrúpaí ag leibhéal na hiar-bhunscoile

Sa mhír seo, cuirtear torthaí i láthair ó chúig fhoghrúpa a raibh baint acu le teagasc agus foghlaim na Gaeilge sna hiar-bhunscoileanna. Tá na torthaí bunaithe ar shonraí a bailíodh sna fócasghrúpaí a reáchtáladh le (i) scoláirí (*n*=147); (ii) múinteoirí (*n*=30); (iii) príomhoidí (*n*=14); (iv) tuismitheoirí (*n*=28) agus (v) múinteoirí faoi oiliúint (*n*=10). Ar an mórgóir, déantar na torthaí a chur i láthair de réir na gceannteideal leathan *dearcthaí* agus *úsáid* ar dtús, agus ina dhiaidh sin de réir gnéithe *dearfacha* agus *diúltacha* de theagasc, foghlaim agus measúnú na Gaeilge. Cuirtear moltaí na bhfoghrúpaí i láthair freisin.

Scoláirí iar-bhunscoile

Sa mhír seo, déantar príomhthorthaí na bhfócasghrúpaí a reáchtáladh le scoláirí i sé iar-bhunscoil a thuairisciú. Bhí na scoileanna lonnaithe in áiteanna éagsúla ar fud na tíre agus bhí scoileanna a bhí páirteach agus nach raibh páirteach sa chlár DEIS ina measc, mar aon le scoileanna uirbeacha, scoileanna tuaithe agus scoileanna a bhí gar don Ghaeltacht. Tionóladh fócasghrúpa le scoláirí a bhí sa tSraith Shóisearach agus le scoláirí a bhí sa tSraith Shinsearach i ngach ceann de na scoileanna, rud a d'fhág gur tionóladh dhá fhócasghrúpa dhéag san iomlán. 147 scoláire san iomlán a chuir a gcuid tuairimí in iúl sa ghné seo den chomhairliúchán. I measc na scoláirí a ghlac páirt sna fócasghrúpaí bhí scoláirí a raibh cúlraí ilchineálacha acu. Is mar seo a leanas a chuirtear na torthaí i láthair: (i) Dearcthaí i leith na Gaeilge; (ii) Úsáid na Gaeilge; (iii) Gnéithe Dearfacha de Theagasc, Foghlaim agus Measúnú na Gaeilge; (iv) Dúshláin a bhaineann le Teagasc, Foghlaim agus Measúnú na Gaeilge.

Dearcthaí i leith na Gaeilge

Chuir formhór mor na rannpháirtithe in iúl gur mheas siad go raibh sé tábhachtach an Ghaeilge a chaomhnú agus a labhairt, ar a laghad ar bhonn prionsabail. Luaigh siad réimse cúiseanna chun tacú leis an tuairim seo, lena n-áirítear: is cuid lárnach dár stair, dár gcultúr agus dár bhféiniúlacht í (*"It's our native langauge - something we should be proud of "* (SIBS-B-Sin)/*"Is í ár dteanga dhúchais í – ba chóir dúinn a bheith bródúil aisti'*); tá sí ar cheann de na tréithe a dhéanann idirdhealú idir Éire agus tíortha eile; agus tá sé ríthábhachtach í a choinneáil beo nuair a chuirtear san áireamh an chaoi ar cuireadh faoi chois í san am atá thart. Agus cuid mhaith de na ráitis sin á dtabhairt, tugadh aitheantas do stádas reatha na Gaeilge, agus cuireadh in iúl go mba chúis "náire" í an Ghaeilge a chailliúint. Luadh cúiseanna eile ar chóir an teanga a chaomhnú lena n-áirítear naisc le gaolta – go háirithe seantuismitheoirí – a labhair an Ghaeilge, b'fhéidir; an chaoi a gcuireann sí ar chumas daoine tuiscint níos fearr a bheith acu ar logainmneacha; agus na tairbhí a bhaineann le teangacha iomadúla a bheith

agat, de réir mar atá cúrsaí i dtíortha eile na hEorpa. Ar an iomlán, léiríodh na dearcthaí ba dhearfaí i leith na Gaeilge nuair a bhí gníomhaíochtaí cultúrtha i gceist, amhail béaloideas nó ceol/rince Gaelach.

Mar sin féin, chuir na scoláirí tuairimí malartacha in iúl. Mheas cuid acu nár bhain an Ghaeilge lena gcuid féiniúlachta: *"I don't feel ashamed of not knowing Irish. I don't feel a connection to me personally"* (SIB-A-Sin) (*"Ní hé go bhfuil náire orm toisc nach bhfuil Gaeilge agam. Ní airím go mbaineann sí liomsa ar bhonn pearsanta"*). Is ar éigean is fiú an Ghaeilge a fhoghlaim ar chor ar bith, dar le rannpháirtithe áirithe, a mheas nach teanga bheo a thuilleadh í. Nuair a léiríodh a leithéid de thuairimí, cuireadh in iúl gur measadh gur beag úsáid phraiticiúil is féidir a bhaint as an nGaeilge lasmuigh den scoil nó sa todhchaí. Maidir le roinnt de na scoláirí a cheap *go bhfuil* sé tábhachtach an Ghaeilge a fhoghlaim, bhí fonn níos lú orthu an uaillmhian sin a bhaint amach i ngeall ar an eispéireas scoile a bhí acu féin i leith fhoghlaim na Gaeilge. Mar a dúirt scoláire amháin: "*I find learning Irish a chore. I'm doing it because I have to. There was no time during school when I found it enjoyable."* (SIB-A-Sin) (*"Is obair domsa an Ghaeilge a fhoghlaim. Is é an fáth a ndéanaim é ná nach bhfuil aon rogha agam. Níor bhain mé sult aisti riamh le linn dom a bheith ar scoil"*). Chuir na scoláirí in iúl go raibh cineál frustrachais orthu nach raibh siad muiníneach i leith labhairt na teanga cé go raibh siad ag foghlaim na teanga ar scoil leis na blianta. Is iomaí scoláire a chuir in iúl go mbíonn drochthionchar ag an mbealach a ndéantar an Ghaeilge a theagasc ar scoil ar dhearcthaí i leith na Gaeilge. Is éard a dúirt scoláire amháin ná: "*You associate the language with the Leaving Cert - you're not learning it because you want to learn it"* (SIBS-B-Sin) (*"Ceanglaíonn tú an teanga leis an Ardteist – ní hé go mbíonn sí á foghlaim agat díreach toisc go mbíonn tú ag iarraidh í a fhoghlaim"*) agus is éard a dúirt scoláire eile ná: "*I feel like school can ruin it on you sometimes - when they are pushing literature"* (SIBS-E-Sóis)(*"Measaim gur féidir leis an scoil é a mhilleadh ort uaireanta – nuair a bhrúitear an litríocht chun cinn"*). Is iomaí scoláire a chuir in iúl gur thaitin an Ghaeilge leo nuair a bhí siad ar an mbunscoil ach gur a mhalairt a bhí fíor ar aistriú go dtí na hiar-bhunscoile dóibh. Bhí a gcuid tuairimí i leith na Gaeilge agus na dearcthaí diúltacha a bhí acu i leith chóras na scrúduithe i gcoitinne ag leibhéal na hiar-bhunscoile fite fuaite ina chéile. Cé nár bhain sé le téarmaí tagartha an chomhairliúcháin seo, chuir roinnt scoláirí in iúl gur cheap siad nár chóir an Ghaeilge a bheith ina hábhar éigeantach ag leibhéal na hiar-bhunscoile.

Úsáid na Gaeilge

Ní mar a chéile an méid úsáide a bhain na scoláirí as an nGaeilge le linn dóibh a bheith ar scoil. Chuir scoláirí áirithe in iúl go mbíonn a gcuid scileanna teanga á gcleachtadh acu sna ranganna Gaeilge (m.sh., seisiúin 'Tae agus Plé'), ach chuir go leor de na scoláirí in iúl go

gcaitear an t-am sa rang ar ghníomhaíochtaí eile *seachas* ar labhairt na teanga (féach thíos). Chuir roinnt acu in iúl gur beag úsáid ghníomhach a bhaineann siad as an nGaeilge: *"Do you speak Irish to the teacher? Not really. The teacher does most of the talking, telling us about the poem or literature"* (SIBS-F-Sóis) ("*An labhraíonn tú Gaeilge leis an múinteoir? Ní labhraíonn, i ndáiríre. Déanann an múinteoir an chuid is mó den chaint, ag insint dúinn faoin dán nó faoin litríocht")*. Chuir siad in iúl go mbaineann siad sult as bheith ag labhairt na Gaeilge aon uair a *ndéanann* siad a leithéid – agus déanann siad é sin de ghnáth agus iad ag ullmhú do Bhéaltriail na hArdteistiméireachta. Lasmuigh den rang Gaeilge, is le linn imeachtaí a bhain le Seachtain na Gaeilge, den chuid is mó, a bhí an Ghaeilge in úsáid acu. Bhain siad sult as gníomhaíochtaí amhail díolacháin cístí trí Ghaeilge, turais trí Ghaeilge (m.sh, boghdóireacht, cairtíneacht), céilithe, amhránaíocht, breathnú ar scannáin (m.sh., An Cailín Ciúin) agus an scéim Gaeilge 24. Mar sin féin, ar an iomlán ba é an t-eispéireas a bhí acu i leith na Gaeilge ná "*[it] stops when we leave the room"* (SIBS-E-Sóis) ("*cuirtear stop léi nuair a fhágaimid an seomra*"). Chuir roinnt acu in iúl go mbíodh níos mó teagmhála acu leis an nGaeilge le linn dóibh a bheith ar an mbunscoil.

Chuir na scoláirí in iúl gur beag úsáid a bhaineann siad as an nGaeilge lasmuigh den scoil. Nuair a ceistíodh go díreach iad, is ar éigean a thug siad sampla ar bith de na bealaí a n-úsáidtear an Ghaeilge, nó luaigh siad bealaí a bhféadfaí í a úsáid go teoiriciúil (mar shampla, bhí a fhios acu go raibh TG4 ann ach is ar éigean a bhreathnaigh siad riamh air). Nuair a fiafraíodh díobh cad a chuireann bac orthu an Ghaeilge a úsáid, ba mhinic a thug siad freagraí ar nós: *"people would not understand it"* ("*ní thuigfeadh daoine í*") nó "*people would think it was strange"* ("*cheapfadh daoine go raibh sé sin ait*") (SIBS-A-Sóis). Is beag sampla a thug siad d'úsáid na Gaeilge ach dúradh, mar shampla, go chuidigh siad leis na siblíní óga chun an obair bhaile a dhéanamh. Chuir na scoláirí in iúl gur beag teagmháil a bhíonn acu leis an nGaeilge lasmuigh den scoil seachas comharthaí agus fógraí poiblí: "*the only Irish I hear is on the bus"* (SIB-B-Sóis) ("*An t-aon Ghaeilge a chloisim ná nuair a bhím ar an mbus*"). Chuir na scoláirí in iúl freisin gur beag teagmháil a bhíonn acu leis an nGaeilge ar na hardáin thraidisiúnta ná ar na meáin shóisialta. Is díol spéise é nár bhain na scoláirí a *raibh* deiseanna acu an Ghaeilge a úsáid sa cheantar áitiúil úsáid as na deiseanna sin go rialta. Mar shampla, bhí scoláirí ann a raibh gaolta acu a labhraíonn Gaeilge nó a raibh deiseanna acu an Ghaeilge a úsáid sa phobal Gaeltachta sa cheantar áitiúil (m.sh. caiféanna, clubanna, ciorcail chomhrá) ach a chuir in iúl nach nglacann siad páirt sa chomhrá Gaeilge rómhinic. Chuir scoláirí áirithe in iúl gur lú seans go n-úsáidfidís na deiseanna cainte sin toisc easpa muiníne i leith na Gaeilge a bheith ag cur as dóibh. Dúirt scoláire amháin, a raibh cainteoirí dúchais Gaeilge sa teaghlach leo, nach raibh an chanúint a bhí in úsáid sa bhaile ag teacht leis an teanga a bhí in úsáid ar scoil.

Cé nár chaith ach mionlach na scoláirí sa sampla áirithe seo tréimhse sa Ghaeltacht, is iad tuairimí na scoláirí sin an eisceacht is mó a bhaineann leis an treocht thuasluaite. Mar shampla, fuair scoláire amháin, a raibh cónaí air i gceantar uirbeach, scoláireacht chun na Gaeltachta agus dúirt sé gur thosaigh sé ag smaoineamh i nGaeilge dá bharr: "*Speaking the language 24/7 - [I] started thinking in Irish instead of thinking in English - the activities like sports that I liked in Irish really helped as well"* (SIBS-B-Sin) (*"Labhairt na teanga 24/7 - thosaigh (mé) ag smaoineamh i nGaeilge seachas i mBéarla –bhí na gníomhaíochtaí trí Ghaeilge amhail gníomhaíochtaí spóirt a thaitin liom ina gcuidiú mór agam freisin").* Chuir roinnt scoláirí in iúl gur mhaith leo dul chun na Gaeltachta ach go raibh drogall orthu é sin a dhéanamh ar fhaitíos nach mbeadh go leor Gaeilge acu. Ar an iomlán, áfach, measadh go mbíonn dea-thionchar ag eispéiris sa Ghaeltacht ar dhearcthaí i leith na Gaeilge agus ar úsáid na Gaeilge.

Ar an mórgóir, agus iad ag smaoineamh ar aghaidh ó na laethanta scoile, níor smaoinigh na scoláirí ach ar líon beag roghanna nó gairmeacha beatha ina bhféadfaidís an Ghaeilge a úsáid amach anseo. Nuair a ceistíodh iad faoin mbaint a bheadh acu leis an nGaeilge tar éis dóibh an scoil a fhágáil, luaigh siad poist áirithe, mar shampla, múinteoirí, Gardaí, an státseirbhís nó polaiteoirí. Ar an iomlán, ní raibh tuiscint shoiléir ag na scoláirí ar an gcaoi a bhféadfaí an Ghaeilge a úsáid lasmuigh den chóras oideachais.

Tuairimí faoi ghnéithe dearfacha de theagasc, foghlaim agus measúnú na Gaeilge

Scileanna teanga ó bhéal

Ba iad na ceachtanna ba tharraingtí do na scoláirí ná na ceachtanna ina raibh deiseanna acu an teanga a labhairt. Bhain siad níos mó tairbhe as na ceachtanna sin. Léiríodh é sin nuair a dúirt scoláire amháin: "*I think when it comes to speaking it really helps … I progress more when speaking than when I am writing"* (SIB-B-Sin) (*"Measaim féin go mbíonn sé ina chuidiú mór nuair a labhraítear í… déanaim dul chun cinn níos fearr nuair a bhímse ag caint ná nuair a bhímse ag scríobh")* agus nuair a dúirt scoláire eile: "*I like speaking but not writing, I like talking to the teacher instead of all the time writing. When you are writing you are not learning as much"* (SIBS-F-Sin) ("*Is maith liom a bheith ag caint ach ní maith liom a bheith ag scríobh, is fearr liom a bheith ag caint leis an múinteoir ná a bheith ag scríobh an t-am ar fad. Ní fhoghlaimíonn tú an méid céanna nuair a bhíonn tú ag scríobh*"). Thaitin an cur chuige comhoibríoch a bhain le tascanna ó bhéal leo, i.e. a bheith ag obair lena gcuid piaraí. Is fiú a lua gur minic a dúirt na scoláirí go gcaitear i bhfad níos lú ceachtanna ar an teanga ó bhéal ná mar a chaitear ar an litríocht/léitheoireacht/scríbhneoireacht (féach thíos).

Cuir chuige ghníomhacha

Bhí dearcadh dearfach ag na scoláirí i leith cuir chuige a bhain le ceol nó le drámaíocht, chomh fada is a bheadh cur chuige eispéireasach i gceist agus nach mbeadh anailís a bheadh dírithe ar na scrúduithe le déanamh acu ina dhiaidh sin: "*We did role plays … dramas last year. All were given a part and acted it out. Then we went into the literary part of it and we had to learn the answers. It just kind of ruined it.*" (SIBS-E-Sóis) ("*Rinneamar rólimirt…drámaí, an bhliain seo caite. Tugadh ról do gach duine agus ligeadh dóibh aisteoireacht sna róil sin. Ansin, thosaíomar ar an gcuid litríochta a bhain leis sin ar fad agus bhí orainn na freagraí a fhoghlaim. Chuir sé sin an rud ó mhaith orainn, ar bhealach").* Ba mhinic a chuir na scoláirí in iúl gur bhain siad taitneamh as na cuir chuige a úsáideadh sa bhunscoil: "*I think primary school is better because there is not as much literature in it, like acting out dramas like Oisín in Tír na nÓg, but here it is very heavy with vocab and all that - you remember it better when you are actually doing it*" (SIBS-E-Sin) ("*Measaim go bhfuil an bhunscoil níos fearr mar ní bhíonn an oiread sin litríochta le déanamh ansin, rudaí amhail páirt a bheith agat i ndrámaí amhail Oisín i dTír na nÓg, ach bíonn an-bhéim ar an stór focal agus rudaí mar sin anseo – bíonn sé níos éasca cuimhneamh air nuair a bhíonn sé ar siúl agat i ndáiríre").* Luadh cuir chuige ghníomhacha eile a thaitin leo, lena n-áirítear tráth na gceist (m.sh., Kahoot, Blooket), cluichí teanga (m.sh., biongó, Jenga chun an teanga ó bhéal a chleachtadh) agus gníomhaíochtaí a mbíonn gluaiseacht i gceist leo (m.sh., "*We get up and walk around and describe one of the Sraith Pictiúr to another student which helps us to learn it. It gets stuck in your head.*" (SIBS-D-Sin) ("*Seasaimid suas agus siúlaimid timpeall agus déanaimid cur síos ar cheann de na Sraitheanna Pictiúr do scoláire eile agus cabhraíonn sé sin linn é a fhoghlaim. Fanann sé i do chloigeann*"). Rinne na scoláirí tagairt do ghníomhaíochtaí a rinneadh san Idirbhliain chomh maith, amhail podchraoladh nó leabhrán Gaeilge a dhéanamh chun fáilte a chur roimh lucht na chéad bhliana. Cuireadh deiseanna ar fáil dóibh freisin agus iad amuigh ar thaithí oibre san Idirbhliain. Mar shampla, bhí scoláire amháin ann a chaith an tréimhse sin i Naíonra agus dúirt sí: "*It was nice to go and to see that it (Irish) did have a purpose - all the wee kids were using it*" (SIBS-E-Sin) ("*Bhí sé go deas a bheith ann agus a fheiceáil go bhfuil feidhm léi (leis an nGaeilge) – bhí sí in úsáid ag na páistí beaga ar fad").*

Úsáid na teicneolaíochta

Nuair a ceistíodh iad faoi úsáid na teicneolaíochta trí Ghaeilge, ba mhinic a rinne na scoláirí tagairt do na huirlisí aistriúcháin a bhí in úsáid acu (m.sh., focloir.ie, teanglann.ie, tearma.ie, Google translate). Ba mhinic a raibh an teicneolaíocht in úsáid chun ullmhúchán a bhain le measúnú a éascú, mar shampla, chun nótaí a bhain le scrúduithe na hArdteistiméireachta a chomhroinnt nó chun cur i láthair do Mheasúnuithe Rangbhunaithe na

Sraithe Sóisearaí a chur le chéile (MRB). I measc na bhfeidhmchlár ar baineadh úsáid astu bhí: MS Teams – chun nótaí agus acmhainní a chomhroinnt; tráth na gceist chun dul siar a dhéanamh; taifeadtaí a rinne na múinteoirí d'abairtí a bhain leis an tsraith pictiúr; cuairt a thabhairt ar shuíomhanna amhail StudyClix chun teacht ar fhreagraí samplacha do na scrúduithe. Ba mhinic a rinneadh tagairt do shleamhnáin PowerPoint freisin, agus an úsáid a bhaintear astu chun Measúnuithe Rangbhunaithe (MRB) a chur i láthair.

Ról an mhúinteora

Tarraingíodh aird ar thábhacht an mhúinteora sa mhéid a dúirt na scoláirí go díreach agus go hindíreach. Cé nach mbaineann sé seo leis an nGaeilge amháin, chuir na scoláirí in iúl go raibh meas acu ar mhúinteoir a raibh meas acu ar na scoláirí, a chuir tacaíocht ar fáil dóibh, agus a bhí sásta píosa spraoi a bheith acu: "*A bit of craic in Irish is important - she'll give you work and you do it but you won't keep going on and on about it"* (SIBS-B-Sóis) ("*Tá sé tábhachtach go mbeadh craic éigin agat leis an nGaeilge – tabharfaidh sí (an múinteoir) roinnt oibre duit agus déanfaidh tú é ach ní bheidh tú bodhraithe aici ag caint faoi")*. Léiríodh é sin freisin nuair a cuireadh tuairimí mar seo a leanas in iúl: "*I feel like she always asks what we are struggling with and tries to make it easier for us"* (SIBS-B) ("*Measaim go mbíonn sí i gcónaí ag iarraidh a fháil amach cad leis a bhfuilimid ag streachailt agus go ndéanann sé iarracht é sin a dhéanamh níos éasca dúinn ansin")* agus *"It is all to do with the teachers - there are some subjects that I like, but the teacher makes me not like it"* (SIBS-B-Sóis) ("*Braitheann sé go huile is go hiomlán ar na múinteoirí – tá roinnt ábhar ann a thaitníonn liom (i ndáiríre) ach nach dtaitníonn liom i ngeall ar an múinteoir*"). Ar an iomlán, chuir na scoláirí in iúl go raibh sé tábhachtach acu aiseolas a fháil ó na múinteoirí i leith an dul chun cinn a bhí á dhéanamh acu sa Ghaeilge. Is fiú a lua go raibh an chosúlacht air gur cheap na scoláirí go raibh sé ina chuidiú nuair a bheadh an múinteoirí ag teagasc trí Ghaeilge – ní an t-am ar fad, áfach: "*It's good to use Irish, but not all Irish"* (SIBS-B-Sin) ("*Is maith an rud é an Ghaeilge a úsáid, ach gan í a úsáid an t-am go léir")*. Chuir roinnt scoláirí in iúl go raibh deacrachtaí acu an t-ábhar a thuiscint nuair a bhí an teagasc ar fad trí Ghaeilge: "*My teachers talks fluent Irish all the time so I don't understand her"* (SIBS-B-Sin) ("*Bíonn Gaeilge líofa á labhairt ag an múinteoir an t-am go léir ach ní thuigim í")*.

Tuairimí faoi na dúshláin a bhaineann le teagasc, foghlaim agus measúnú na Gaeilge

Litríocht

Measadh go raibh róbhéim á cur ar an litríocht sna sonraíochtaí don tSraith Shóisearach agus sna siollabais don Ardteistiméireacht, agus bhí sé sin ar cheann de na príomhthéamaí a tháinig chun cinn sa mhéid a bhí le rá ag na scoláirí iar-bhunscoile. Chuir go

leor scoláirí in iúl nár thuig siad "an chúis" a mbactar leis an litríocht nó gur mheas siad nach raibh baint ag an litríocht lena saol féin: "*It's just learn the poets, learn the emotions, - there's nothing that sparks our interest - unless people are interested in literature and poetry*" (SIBS-E-Sin) ("*Ní bhíonn rud ar bith i gceist seachas a bheith ag foghlaim faoi na filí agus a bheith ag foghlaim faoi na mothúcháin – ní spreagtar muid chun spéis a bheith againn i rud ar bith – murar spéis le daoine an litríocht agus an fhilíocht")*. Mheas siad freisin go raibh ionchais neamhréadúla ann maidir leis an méid is féidir a dhéanamh sa litríocht, nuair a chuirtear san áireamh gurb í an Ghaeilge an dara teanga nó an teanga bhreise atá ag an gcuid is mó de na scoláirí sna scoileanna meán-Bhéarla: "*I feel like in Irish, we are doing the same thing as we are doing in English - it is hard in English so obviously it is much much harder in Irish. The expectation is much too high*" (SIBS-B-Sin) ("*Measaim go mbíonn an rud céanna ar siúl againn sa Ghaeilge is a bhíonn ar siúl againn sa Bhéarla – bíonn sé deacair sa Bhéarla agus bíonn sé i bhfad Éireann níos deacra sa Ghaeilge, ar ndóigh. Táthar ag súil leis an iomarca")*. Ceanglaíodh an litríocht leis an bhfoghlaim de ghlanmheabhair i gcomhair na scrúduithe, agus measadh nach raibh sí chomh tábhachtach is a bhí an chumarsáid/an teanga labhartha: "*I'm never going to read an Irish book outside of school so there is no point in emphasising literature*" (SIBS-C-Sin) ("*Ní léifidh mé leabhar Gaeilge riamh lasmuigh den scoil agus dá bhrí sin ní fiú a bheith ag cur béim ar an litríocht")*. Go deimhin, thug na scoláirí le fios go raibh an oiread sin litríochta le clúdach, go háirithe ag leibhéal na hArdteistiméireachta, gur cheap na múinteoirí nach raibh mórán ama fágtha le caitheamh ar scileanna labhartha: "*It takes too much time away from other things we could be doing - the teacher is always trying to fit in the béaltriail, but can't*" (SIBS-E-Sin) ("*Glacann sé an iomarca ama, am a d'fhéadfaimis a chaitheamh ar rudaí eile – bíonn an múinteoir i gcónaí ag iarraidh am a fháil don bhéaltriail ach ní bhíonn aon am fágtha")*. Agus iad ag machnamh ar an obair a rinne siad a bhí bunaithe ar an litríocht, mhol na scoláirí gur chóir an cúrsa Gaeilge a bheith cosúil leis na cúrsaí do na Nuatheangacha Iasachta (m.sh. an Fhraincís, an Ghearmáinis) nach gcuirtear béim ar dhánta, drámaí ná úrscéalta iontu. Is fiú a thabhairt faoi deara go ndearna roinnt scoláirí tagairt do ghnéithe de litríocht na Gaeilge a thaitin leo, agus gur luaigh siad saothair ar leith ar chuir siad spéis iontu; ní raibh gach duine ar aon intinn faoi sin, áfach. Mar shampla, luaigh scoláirí ó scoil amháin (SIBS-E-Sóis) téacsanna ar leith ar chuir siad spéis iontu, amhail Stadeolaíocht, Cúpla agus Spás.

Gá le breis béime a chur ar fhíorúsáid na teanga agus ar chuir chuige ghníomhacha

Ag eascairt as an méid a pléadh thuas, chuir na scoláirí in iúl nach gcuirtear go leor béime ar úsáid bhríoch na teanga. Chuaigh an leas a bhaintear as téacsleabhair agus an bhéim a chuirtear ar an litríocht i gcoinne deiseanna labhartha na teanga: "*There is a lot of textbook*

learning and not enough speaking" (SIBS-C-Sóis) (*"Foghlaim ón téacsleabhar a bhíonn ar siúl den chuid is mó agus ní bhíonn go leor cainte ar siúl"*). Chuir na scoláirí in iúl go raibh méid áirithe frustrachais orthu nach raibh siad in ann an méid a bhí á fhoghlaim acu ar scoil a úsáid i gcomhthéacsanna eile: "*We're not told how to hold a general conversation - you're never going to go out in town and talk about your school. You're not going to go out and start talking about the novel with friends."* (SIBS-E-Sin) (*"Ní thaispeántar dúinn conas gnáthchomhrá a dhéanamh – ní labhróidh tú riamh faoi do scoil agus tú amuigh sa bhaile mór. Níl thosóidh tú ag caint le do chairde faoin úrscéal agus tú amuigh leo"*). Ar an gcaoi chéanna, chuir scoláirí na Sraithe Sinsearaí in iúl go raibh siad míshásta leis an tsraith pictiúr toisc nach spreagann an tasc sin úsáid bhríoch na teanga agus toisc gur minic a spreagann sé an fhoghlaim de ghlanmheabhair ina háit: "*The sraith pictiúr must be changed. You're not learning Irish if you're just rote learning"* (SIBS-A-Sin) (*"Caithfear an tsraith pictiúr a athrú. Ní bhíonn Gaeilge á foghlaim agat mura mbíonn ach foghlaim de ghlanmheabhair ar siúl agat"*). Tháinig sé chun solais go láidir gur mheas go leor de na scoláirí go raibh an fhoghlaim de ghlanmheabhair mar phríomhthéama san eispéireas a bhí acu i leith na Gaeilge agus iad ag ullmhú do na scrúduithe: "*In 2nd and 3rd year you are memorising for the exam, but you don't understand it"* (SIBS-D-Sóis)(*"Sa dara agus sa tríú bliain, bíonn rudaí á gcur de ghlanmheabhair agat i gcomhair na scrúduithe, ach ní thuigeann tú iad"*). De réir na scoláirí, ba mhinic iad ag foghlaim giotaí teanga nár thuig siad, mar chuid de sin: *"You just have to learn notes from the board. Dont' have a clue what they mean."* (SIBS-E-Sóis) (*"Bíonn ort nótaí ón gclár (bán) a fhoghlaim. Ní bhíonn cliú ar bith agat cad is brí leo*"). I gcásanna áirithe, chuir scoláirí in iúl go raibh dearcthaí dearfacha acu i leith na Measúnuithe Rangbhunaithe sa Ghaeilge. I gcásanna eile, thug siad le fios nach ndírítear mórán ar úsáid bhríoch na teanga sna Measúnuithe Rangbhunaithe mar atá siad faoi láthair: "*I was reading off a flashcard and didn't know what I was reading"* (SIBS-E-Sin) (*"Bhí luaschárta á léamh agam agus ní raibh a fhios agam cad a bhí á léamh agam"*). Thug siad le fios freisin nach raibh meas ar Mheasúnú Rangbhunaithe na Gaeilge ar an iomlán: "*The CBAs are kind of pointless. We don't get any marks for them, they're just there."* (SIBS-E-Sóis) (*"Is cineál obair in aisce atá sna Measúnuithe Rangbhunaithe, ar bhealach. Ní bhronntar aon mharcanna orainn, ach tá siad (na Measúnuithe Rangbhunaithe) fós ann"*).

Fócas ar fhoirm na teanga agus ar an ngramadach

Chuir na scoláirí in iúl go raibh sé ina chúis imní acu go raibh deacrachtaí acu go fóill abairtí a chur le chéile sa teanga as a stuaim féin, cé go raibh go leor ama caite acu ar fhoghlaim na Gaeilge le linn dóibh a bheith ar scoil. Is mar seo a chuir scoláire amháin é sin in iúl: "*We are not taught how the language actually works. The grammar is all over the place. My 1st*

year teachers tried, but it wasn't enough. I am more fluent in Spanish after only five years. It's all memorisation. If we could make our own answers, we could remember them. We don't have enough language to say what you want to say" (SIBS-F-Sin) ("*Ní mhúintear dúinn an chaoi a n-oibríonn an teanga. Tá an ghramadach trí chéile. Rinne na múinteoirí a bhí agam sa chéad bhliain, iarracht, ach níor leor í. Táimse níos líofa sa Spáinnis agus gan ach cúig bliana caite agam (á foghlaim). Foghlaim de ghlanmheabhair ar fad a bhíonn i gceist. Dá ligfí dúinn freagraí dár gcuid féin a chur le chéile, bheimis in ann cuimhneamh orthu. Ní bhíonn go leor den teanga ar eolas againn le bheith in ann na rudaí a bhímid ag iarraidh a chur in iúl a rá amach")*. Mheas na scoláirí gurb é an méid a bhíonn le clúdach ar an gcúrsa is cúis leis sin, go pointe áirithe: "*There isn't time to learn how to formulate things yourself, and you move on to a new topic"* (SIBS-C-Sin) ("*Ní bhíonn go leor ama ann le go bhfoghlaimeofá conas rudaí a chur le chéile tú féin, agus bogann tú ar aghaidh go dtí topaic úrnua")*. Ar an iomlán, measadh nach raibh an cúrsa Gaeilge inchurtha leis na cúrsaí do na teangacha eile ón taobh sin de: "*More emphasis on understanding and sentence structure. I can work out a French sentence, but not an Irish one."* (SIBS-D-Sin) ("*Níos mó béime ar rudaí a thuiscint agus ar struchtúr abairte. Is féidir liom abairt Fraincise a oibriú amach ach ní fhéadfainn ceann Gaeilge a oibriú amach")*. Chuir na scoláirí in iúl freisin gur theastaigh uathu níos mó a fhoghlaim faoi fhónaic na Gaeilge agus faoi fhuaimniú na teanga.

Dul chun cinn sa Ghaeilge

Chuir na scoláirí in iúl go raibh siad míshásta, ar an iomlán, leis an dul chun cinn a bhí á dhéanamh acu sa Ghaeilge. Léiríodh é sin ar dhá bhealach. Ar an gcéad dul síos, cé gur chuir go leor de na scoláirí in iúl gur *bhain siad taitneamh* as an gcaoi ar fhoghlaim siad an Ghaeilge sa bhunscoil, chuir roinnt scoláirí in iúl nár ullmhaíodh i gceart iad le go mbeadh rath orthu san iar-bhunscoil. Mar shampla, mheas scoláire amháin a dúirt *"I felt in primary school we didn't focus on Irish much at all"* (SIBS-E-Sin) ("*Ní dóigh liom go ndearnamar mórán Gaeilge ar chor ar bith nuair a bhí mé ar an mbunscoil*") go raibh scoláirí ó scoileanna eile ann ar ullmhaíodh níos fearr iad don iar-bhunscoil. Chuir scoláirí eile in iúl go raibh easpa freagrachta ag baint le foghlaim na Gaeilge sa bhunscoil: "*In primary you didn't have to learn everything, but now you do in post-primary. In primary, it is one in one ear and out the other. There are no tests. There should be something to make sure that you understand it."* (SIBS-D-Sóis) ("*Ní bhíonn ort gach rud a fhoghlaim sa bhunscoil, ach bíonn ort é sin a dhéanamh anois san iar-bhunscoil. Ar an mbunscoil, téann sé isteach cluas amháin agus amach an ceann eile. Ní bhíonn aon scrúduithe ann. Ba chóir rud éigin a bheith ann le cinntiú go dtuigeann tú é")*. Ar an dara dul síos, chuir na scoláirí in iúl go raibh difríocht mhór idir an tSraith Shóisearach agus an tSraith Shinsearach, go háirithe ó thaobh na litríochta de. Chuir siad in iúl freisin nár cuireadh go leor béime ar an teanga

labhartha sna blianta tosaigh san iar-bhunscoil toisc nach mbeadh béaltriail le déanamh sa tSraith Shóisearach, ach gur cuireadh béim ar an teanga labhartha arís ina dhiaidh sin mar ullmhúchán do bhéaltriail na hArdteistiméireachta. Bhí go leor de na scoláirí den tuairim gur chóir béaltriail fhoirmiúil a thabhairt isteach ag leibhéal na Sraithe Sóisearaí: "*In Junior Cert there was no oral part at all, so when you go to Leaving Cert, you're expected to do a béaltriail - this would provide a foundation to work off*" (SIBS-E-Sin) (*"Ní raibh aon rud le déanamh ó bhéal sa tSraith Shóisearach, ach bíonn ort béaltriail a dhéanamh don Ardteist – chuirfeadh sé sin bonn faoin obair"*).

Moltaí na scoláirí

Cuir breis béime ar úsáid bhríoch na teanga; tabhair béaltriail isteach ag leibhéal na Sraithe Sóisearaí; déan athbhreithniú ar Shraith Pictiúr na hArdteistiméireachta

Chuir na scoláirí in iúl gur chóir níos mó béime a chur ar an nGaeilge labhartha san iar-bhunscoil. Chuige sin, mhol scoláirí áirithe go bhféadfaí béaltriail a thabhairt isteach ag leibhéal na Sraithe Sóisearaí agus gnéithe de bhéaltriail na hArdteistiméireachta a athrú (m.sh., athruithe a chur i bhfeidhm ar an tSraith Pictiúr nó fáil réidh léi).

Déan athmhachnamh ar an mbéim a chuirtear ar litríocht na Gaeilge.

Ar an mórgóir, mheas na scoláirí gur chóir an méid litríochta a bhí le clúdach ag leibhéal na Sraithe Sóisearaí agus ag leibhéal na hArdteistiméireachta a laghdú nó gur chóir fáil réidh leis an litríocht sin ina hiomláine. Mhol roinnt acu gur chóir an cúrsa a bhriseadh ina dhá leath: cúrsa amháin a bheadh éigeantach ina ndíreofaí ar an gcumarsáid agus cúrsa eile ina ndíreofaí ar an litríocht. Moladh gur chóir go mbeadh baint ag litríocht ar bith a bheadh ar an gcúrsa le saol na scoláirí.

Cuir breis tacaíochta ar fáil chun foirm/gramadach na teanga a fhoghlaim.

Thug na scoláirí le fios go raibh breis tacaíochta ag teastáil uathu maidir le conas abairtí a chur a chéile agus maidir le gnéithe éagsúla de ghramadach na Gaeilge.

Déan marcanna na scrúduithe a athdháileadh; déan machnamh ar phointí bhónais a thabhairt isteach ag leibhéal na hArdteistiméireachta.

Mhol na scoláirí gur chóir an bhéim a bheith ar an gcumarsáid sna scrúduithe stáit. Chuige sin, mhol siad céatadán níos mó de na marcanna san Ardteistiméireacht a thabhairt don bhéaltriail (suas go 50%) agus béaltriail a thabhairt isteach ag leibhéal na Sraithe Sóisearaí (féach thuas). Mhol roinnt acu freisin gur chóir go mbeadh pointí bónais ar fáil don Ghaeilge Ardleibhéil sa chóras a bhaineann leis an Lár-Oifig Iontrála.

Déan cinnte de go n-úsáidtear cuir chuige ghníomhacha i leith fhoghlaim na Gaeilge.

Chuir na scoláirí in iúl go mbaineann siad taitneamh as an nGaeilge nuair a bhíonn gníomhaíochtaí eile i gceist seachas a bheith ag breacadh síos nótaí nó ag foghlaim freagraí a bhaineann leis na scrúduithe. I measc na ngníomhaíochtaí a moladh bhí: turais trí Ghaeilge; gníomhaíochtaí scoile (m.sh., spórt, ceol); obair ghrúpa agus tionscnaimh; agus an Ghaeilge a úsáid sa phobal ar bhonn cumarsáideach. De réir na scoláirí, is beag deis atá ann faoi láthair an Ghaeilge a úsáid lasmuigh den seomra ranga.

Múinteoirí iar-bhunscoile

Cuirtear torthaí na bhfócasghrúpaí a reáchtáladh le múinteoirí iar-bhunscoile i suíomhanna tíreolaíocha éagsúla i láthair sa chuid seo den tuarascáil. Bhain na múinteoirí seo le cineálacha éagsúla scoileanna, scoileanna DEIS san áireamh. Bhí réimse de bhlianta taithí teagaisc ag na múinteoirí. Tionóladh dhá fhócasghrúpa ar líne agus trí sheisiún aghaidh ar aghaidh. San iomlán, ghlac 30 múinteoir iar-bhunscoile páirt sna seisiúin. Is mar seo a leanas a chuirtear na torthaí in iúl: (i) Dearcthaí i leith na Gaeilge; (ii) Úsáid na Gaeilge; (iii) Gnéithe dearfacha de Theagasc, Foghlaim agus Measúnú na Gaeilge agus ; (iv) Na Dúshláin a bhaineann le Teagasc, Foghlaim agus Measúnú na Gaeilge.

Dearcthaí i leith na Gaeilge

Bhí dearcadh dearfach ag na múinteoirí a ghlac páirt sna fócasghrúpaí maidir leis an tábhacht a bhaineann le teagasc na Gaeilge. Bhí siad dearfach faoi ghrá don teanga agus meas ar an teanga a chothú sna scoláirí. Chuir na múinteoirí in iúl go raibh baint ag dearcthaí na scoláirí le heispéiris na múinteoirí i leith theagasc na teanga; nuair a bhíonn dearcadh dearfach ag na scoláirí maidir le foghlaim na Gaeilge, cuireann sé sin leis an sult a bhaineann an múinteoir as an teagasc. Chuir siad in iúl freisin go mbraitheann an sult a bhaineann siad as teagasc na Gaeilge ar bhliainghrúpa na scoláirí agus ar na gnéithe den tsonraíocht/siollabas atá i gceist. Dúirt múinteoir amháin: "*Tá 95% de na páistí/daltaí ag iarraidh Gaeilge a fhoghlaim ach níl an cúrsa oiriúnach*" (MIBS-B). Bhí siad dearfach faoi na deiseanna atá ann chun Gaeilge labhartha a gcuid scoláirí a fhorbairt, agus dhírigh siad aird ar leith ar an ullmhúchán a dhéantar don bhéaltriail sa séú bliain. Dúirt roinnt múinteoirí go mbaineann siad sult as teagasc na litríochta ar son na litríochta seachas chun críche na scrúduithe amháin (ach cuireadh tuairimí eile in iúl freisin, mar a léirítear thíos). Chuir na múinteoirí in iúl freisin go dtaitníonn sé leo a bheith ag teagasc gnéithe den teanga amhail frásaí agus gramadach, go háirithe nuair a bhíonn deis acu é sin a dhéanamh thar thréimhse leanúnach. Baineann siad sásamh áirithe as nuair a aithníonn na scoláirí an dul chun cinn a dhéanann siad féin ó thaobh

na teanga de, nuair a úsáideann siad an Ghaeilge sa seomra ranga, agus, go háirithe, nuair a úsáideann siad an Ghaeilge lasmuigh den scoil ina dhiaidh sin: "*Tá sé de phribhléid againn – cuireann seo bród orainn nuair a chasann muid leo taobh amuigh den scoil agus beannaíonn siad dúinn i nGaeilge*" (MIBS-D). Nuair a ceistíodh iad, luaigh na múinteoirí réimse cúinsí a spreag iad le bheith ina múinteoir Gaeilge, agus rinne siad tagairt do mhúinteoirí a chuaigh i bhfeidhm orthu agus ar cheangail teaghlaigh a bhí ina n-ábhar spreagtha acu. Theastaigh ó na múinteoirí go mbeadh na scoláirí in ann an teanga a labhairt agus go mbainfidís sult aisti, agus bhí sé sin ar cheann de na príomhfhíseanna a bhí ag na múinteoirí sin: "*Muinín (a bheith) acu an teanga a labhairt*" (MIBS-E).

Ba mhó seans go gcuirfeadh na múinteoirí dearcthaí diúltacha i leith na Gaeilge in iúl maidir le gnéithe áirithe de shonraíochtaí na Sraithe Sóisearaí agus siollabais na Sraithe Sinsearaí ná maidir leis an teanga féin (tá tuilleadh faoi seo thíos). Chuir roinnt acu in iúl go raibh na múinteoirí bréan de bheith ag moladh athruithe a chur i bhfeidhm ar an gcúrsa, agus chuir siad in iúl go raibh sé ina ábhar frustrachais acu go raibh an chosúlacht air nach raibh aird á tabhairt ar a gcuid tuairimí. Dúshlán mór eile a chuir roinnt múinteoirí in iúl ná an tionchar a bhíonn ag dearcthaí an teaghlaigh/na dtuismitheoirí i leith na Gaeilge ar na scoláirí, agus chuir roinnt acu in iúl nach mar a chéile é sin sna scoileanna/réigiúin ar fad.

Úsáid na Gaeilge

Bhí an úsáid a bhain na múinteoirí iad féin as an nGaeilge laistigh agus lasmuigh den scoil ag brath ar chúinsí aonair, agus, go pointe áirithe, ar an áit a raibh cónaí orthu. Mar shampla, labhair na múinteoirí a bhí ag teagasc sna scoileanna T2 sa Ghaeltacht, nó gar di, Gaeilge sa bhaile lena gcuid páistí nó le gaolta eile, agus sa phobal chomh maith. Bhí an Ghaeilge ina cuid lárnach den tógáil a fuair na múinteoirí sin agus ba chuid lárnach dá saol laethúil í freisin. Thuairiscigh múinteoirí a bhí lonnaithe in áiteanna eile nach raibh an oiread sin deiseanna acu a gcuid Gaeilge a chleachtadh agus a úsáid lasmuigh den scoil, go háirithe ó d'fhág siad an ollscoil. Chuir siad in iúl freisin nach féidir teacht ar na deiseanna sin gan iarracht ar leith a dhéanamh. I measc na ndeiseanna a luadh bhí imeachtaí foirmiúla amhail imeachtaí foghlama gairmiúla nó comhdhálacha, agus imeachtaí neamhfhoirmiúla amhail a bheith ag bualadh le cairde/comhghleacaithe a labhraíonn Gaeilge, ciorcail chomhrá agus imeachtaí cultúrtha eile. Chuir múinteoirí áirithe in iúl go n-úsáideann Roinn na Gaeilge sa scoil an Ghaeilge ar bhonn laethúil chun cumarsáid a dhéanamh, agus measadh gur dhea-chleachtas é sin. Mar sin féin, de réir na múinteoirí, ní hé sin an cleachtas rialta a bhaineann le gach scoil.

Maidir leis an úsáid a bhaineann na scoláirí as an nGaeilge, thug na múinteoirí sampla de na deiseanna úsáide a bhíonn ar fáil lasmuigh den scoil. Ina measc siúd bhí ciorcail chomhrá a reáchtálann clubanna áitiúla CLG agus grúpaí cultúrtha/grúpaí a bhaineann le réimse na n-ealaíon. Ghlac na múinteoirí leis go raibh 'roinnt' scoláirí páirteach sna himeachtaí sin. Ar an iomlán, bhí na múinteoirí sách dearfach maidir leis an gcaoi a dtéann sé chun sochair do na scoláirí, ó thaobh úsáid na Gaeilge de, nuair a fhreastalaíonn siad ar chúrsaí Gaeltachta. Luaigh roinnt acu na buntáistí a bhaineann le bheith páirteach sna díospóireachtaí Gaeilge a reáchtálann Gael Linn. Measadh go bhfuil an tsolúbthacht a bhaineann leis an Idirbhliain, mar aon leis an gcaoi nach gcuirtear béim ar scrúduithe sa bhliain sin, ina gcuidiú maidir le húsáid na Gaeilge a chur chun cinn i measc na scoláirí. Measadh go raibh sé tábhachtach go mbeadh an Ghaeilge feiceálach chun go n-úsáidfí í: "*Tá tábhacht leis an timpeallacht – go mbeidh Gaeilge le feiceáil – seo spreagadh*" (MIBS-D). Bhí múinteoirí ó na scoileanna a bhí ag glacadh páirt sa scéim Gaelbhratach moltach faoi an-chuid de na príomhghnéithe a bhaineann leis an scéim sin, lena n-áirítear coiste na scoláirí agus an bhéim a chuirtear ar an nGaeilge i rith an lae scoile/ar fud na scoile. Ghlac na múinteoirí leis go raibh ról lárnach acu maidir le tacaíocht a thabhairt do na scoláirí chun an Ghaeilge a úsáid, agus chuir siad béim ar leith ar an tábhacht a bhaineann le spreagadh agus moladh: "*moladh, moladh agus a thuilleadh moladh*" (MIBS-D).

Chuir na múinteoirí in iúl freisin go raibh cúinsí ar leith ann a bhí ag cothú deacrachtaí do na scoláirí maidir le húsáid na Gaeilge. De réir mar a thuairiscítear thíos freisin, mheas na múinteoirí go raibh an bhéim a chuirtear ar an litríocht ag cur isteach ar na deiseanna atá ann chun an Ghaeilge labhartha a chleachtadh, agus go raibh drochthionchar aige sin ar mhuinín na scoláirí, dá bharr: "*Tá neart acu atá dearfach – ach go leor a bhfuil lagmhisneach orthu; Is ceart an litríocht a laghdú – níl an Ghaeilge acu le bheith chomh cruthaitheach sin*" (MIBS-A). Chuir na múinteoirí in iúl go raibh easpa muiníne ar go leor de na scoláirí maidir leis an nGaeilge a úsáid chun cuspóirí cumarsáide a bhaint amach, amhail cupán caife a ordú: "*níl siad in ann rudaí bunúsacha a rá*" (MIBS-B). Ba mhinic a dúirt na múinteoirí gur bhain sé sin le cumas agus muinín na scoláirí maidir le habairtí a chur le chéile astu féin. Cé gur cuireadh in iúl go mbíonn dea-thionchar ag turais chun na Gaeltachta ar chúrsaí, ghlac na múinteoirí leis nach mbíonn deis ach ag líon beag scoláirí dul ann: "*Is mionlach a théann chun na Gaeltachta - níl deis an teanga a úsáid taobh amuigh den scoil*" (MIBS-B).

Tuairimí faoi ghnéithe dearfacha de theagasc, foghlaim agus measúnú na Gaeilge

Bhí na múinteoirí den tuairim gur fearr a éiríonn leis an nGaeilge nuair a bhíonn sé fite fuaite i saol na scoláirí agus sna gníomhaíochtaí is mó a thaitníonn leo: "*Oibríonn sé nuair a*

dhéantar nasc le saol na ndaltaí" (MIBS-D). Léiríodh é sin ar bhealaí éagsúla. Bíonn rath ar an bhfoghlaim nuair a bhíonn an obair ó bhéal nasctha le saol na scoláirí agus le himeachtaí lasmuigh den scoil, m.sh. gníomhaíochtaí a bhíonn ar siúl ag an deireadh seachtaine. Bhí múinteoirí áirithe den tuairim gur mó spéis a chuireann na scoláirí sa litríocht a bhaineann leis an gcúrsa nua a tháinig isteach don tSraith Shóisearach agus gur mó taitneamh a bhaineann siad as an litríocht sin (ní raibh gach duine ar aon intinn faoi sin, áfach; féach thíos). Chuir roinnt múinteoirí in iúl go dtacaíonn an teicneolaíocht leis an teagasc, is é sin, nuair a úsáidtear le haghaidh tráth na gceist í (m.sh., Mentimeter, Blooket) nó nuair a úsáidtear í chun ábhar ar líne a chur ar fáil do scoláirí a chailleann ranganna. Ina theannta sin, chuir roinnt múinteoirí in iúl go ndéanann siad acmhainní dá gcuid féin in ionad a bheith ag úsáid na dtéacsleabhar, rud a mheasann na scoláirí a bheith ina chuidiú acu. Luadh samplaí eile de chleachtais a mbaintear tairbhe astu amhail ticéid fágála ('exit tickets') a úsáid don Mheasúnú chun Foghlama nó cuir chuige chruthaitheacha a chur i bhfeidhm amhail scoláirí a chur ag dearadh stiallchartún. Thug roinnt múinteoirí le fios go dtuigeann siad go bhféadfaí leas a bhaint as na Measúnuithe Rangbhunaithe chun foghlaim na Gaeilge a chur chun cinn (m.sh., chun obair thionscnaimh a chur chun cinn) ach thug siad le fios freisin go raibh sé dúshlánach iad a chur i ngníomh agus gur síleadh nach raibh meas rómhór ag na scoláirí ar na tascanna sin.

Tuairimí faoi na dúshláin a bhaineann le teagasc, foghlaim agus measúnú na Gaeilge

Tuairimí faoi shonraíochtaí na Sraithe Sóisearaí/siollabais na hArdteistiméireachta

Bhí go leor le rá ag na múinteoirí maidir lena gcuid tuairimí faoin gcuraclam reatha agus faoi na socruithe measúnaithe do scoláirí sna hiar-bhunscoileanna. Ar an iomlán, bhí siad den tuairim go raibh na sonraíochtaí mar atá faoi láthair ag cothú deacrachtaí maidir le dearcthaí dearfacha i leith na Gaeilge agus cumas Gaeilge a chur chun cinn. "*Tá an cúrsa/siollabas mar bhac*" (MIBS-A). D'airigh na múinteoirí go raibh brú á chur orthu an litríocht ar fad a bhí ar an gcúrsa a chlúdach in am, agus mheas siad nach raibh go leor ama acu scileanna labhartha a fhorbairt dá bharr. Agus cúltionchar an mheasúnaithe á chur san áireamh acu, bhí roinnt acu den tuairim nach raibh na scrúduithe stáit ag díriú ar na rudaí cuí: "*ag déanamh measúnaithe ar na rudaí míchearta*" (MIBS-B). Glacadh leis i gcoitinne go raibh an fhoghlaim de ghlanmheabhair á cur chun cinn ag cúrsaí mar atá siad faoi láthair: "*Scoláirí ag foghlaim de ghlanmheabhair agus ansin níl siad in ann labhairt*" (MIBS-B).

Ag leibhéal na Sraithe Sóisearaí, chuir roinnt múinteoirí in iúl gur smaoineamh maith iad na Measúnuithe Rangbhunaithe i bprionsabal, ach mar sin féin luaigh siad réimse dúshlán a thagann chun cinn agus na measúnuithe sin á gcur i ngníomh. Mheas cuid de na múinteoirí

nach bhfuil an fhoghlaim teanga a bhaineann leis na tascanna sin ar an bhfoghlaim is fearr: "*Braitheann siad faoi bhrú leis an MRB. Níl siad compordach leis an méid ama a fhaigheann siad… ní chuireann siad mórán iarrachta isteach dá bharr. Google Translate a bhíonn ar siúl acu*" (MIBS-C). Chuir na múinteoirí in iúl go ndearnadh neamhshuim de na tascanna a bhain leis na Measúnuithe Rangbhunaithe ("*Má thuigeann scoláirí nach bhfuil marcanna ar na CBAs ní oibríonn siadsan chomh dian*"; MIBS-E) agus gur minic an fhoghlaim de ghlanmheabhair a bhí i gceist leo seachas fíorúsáid na teanga: "*Tá seo cosúil le drámaíocht – tá siad ag foghlaim rud de ghlanmheabhair*" (MIBS-D). Chuir siad in iúl freisin nach raibh siad sásta leis an gcaoi a mbíonn na tascanna céanna le déanamh i gcomhair na Measúnuithe Rangbhunaithe gnáthleibhéil agus ardleibhéil araon. Cé nár bhain sé le téarmaí tagartha an chomhairliúcháin seo, chuir roinnt múinteoirí iar-bhunscoile a raibh taithí acu ar shonraíocht Ghaeilge T1 go raibh na scoláirí a raibh sonraíocht T1 á déanamh acu faoi mhíbhuntáiste i gcomparáid leis na scoláirí a raibh sonraíocht T2 á déanamh acu.

Litríocht

Ghlac roinnt múinteoirí leis go gcuirtear le tuiscint an duine ar an nGaeilge agus ar chultúr na hÉireann nuair a dhéantar plé ar an litríocht. Ní gá go bhfágtar forbairt chumas cumarsáide na scoláirí sa Ghaeilge ar lár nuair a bhíonn an litríocht á teagasc; bhí múinteoirí ann ar éirigh leo an obair a bhaineann le téacsanna scríofa a chomhtháthú le hobair a bhaineann go sonrach le cumas cumarsáide na scoláirí sa Ghaeilge a fhorbairt. Mar sin féin, chuir na múinteoirí in iúl go han-láidir ar fad go gcuirtear róbhéim ar an litríocht sna sonraíochtaí/siollabais reatha agus gur gá an bhéim sin a laghdú. Mar a dúradh thuas, bhí múinteoirí ann a bhí dearfach faoi shaothair áirithe a bhain le cúrsa na Sraithe Sóisearaí ach a cheap go raibh breis ama ag teastáil go fóill chun aird a dhíriú ar scileanna eile (go háirithe scileanna labhartha na teanga). Mheas na múinteoirí sin nach gceapann an chuid is mó de na scoláirí go bhfuil baint ar bith ag an litríocht lena saol féin: "*ní fheiceann tromlach na scoláirí baint lena saol*" (MIBS-A). Bhí an oiread téacsanna a bhí le clúdach agus leibhéal léitheoireachta na dtéacsanna sin ródhúshlánach ag roinnt scoláirí, go háirithe roinnt de na scoláirí a bhí ag plé le cúrsa gnáthleibhéil na Sraithe Sóisearaí nó na Sraithe Sinsearaí. Chuir na múinteoirí in iúl go raibh siad cineál buartha faoi a dheacra is atá roinnt den litríocht a bhaineann le cúrsa na hArdteistiméireachta, agus chuir siad in iúl freisin go dtógfadh sé tamall dul i dtaithí ar an ábhar dualgais nua atá le scrúdú ó 2027. Thug na múinteoirí faoi deara go gcothaíonn an litríocht a bhaineann leis an gcúrsa dúshláin ar leith do scoláirí a bhfuil deacrachtaí litearthachta acu. Mar sin, cé gur glacadh leis go mbaineann foghlaimeoirí áirithe tairbhe as bheith ag plé leis an litríocht, measadh go gcothaíonn sí deacrachtaí do scoláirí eile.

Easpa ama don Ghaeilge labhartha

Ba mhinic a cuireadh an bhéim a leagtar ar an litríocht i gcomparáid leis an easpa béime a mheastar a bheith ar scileanna labhartha na Gaeilge: "*Is trua nach bhfuil ár ndóthain ama againn díriú ar an gcaint*" (MIBS-D). Chuir na múinteoirí iar-bhunscoile in iúl go dtógann sé an oiread sin ama an litríocht atá ar an gcúrsa 'a chlúdach' nach mbíonn go leor ama fágtha chun díriú ar gníomhaíochtaí cumarsáide: "*Tá an litríocht ag baint ó dheiseanna labhartha na scoláirí - níl an t-am ann*" (MIBS-B). Chuir na múinteoirí in iúl nach raibh siad sásta leis an gcaoi a gcuireann na tascanna a bhaineann le Measúnuithe Rangbhunaithe na Sraithe Sóisearaí an Ghaeilge labhartha chun cinn, agus dúirt siad gurbh fhearr leo béaltriail fhoirmiúil a bheith ann. Measann siad go ndeachaigh sé i bhfeidhm ar scoláirí na hArdteistiméireachta nuair a leagadh níos mó béime ar scileanna labhartha toisc 40% de na marcanna a bheith ag dul don scrúdú sin. Mar sin féin, léirigh siad go raibh siad míshásta leis an gcaoi a n-úsáidtear an tSraith Pictiúr faoi láthair. Chuir roinnt acu in iúl go raibh 20 sraith san iomlán iomarcach, agus chuir múinteoirí eile in iúl go raibh an fhoghlaim de ghlanmheabhair ar siúl ag na scoláirí, ní nach ionadh, toisc an tsraith pictiúr a bheith ann: "*Gach rud á fhoghlaim de ghlanmheabhair… ag cailliúint deiseanna an teanga féin a mhúineadh. D'fhéadfaí níos mó gramadaí a mhúineadh murach líon na bpictiúr"* (MIBS-A).

Cumas na scoláirí agus iad ag tosú ar an iar-bhunscoil

Ba mhinic a dúirt na múinteoirí iar-bhunscoile go raibh siad den tuairim go raibh neamhréir idir an caighdeán Gaeilge a bhí bainte amach ag go leor de na scoláirí sa bhunscoil agus an caighdeán a bhíonn ag teastáil san iar-bhunscoil. Bhí sé tugtha faoi deara acu go mbíonn difríocht an-mhór idir caighdeán na scoláirí éagsúla a thagann isteach sa chéad bhliain, agus measann siad gurb í an aird a dhírítear ar an nGaeilge sna scoileanna ar fhreastal na scoláirí orthu is cúis leis sin. Ní bhíonn sé de rogha acu dá bharr ach dul ar ais chuig na bunrudaí le lucht na chéad bhliana, agus talamh slán a dhéanamh de gur beag Gaeilge atá acu: "*Táim ag cur ama amú ag déanamh obair gur chóir a bheith déanta ag leibhéal na bunscoile*" (MIBS-C). Chuir siad in iúl go mbíonn orthu teanga amhail "*laethanta, aimsir, mé féin*" (MIBS-B) a theagasc. Mheas roinnt múinteoirí iar-bhunscoile go raibh drochthionchar ag cumas Gaeilge na múinteoirí bunscoile ar fhoghlaim Gaeilge na bpáistí a bhí á dteagasc acu. Chuir siad in iúl freisin go dtéann na cleachtais agus na dearcthaí a bhaineann le bunscoileanna faoi leith agus le múinteoirí faoi leith i bhfeidhm go mór ar *dhearcthaí* i leith na Gaeilge. Chuir roinnt acu in iúl go mbaineann sé sin leis an gcóras; chuaigh na múinteoirí bunscoile iad féin trí chóras na hArdteistiméireachta. Thug roinnt acu le fios nach gceapann siad gur leor grád H4 chun áit a fháil ar na cláir oideachas tosaigh múinteoirí ag an mbunleibhéal.

Ionchuimsiú agus difreálú

Tharraing na múinteoirí aird ar na dúshláin a bhaineann le déanamh cinnte de go mothaíonn gach scoláire go bhfuil siad curtha san áireamh i gceachtanna Gaeilge agus go bhfuil tacaíocht ann dóibh. Baineann cuid de na dúshláin seo le tascanna comhleibhéil scrúdaithe amhail Béaltriail na hArdteistiméireachta agus tascanna a bhaineann le Measúnuithe Rangbhunaithe na Sraithe Sóisearaí. Thug na múinteoirí le fios go mbíonn na tascanna a bhaineann leis na Measúnuithe Rangbhunaithe an-dúshlánach ag scoláirí nach bhfuil cumas maith Gaeilge acu, agus go mbíonn ar na múinteoirí an t-eolas a thabhairt dóibh 'ar phláta' chun na tascanna sin a chur i gcrích. Thug siad le fios freisin gur cruthaíodh deacrachtaí i dtaca leis an difreálú nuair a cuireadh deireadh le Gaeilge bhonnleibhéil sa tSraith Shóisearach mar bhí ar scoláirí a bheadh ag ullmhú le haghaidh scrúdú níos simplí roimhe seo caighdeán ní b'airde a bhaint amach sa scrúdú gnáthleibhéil anois. Chuir na múinteoirí in iúl go raibh sé deacair difreálú a chur i bhfeidhm do na foghlaimeoirí ar fad sna ranganna il-leibhéil. Measadh freisin go raibh deacrachtaí ag baint le ranganna móra agus le ranganna il-leibhéil. Chuir roinnt múinteoirí in iúl freisin go gcothaíonn díolúintí ón nGaeilge deacrachtaí, go háirithe i gcás scoláirí a thosaíonn ar an iar-bhunscoil agus iad ag ceapadh go bhfuair siad díolúine le linn dóibh a bheith ar an mbunscoil, ach nach raibh ceann faighte acu ar chor ar bith.

Acmhainní a chur ar fáil agus cúrsaí sceidealaithe

Luaigh roinnt múinteoirí iar-bhunscoile réimse eile dúshlán. Ina measc siúd bhí téacsleabhair a ceapadh a bheith ródheacair, ranganna a raibh líon mór scoláirí iontu, deacrachtaí i scoileanna áirithe maidir leis an nGaeilge a sceidealú sa chlár ama, agus an easpa múinteoirí Gaeilge láncháilithe a bhaineann leis an gcóras faoi láthair.

Moltaí

Déan athbhreithniú ar an mbéim a chuirtear ar an litríocht i sonraíochtaí na Sraithe Sóisearaí agus na hArdteistiméireachta

Bhí go leor múinteoirí den tuairim gur chóir an méid litríochta a bhaineann leis an iar-bhunleibhéal a laghdú. Anuas air sin, mhol na múinteoirí gur chóir an cúrsa a bhriseadh ina dhá leath: ceann amháin a bheadh dírithe ar an gcumarsáid, amhail sonraíocht na Nuatheangacha Iasachta, agus ceann eile a bheadh dírithe ar an litríocht. Bheadh sé de rogha ag na scoláirí tabhairt faoin gcúrsa a bheadh dírithe ar an litríocht.

Cuir breis béime ar an nGaeilge labhartha agus ar an gcumarsáid

Bhí na múinteoirí ar aon intinn gur chóir athbhreithniú a dhéanamh ar shonraíochtaí na Sraithe Sóisearaí agus ar shiollabais na hArdteistiméireachta, agus ar na socruithe a bhaineann leis na scrúduithe sin, le cinntiú go gcuirfí breis béime ar an nGaeilge labhartha. Ba é an moladh ba mhó a tháinig chun cinn chun an aidhm sin a bhaint amach ná béaltriail a bheith ina cuid de Ghaeilge na Sraithe Sóisearaí. Mhol siad gur ghá na Measúnuithe Rangbhunaithe a athshamhlú nó marcanna a thabhairt nuair a chuirfí i gcrích iad ionas go mbeadh meas níos mó orthu.

Déan athbhreithniú ar na socruithe don bhonnleibhéal, don ghnáthleibhéal agus don ardleibhéal

Mhol na múinteoirí gur chóir an Ghaeilge bhonnleibhéil a thabhairt ar ais. Bhí siad den tuairim go bhféadfaí difreálú i leith na Gaeilge a éascú ach ranganna il-leibhéil a sheachaint.

Éascaigh an t-aistriú ón mbunscoil

Dúirt na múinteoirí gur chóir níos mó a dhéanamh chun daoine a chur ar an eolas maidir leis an bpróiseas aistrithe a bhaineann leis an gcéad bhliain. Thug siad le fios go mbíonn tuiscint níos fearr ag na múinteoirí iar-bhunscoile agus bunscoile ar a bhfuil clúdaithe cheana nuair a bhunaítear nasc idir na scoileanna ag na leibhéil éagsúla. Bhí an gá atá ann le níos mó leanúnachais ó thaobh na foghlama de ag na leibhéil éagsúla ar cheann de na téamaí láidre a tháinig aníos sa phlé.

Cuir breis deiseanna ar fáil chun teagmháil a dhéanamh leis an nGaeilge agus don fhoghlaim ghairmiúil

Agus iad ag tabhairt le fios gur lú éifeacht a bhaineann leis na seisiúin ar líne, mhol na múinteoirí gur chóir go mbeadh an fhorbairt ghairmiúil i leith theagasc na Gaeilge ar siúl i rith an lae scoile agus ar bhonn aghaidh ar aghaidh. Thug siad le fios go bhfáilteoidís roimh dheiseanna chun cúrsaí a phlé le múinteoirí eile agus chun rudaí a fhoghlaim uathu mar chuid den fhoghlaim ghairmiúil sin. Mhol siad freisin gur chóir an bhéim a choinneáil ar straitéisí praiticiúla seachas ar mhionsonraí a bhaineann leis na sonraíochtaí agus na torthaí foghlama. Chuir siad in iúl gur mhaith leo go mbeadh breis deiseanna maoinithe acu chun cúrsaí Gaeilge agus cúrsaí Gaeltachta a dhéanamh chun a gcuid Gaeilge féin a fheabhsú. Mhol múinteoirí áirithe chur chóir liúntas a bheith ar fáil do mhúinteoirí a bhfuil breis cáilíochtaí bainte amach acu sa Ghaeilge.

Cuir maoiniú ar fáil do thréimhsí sa Ghaeltacht agus do thurais eile

Mhol na múinteoirí maoiniú a chur ar fáil do scoláireachtaí Gaeltachta agus do thurais eile a chuirfeadh úsáid na Gaeilge chun cinn i measc na scoláirí.

Bíodh fís níos cuimsithí ann don Ghaeilge agus bíodh ardú feasachta ann ina leith

Mhol na múinteoirí gur chóir feachtas leathan feasachta a chur ar bun chun cur le tuiscint na dtuismitheoirí ar an tábhacht a bhaineann le foghlaim na Gaeilge. Thug siad le fios freisin gur ghá go ndéanfaí ailíniú idir na háisíneachtaí éagsúla a bhfuil baint acu le teagasc agus foghlaim na Gaeilge.

Tacaigh le húsáid na Gaeilge sa scoil agus sa phobal i gcoitinne

Thug na múinteoirí le fios gur chóir tacaíocht a chur ar fáil d'imeachtaí Gaeilge a bheadh ar siúl sa scoil agus gur chóir naisc a bhunú idir na himeachtaí sin agus eagraíochtaí/siopaí sa cheantar áitiúil. Mhol roinnt múinteoirí gur chóir maoiniú a chur ar fáil chun Oifigeach Gaeilge a fhostú chun tacú le clubanna Gaeilge sa scoil agus chun naisc a bhunú leis an bpobal.

Maoiniú d'acmhainní

Mhol na múinteoirí gur chóir maoiniú a bheith ar fáil le haghaidh réimse acmhainní, lena n-áirítear teicneolaíocht, acmhainní Gaeilge agus ranganna níos lú.

Príomhoidí iar-bhunscoile

Tionóladh trí fhócasghrúpa le príomhoidí iar-bhunscoile agus sampla de 14 rannpháirtí a bhí i gceist leo sin. Bhain na príomhoidí le réimse scoileanna ar fud na tíre agus le forais phátrúnachta/bhainistíochta éagsúla. Ghlac phríomhoidí ó scoileanna a bhí páirteach agus nach raibh páirteach sa chlár DEIS páirt sna fócasghrúpaí.

Fís na bpríomhoidí don Ghaeilge agus a ndearcthaí i leith na Gaeilge

Mheas na príomhoidí a ghlac páirt sna fócasghrúpaí gur ghá an Ghaeilge a chaomhnú agus a chur chun cinn. Chuir siad in iúl gur mhian leo go mbainfeadh na scoláirí sna scoileanna lenar bhain siad taitneamh as bheith ag foghlaim na Gaeilge mar chuid lárnach de chultúr agus d'fhéiniúlacht na hÉireann. Thuig siad gur ghá díriú ar an gcumarsáid agus ar úsáid na teanga labhartha chun an fhís sin a fhíorú agus chun féachaint chuige go mbeadh na scoláirí muiníneach i leith úsáid na teanga. Ina theannta sin, chuir siad in iúl go mbíonn imeachtaí lasmuigh den rang Gaeilge sa scoil ina gcuidiú leis sin, lena n-áirítear: imeachtaí a bhaineann le Seachtain na Gaeilge; úsáid na Gaeilge nuair a bhíonn tionóil scoile uile ar siúl nó fógraí á ndéanamh; agus an Ghaeilge a úsáid le linn imeachtaí scoile amhail searmanais bhronnta.

Mar sin féin, cé go raibh uaillmhianta dearfacha acu, chuir na príomhoidí in iúl go raibh siad sách buartha faoi na dearcthaí i leith na Gaeilge atá ann faoi láthair sna scoileanna lena mbaineann siad. Chuir go leor de na príomhoidí in iúl go bhfuil stádas reatha na teanga ina chúis imní acu: "*We need a revolutionary change … as a state we have failed in our beautiful language - we have got to get this right*" (POIBS-C) ("*Tá athrú ceannródaíoch ag teastáil…tá muidne, mar stát, tar éis ár dteanga álainn a ligean síos – caithfimid é seo a dhéanamh mar ba cheart*"). Rinne siad tagairt do chaighdeáin Ghaeilge atá ag titim agus do dhearcthaí ina leith atá ag dul in olcas: "*We are at crisis point - our language is being lost on a daily basis*" (POIBS-C) ("*Tá uair na cinniúna buailte linn – tá ár dteanga á cailliúint againn ar bhonn laethúil*"). Mheas siad go bhféadfadh an dearcadh sin cur isteach ar inspreagadh na múinteoirí i leith na Gaeilge, agus go raibh seans ann go mbeadh roinnt acu ar nós cuma liom faoin teanga toisc go bhfeictear dóibh gur beag an chabhair í sonraíocht na Sraithe Sóisearaí/siollabais na hArdteistiméireachta. Mar sin féin, chuir roinnt acu in iúl freisin gur cheap siad go raibh cur chuige níos traidisiúnta i leith theagasc na Gaeilge i bhfeidhm i seomraí ranga áirithe (m.sh., ag díriú ar na téacsleabhair, ag foghlaim freagraí de ghlanmheabhair do na scrúduithe), rud a chothaíonn neamhshuim i measc na scoláirí. Ba mhinic a chuir na príomhoidí in iúl go bhféadann tionchar na dtuismitheoirí cur isteach go mór ar dhearcthaí na scoláirí i leith na Gaeilge: "*There is a total lack of respect for Irish in the schools. We are a school of two halves. Actually, it is 30/70. A group that is really focused on Irish and then we have 30 percent who would try anything and everything to get out of Irish. And a lot of that is coming from parents*" (POIBS-C) ("*Níl meas ar bith ar an nGaeilge sna scoileanna. Tá sé mar a bheadh dhá leath sa scoil lena mbainim. 30/70 atá i gceist, i ndáiríre. Grúpa amháin a bhfuil a n-aird dírithe ar an nGaeilge agus ansin tá 30 faoin gcéad againn a dhéanfadh rud ar bith chun an Ghaeilge a sheachaint. Agus is iad na tuismitheoirí is cúis le cuid mhaith de sin*").

Úsáid na Gaeilge

Mar a luadh sa chuid roimhe seo, bhí na príomhoidí iar-bhunscoile a ghlac páirt sna fócasghrúpaí go mór i bhfabhar na scoláirí a spreagadh chun an Ghaeilge a úsáid. Luaigh siad na himeachtaí lasmuigh den cheacht Gaeilge, go háirithe san Idirbhliain, a n-éiríonn leo (m.sh., damhsaí/céilithe, turais chun na Gaeltachta). Chuir siad in iúl go raibh siad i bhfabhar scoláirí a spreagadh chun freastal ar na coláistí samhraidh sa Ghaeltacht, agus dúirt príomhoide amháin: "*I believe three weeks in a good Gaeltacht is better than a year in school*" (POIBS-C) ("*Measaim gur fearr tréimhse trí seachtaine i nGaeltacht mhaith ná bliain iomlán ar scoil*"). Ina theannta sin, luaigh roinnt acu an chaoi a bhfuil ag éirí le grúpaí tuismitheoirí úsáid na Gaeilge agus dearcthaí dearfacha ina leith a chur chun cinn i measc na dtuismitheoirí i gcoitinne. Cé gur

chuir siad an tacaíocht láidir sin in iúl ar bhonn prionsabail, luaigh siad constaicí áirithe a chuireann bac ar úsáid na Gaeilge i measc na scoláirí. Cé gur fáiltíodh roimh thréimhsí sa Ghaeltacht, ghlac siad leis nach mbíonn gach duine in ann dul ann: "*there is a struggle to get places and the cost is not affordable for many students*" (POIBS-A) ("*bíonn sé deacair áit a fháil agus bíonn sé ródhaor do scoláirí áirithe*"). Chuir roinnt acu in iúl freisin gur beag deis a bhíonn ann an Ghaeilge a úsáid lasmuigh den scoil sa cheantar.

Tuairimí faoi ghnéithe dearfacha de theagasc, foghlaim agus measúnú na Gaeilge

Mheas na príomhoidí go raibh ról na múinteoirí aonair agus na ranna Gaeilge sna hiar-bhunscoileanna ar cheann de na tionchair dhearfacha ba mhó i leith na Gaeilge dá raibh ann. Mhol go leor de na príomhoidí na hiarrachtaí a dhéanann na múinteoirí Gaeilge chun cur le húsáid na Gaeilge sa scoil (m.sh., maidin chaife) agus leis an spéis a chuireann na scoláirí inti. Luaigh siad an dea-thionchar a bhíonn ag múinteoirí dúthrachtacha maidir le cuir chuige ghníomhacha a chur chun cinn agus scoláirí a spreagadh chun cloí leis an nGaeilge ag an ardleibhéal. Mhaígh siad go bhfuil breis féidearthachtaí ann maidir le comhoibriú a spreagadh i measc foirne Gaeilge agus idir scoileanna, ach breis ama agus breis spáis a thabhairt dóibh. Cé gur ghlac siad leis nach réitíonn sé seo leis an gcomhairle reatha, dúirt roinnt príomhoidí gur oibrigh sé amach go maith nuair a roinneadh scoláirí na Sraithe Sóisearaí ina sruthanna, go háirithe chun tacaíocht sa Ghaeilge a thabhairt do scoláirí a raibh ardchumas acu sa teanga.

Tuairimí faoi dhúshláin a bhaineann le teagasc, foghlaim agus measúnú na Gaeilge

Scoláirí nua na chéad bhliana: Éagsúlacht sna dearcthaí agus sa chumas Gaeilge a bhíonn acu

Bhí imní na bpríomhoidí iar-bhunscoile faoi theagasc na Gaeilge sna bunscoileanna ar cheann de na príomhthéamaí a tháinig chun cinn sa mhéid a bhí le rá acu. Mheas go leor acu gur chóir athmhacnamh a dhéanamh ar an bhfáth a bhfuil éagsúlacht chomh mór sin ag baint le caighdeán Gaeilge na scoláirí nua sa chéad bhliain. Mar shampla, dúirt príomhoide amháin: "*We need to go back and look at what is happening in the primary schools. We have a number of feeder schools. You know by where the students are coming from whether they have a grá for Irish or not. I'm not sure if Irish being taught at all in some schools*" (POIBS-C) ("*Caithfimid dul siar agus breathnú ar a bhfuil ar siúl sna bunscoileanna. Tá méid áirithe scoileanna friothálacha againn. Bheadh a fhios agat ón scoil ar a d'fhreastail na scoláirí an mbeadh grá acu don Ghaeilge nó nach mbeadh. Níl a fhios agam an bhfuil an Ghaeilge á teagasc ar chor ar bith i scoileanna áirithe*"). De réir na bpríomhoidí, cé go mbíonn eolas úsáideach ar fáil dóibh i leith gnóthachtáil sa Bhéarla agus sa Mhatamaitic toisc go ndéantar scóir na dtrialacha caighdeánaithe a thuairisciú, bíonn easpa eolais ann i leith dul chun cinn sa Ghaeilge. Rinne siad ceangal idir é sin agus easpa

measa a léirítear ar an teanga. Ó thaobh na freagrachta de, mhol príomhoidí áirithe gur chóir go ndéanfadh an Chigireacht an neamhleanúnachas sin a chíoradh. De réir na bpríomhoidí, toisc caighdeán na Gaeilge a bheith chomh híseal sin, tá curaclam na Sraithe Sóisearaí ródheacair do go leor de na scoláirí, rud a fhágann go mbíonn dúshláin roimh na múinteoirí iar-bhunscoile. Is ag tosú ón tús a bhíonn na múinteoirí le scoláirí áirithe sa chéad bhliain, cé go mbíonn ocht mbliana caite ag na scoláirí sin ag foghlaim na Gaeilge agus iad ar an mbunscoil. De réir roinnt príomhoidí, tá seans ann go mbaineann an deacracht sin leis an éagsúlacht a bhaineann le caighdeán Gaeilge na múinteoirí bunscoile: "*The problem is that we have young people now that are teaching in primary schools and they do not have the ability to teach as Gaeilge and this is a big, big problem*" (POIBS-C) (*"Is é an fhadhb atá againne ná go bhfuil daoine óga ag teagasc sna bunscoileanna faoi láthair nach bhfuil sé de chumas acu a bheith ag teagasc trí Ghaeilge agus sin fadhb ollmhór amach is amach"*).

Oiriúnacht an churaclaim, an mheasúnaithe agus na n-acmhainní a bhaineann leo

Ag leanúint ar aghaidh uaidh sin, bhí príomhoidí den tuairim go bhfuil seans ann nach bhfuil an curaclam Gaeilge mar atá ag leibhéal na hiar-bhunscoile oiriúnach do scoláirí na linne seo. Mheas cuid acu go raibh éilimh an churaclaim róchosúil le héilimh an churaclaim don Bhéarla, is é sin chéad teanga fhormhór na scoláirí, ach gur chóir í a theagasc amhail is dá mba Nuatheanga Iasachta í. Bhí na príomhoidí den tuairim go mbíonn scoláirí áirithe níos líofa sa chomhrá i Nuatheanga Iasachta tar éis aon bhliain amháin ná mar a bhíonn siad sa chomhrá Gaeilge. Dúirt siad go mbíonn deacrachtaí ar leith ag na scoláirí a bhfuil an cúrsa ardleibhéil ar siúl acu agus iad ag aistriú ón gcéad bhliain den tSraith Shóisearach go dtí an dara/tríú bliain, agus go mbíonn níos mó deacrachtaí agus gearán ag baint le leibheál na Sraithe Sóisearaí, de ghnáth, ná mar a bhaineann leis an Ardteistiméireacht. Chuir siad in iúl go measann siad gur beag tábhacht a bhaineann leis na Measúnuithe Rangbhunaithe: "*The CBAs are not worth the paper they are written on. Because they are not treated as part of the overall marks in the Irish exam, they carry no weight at all.*" (POIBS-C) (*"Ní fiú faic iad na Measúnuithe Rangbhunaithe. Níl tábhacht ar bith leo toisc nach mbronntar aon mharcanna orthu sa scrúdú Gaeilge"*).

Ar an dóigh chéanna, chuir na príomhoidí in iúl go raibh sé ina ábhar imní acu go raibh an teanga a mbítear ag súil leis ó na scoláirí rótheibí, go mbíonn na scrúduithe ródheacair agus dothuartha, agus nach bhfaigheann a dhóthain scoláirí gradam (grád) don Ghaeilge. De réir mar a rinne na múinteoirí iar-bhunscoile, chuir na príomhoidí iar-bhunscoile in iúl gur mheas siad gur chóir athbhreithniú a dhéanamh ar an mórtábhacht a bhaineann leis an litríocht ar chúrsa na Sraithe Sóisearaí agus na hArdteistiméireachta, go háirithe i gcás na scoláirí atá ag tabhairt faoin nGnáthleibhéal. Chuir na príomhoidí in iúl gur mheas siad nach raibh an litríocht

ina tosaíocht, ar chor ar bith, ag na déagóirí ó thaobh fhoghlaim na Gaeilge de: "*They're not using it at home, the vast majority of them. The literature means nothing to them. The communication has to be the key*" (POIBS-C) ("*Ní úsáideann formhór mór díobh sa bhaile í. Ní fiú dada leo an litríocht. Is sa chumarsáid atá an freagra*").

Ionchuimsiú - Díolúintí

Bhí go leor le rá ag na príomhoidí faoi na dúshláin a bhí rompu agus iad ag déileáil le hiarratais le haghaidh díolúintí ón nGaeilge. I gcásanna áirithe, bhí na príomhoidí den tuairim go raibh cultúr ar leith ag teacht chun cinn i dtaca le díolúintí ón nGaeilge: "*One thing I find frustrating is this culture that we have in middle class society - the idea that I can get out of Irish by exemption*" (POIBS-C) ("*Rud amháin a chuireann frustrachas orm ná an cultúr seo a bhaineann le sochaí mheánaicmeach na hÉireann – an tuiscint go bhféadfainnse díolúine a fháil chun an Ghaeilge a sheachaint*"). De réir na bpríomhoidí, baintear mí-úsáid as córas na ndíolúintí agus luaigh siad fianaise starógach chun an pointe sin a léiriú: "*We are now responsible for giving them, and honest to goodness, you know, we have students who have been doing Higher Level Irish who suddenly decide that they are not going to use it for points and then they look for an exemption. It is a big big problem. We have refused Irish exemptions, and they (parents) have appealed and we have lost the appeals*" (POIBS-C) ("*Sinne atá freagrach as iad a thabhairt anois agus tá mé á rá leat go mbíonn scoláirí againn anseo a mbíodh Gaeilge Ardleibhéil ar siúl acu ach a dhéanann suas a n-intinn nach bhfuil na pointí sin ag teastáil uathu a thuilleadh agus déanann siad iarracht ansin díolúine a fháil. Is fadhb ollmhór í. Dhiúltaíomar díolúine a thabhairt i gcásanna áirithe agus rinne (na tuismitheoirí) achomharc in aghaidh an chinnidh agus d'éirigh leo*"). Rinne na príomhoidí tagairt do scoláirí ar tugadh díolúintí dóibh 'ar bhonn neamhoifigiúil' agus iad ar an mbunscoil ach a fuair amach agus iad ar an iar-bhunscoil nach raibh na cáipéisí cuí comhlánaithe. Ar an iomlán, bhí na príomhoidí a bhain leis an sampla seo den tuairim go raibh córas na ndíolúintí róscaoilte agus gur ghá athbhreithniú a dhéanamh air.

Soláthar foirne agus sceidealú an amchláir

Thug na príomhoidí le fios go ndéanann sé an-difríocht go deo ó thaobh an teagaisc de agus ó thaobh na foghlama de nuair a bhíonn an líon ceart múinteoirí Gaeilge láncháilithe ar fáil. Chuir siad in iúl, áfach go mbíonn sé fíordheacair an líon sin a bhaint amach de dheasca easpa foirne an lae inniu: "*In a lot of cases for us trying to get teachers whose primary qualification is Irish is a huge problem*" (POIBS-C) (*"Is minic a bhíonn sé millteanach deacair teacht ar mhúinteoirí arb í an Ghaeilge an bhuncháilíocht atá acu*"). Luaigh siad cásanna ina mbíonn múinteoirí ag teagasc ranganna cé nach mbíonn céim sa Ghaeilge acu. Dúirt siad go mbíonn caighdeán na Gaeilge thíos leis nuair a bhíonn easpa cumais/easpa muiníne ag cur as do na

múinteoirí ó thaobh na Gaeilge de. Bíonn tionchar aige sin ar chumas agus ar mhuinín na scoláirí.

Moltaí na bpríomhoidí

Cuir straitéis chomhtháite, a bhfuil fís ag baint léi, ar fáil don Ghaeilge

Mhol na príomhoidí gur ghá polasaí comhtháite agus uaillmhianach a bheith ann don Ghaeilge, mar aon le straitéis chumarsáide ina leith, chun dearcthaí a athrú agus chun an luach a measadh a bheith ag baint le foghlaim na teanga roimhe seo a mhúscailt as an nua i measc na scoláirí agus na dtuismitheoirí.

Bíodh níos lú béime ar an litríocht; déan machnamh ar an litríocht a dhéanamh roghnach

Bhí tuairimí na bpríomhoidí ar aon dul le tuairimí na múinteoirí sa mhéid is go ndúirt siad gur chóir béim níos a chur ar an litríocht agus béim níos mó a chur ar an gcumarsáid ó bhéal. Mhol go leor príomhoidí gur chóir an cúrsa a bhriseadh ina dhá leath: sonraíocht amháin a bheadh dírithe ar an gcumarsáid agus cúrsa eile, a bheadh roghnach, a bheadh bunaithe ar an litríocht.

Déan machnamh ar phointí bónais a thabhairt don Ghaeilge ardleibhéil

Dúirt go leor de na príomhoidí a ghlac páirt sna fócasghrúpaí gur síleadh nárbh fhiú mórán an Ghaeilge ag an ardleibhéal, go háirithe i gcomparáid leis an mata ag an ardleibhéal. Thug siad le fios gur lú tosaíocht a thugann roinnt scoláirí do staidéar na Gaeilge dá bharr. Mhol siad gur chóir machnamh a dhéanamh ar phointí bónais chun dul i ngleic leis sin.

Cuir béim ar an nGaeilge labhartha

Mhol na príomhoidí gur chóir béaltriail a thabhairt isteach mar chuid den tSraith Shóisearach. Mhol roinnt príomhoidí freisin gur chóir céatadán ní b'airde a thabhairt do bhéaltriail na hArdteistiméireachta.

Téigh i ngleic le staid reatha an pholasaí a bhaineann le díolúintí ón nGaeilge/Déan athbhreithniú ar an bpolasaí sin

Chuir na príomhoidí in iúl go raibh córas na ndíolúintí mar atá róbhog agus go gcothaíonn sé teannas idir na tuismitheoirí agus na príomhoidí i gcásanna áirithe.

Cuir maoiniú ar fáil do thurais chun na Gaeltachta

Chuir na príomhoidí in iúl gur chóir breis maoiniúcháin a chur ar fáil do scoláirí ar mhian leo freastal ar choláistí samhraidh. Mhol siad gur chóir maoiniú a chur ar fáil do mhúinteoirí freisin ionas go bhféadfaidís a gcuid Gaeilge a fheabhsú sa tslí cheanna.

Cuir deiseanna foghlama gairmiúla (agus acmhainní) ar fáil a bhaineann le cuir chuige ghníomhacha i leith theagasc/fhoghlaim na Gaeilge

Mhol na príomhoidí gur chóir deiseanna foghlama gairmiúla agus acmhainní a chur ar fáil a thacódh le múinteoirí chun cuir chuige nuálacha i leith na Gaeilge a chur i bhfeidhm.

Éascaigh an t-aistriú ón mbunscoil

Mhol na príomhoidí gur chóir tuilleadh eolais a chomhroinnt idir na bunscoileanna agus na hiar-bhunscoileanna. Mhol siad freisin gur chóir dul i ngleic leis an éagsúlacht a bhaineann le dearcthaí/cumas Gaeilge na scoileanna friothálacha agus chuige sin go bhféadfaí breis trialacha caighdeánaithe Gaeilge a dhéanamh agus na torthaí a chomhroinnt.

Cuir breis tacaíochtaí ar fáil maidir le húsáid na Gaeilge lasmuigh den seomra ranga

Mhol na príomhoidí gur chóir tacú leis na scoileanna chun dul ar thurais trí Ghaeilge agus chun páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí seach-churaclaim trí Ghaeilge (m.sh., díospóireachtaí).

Tuismitheoirí na scoláirí iar-bhunleibhéil

Taobh amuigh de na fócasghrúpaí a tionóladh le tuismitheoirí páistí bunscoile (féach an chuid roimhe seo), tionóladh ceithre sheisiún le tuismitheoirí scoláirí iar-bhunscoile. Tionóladh dhá cheann díobh aghaidh ar aghaidh agus an dá cheann eile ar líne. Ba thuismitheoirí ó áiteanna éagsúla ar fud na tíre iad na rannpháirtithe, agus bhí tuismitheoirí ina measc nach é an Béarla ná an Ghaeilge an chéad teanga a labhraíonn siad. San iomlán, 28 tuismitheoir de scoláirí iar-bhunscoile a ghlac páirt. Is mar seo a leanas a chuirtear na torthaí in iúl: (i) Dearcthaí i leith na Gaeilge; (ii) Úsáid na Gaeilge; (iii) Gnéithe dearfacha de Theagasc, Foghlaim agus Measúnú na Gaeilge; (iv) Dúshláin a bhaineann le Teagasc, Foghlaim agus Measúnú na Gaeilge.

Dearcthaí i leith na Gaeilge

Bhí go leor de na tuismitheoirí den tuairim go raibh sé tábhachtach go mbeadh an Ghaeilge á foghlaim ag a gcuid páistí: *"I do think it is very important as our own native language"* (*"Sílim go bhfuil sé tábhachtach mar gurb í ár dteanga dhúchais í"*). Thug siad le fios go raibh go leor cúiseanna ag baint leis an tuairim sin, lena n-áiríodh cúiseanna cultúrtha/féiniúlachta, marcanna maithe a fháil sna Scrúduithe Stáit, féidearthachtaí gairme tar éis na hiar-bhunscoile agus cúiseanna ginearálta a bhaineann le teangacha breise a fhoghlaim: *"learning lanugages is very positive … learning a second language … it enriches your understanding of how languages work"* (TIBS-D) (*"is rud fíordhearfach é teanga a fhoghlaim…nuair a fhoghlaimíonn tú an dara teanga…cuireann sé sin leis an tuiscint atá agat ar an gcaoi a n-oibríonn teangacha"*). Chuir tuismitheoirí áirithe in iúl go mbíonn ról ag na múinteoirí maidir le dearcthaí maithe i leith na Gaeilge a chothú. Luaigh roinnt acu freisin an tairbhe a bhaineann le himeachtaí a reáchtáiltear le linn Sheachtain na Gaeilge nó le linn Gaeilge 24, agus mhol siad gur chóir a leithéid a bheith ar siúl ní ba mhinice sna scoileanna. Ba é an rud ba mhó a theastaigh ó na tuismitheoirí ná go mbeadh a gcuid páistí in ann comhrá a dhéanamh trí Ghaeilge: *"The emphasis has to be on speaking the language at all levels"* (TIBS-D) (*"Caithfear an bhéim a bheith ar labhairt na teanga ag gach uile leibhéal"*).

In ainneoin na ndearcthaí dearfacha a bhí ag go leor de na tuismitheoirí, luadh réimse constaicí agus dúshlán a chruthaíonn deacrachtaí maidir le dearcthaí dearfacha i leith na teanga a fhorbairt. Thug roinnt tuismitheoirí le fios nach dtaitníonn sé lena gcuid páistí a bheith ag foghlaim Gaeilge ar an iar-bhunscoil: *"My son hates it - they don't see the real-life applicability and they find it hard"* (TIBS-D)(*"Is fuath le mo mhac í – ní fheictear dóibh go bhfuil aon bhaint aici leis an ngnáthshaol agus ceapann siad go bhfuil sí deacair"*); *"I have four children -*

none of them like it" (TIBS-D)("*Tá ceathrar páistí agam – ní thaitníonn an Ghaeilge le duine ar bith acu"*). Mheas go leor tuismitheoirí gur imir an t-eispéireas foghlama a bhí acu sa tSraith Shóisearach/Shinsearach drochthionchar ar a n-inspreagadh agus a rannpháirtíocht i leith na Gaeilge: *"I think they have lost sense of it being a language and it's more about the exam"* (TIBS-D)(*"Measaim go bhfuil sé dearmadta acu gur teanga í agus nach bhfuil i gceist ach scrúdú den chuid is mó"*). Thug siad le fios go gceanglaíonn siad an teanga leis na scrúduithe agus leis an bhfoghlaim de ghlanmheabhair: "*All the focus in secondary school is geared towards exams and points"* (TIBS-A) *("Is ar na scrúduithe agus ar na pointí a dhírítear an aird ar fad san iar-bhunscoil")*. Dúirt roinnt acu go raibh sé sin ar aon dul leis an gcaoi ar fhoghlaim siad féin an Ghaeilge ar scoil: "*It is the way it's taught. Bring it into daily life. The rote learning … we spent 3rd year learning essays. We didn't understand the language"* (TIBS-A) (*"Is í an fhadhb ná an chaoi ina múintear í. Ceangail leis an saol laethúil í. An fhoghlaim de ghlanmheabhair…chaitheamar an tríú bliain ar fad ag foghlaim aistí. Níor thuigeamar an teanga")*. Thug na tuismitheoirí faoi deara gur lú spéis a chuir a gcuid páistí sa Ghaeilge nuair a d'aistrigh siad ón mbunscoil go dtí an iar-bhunscoil: "*There isn't the same fun in post-primary school that they had in primary school"* (TIBS-A) *("Ní bhíonn an spraoi céanna acu san iar-bhunscoil is a bhí acu sa bhunscoil")*. Chuir siad in iúl go gceapann go leor daoine gur ábhar deacair í an Ghaeilge. Dúirt roinnt acu freisin nach mbreathnaítear ar an nGaeilge mar theanga bheo, rud a chuireann isteach ar an bhfonn foghlama: "*Irish isn't seen as a living language - it's not for them - they are not getting to see it as a living language"* (TIBS-D)("*Ní fheictear dóibh gur teanga bheo í an Ghaeilge – ní chuireann siad spéis ar bith inti – ní bhíonn seans acu í a fheiceáil mar theanga bheo*"). Cheistigh cuid de na tuismitheoirí an raibh foghlaim na Gaeilge mar ábhar éigeantach ag cothú drochdhearcthaí i leith na teanga: "*this compulsory nature of Irish affects the teaching and attitude to it"* (TIBS-D) ("*cuirtear isteach ar theagasc na Gaeilge agus ar dhearcthaí ina leith nuair a chaithfidh gach duine an Ghaeilge a dhéanamh")*. Rinne na tuismitheoirí comparáid idir an chaoi a ndéantar an Ghaeilge agus na Nuatheangacha Iasachta a theagasc, agus dúirt siad go bhfuil an bhéim a chuirtear ar litríocht agus scríbhneoireacht na Gaeilge ag cur isteach ar dhearcthaí ina leith.

Úsáid na Gaeilge

Ba bheag úsáid a baineadh as an nGaeilge lasmuigh den scoil. Nuair a ceistíodh iad, luaigh na tuismitheoirí samplaí de na hamanna agus de na háiteanna a mbíonn teagmháil ag a gcuid páistí leis an nGaeilge, amhail comharthaí/ainmneacha sráide nó TG4. Luaigh líon beag tuismitheoirí imeachtaí lasmuigh den scoil ina gcuirtear an Ghaeilge chun cinn, mar shampla, ranganna breise a chuireann comhpháirtíocht idir an ollscoil agus an pobal ar bun. Chuir líon beag tuismitheoirí in iúl go raibh gaolta acu a labhraíonn Gaeilge lena gcuid páistí anois is arís.

Baineann na samplaí is suntasaí d'úsáid na Gaeilge lasmuigh den scoil leis na scoláirí a d'fhreastail ar choláistí samhraidh sa Ghaeltacht. De réir roinnt tuismitheoirí, bhí páistí ann nach raibh fonn orthu freastal ar an gcúrsa ar chor ar bith ar dtús, ach a raibh dearcadh nua i leith na Gaeilge acu nuair a d'fhill siad: "*He had the time of his life – he loves it now*" (TIBS-D) ("*Bhí am ar dóigh aige - is aoibhinn leis anois í*"). Chuir roinnt tuismitheoirí in iúl gur mhó seans go mbeadh dea-thionchar ag na Gaelscoileanna ar úsáid na Gaeilge agus ar dhearcthaí ina leith. Luaigh roinnt tuismitheoirí an dea-thionchar a fhéadann a bheith ag na ranganna Gaeilge a reáchtáiltear do thuismitheoirí: "*Both my children's schools run classes for the parents - this is good for schools to offer - some parents from other countries avail of this also*" (TIBS-D)("*Cuireann an dá scoil ar a bhfuil mo chuid páistí ag freastal ranganna ar siúl do na tuismitheoirí – sin rud maith a chuireann na scoileanna ar fáil – freastalaíonn roinnt tuismitheoirí ó thíortha eile ar na ranganna sin freisin*").

In ainneoin na n-uaillmhianta dearfacha a bhí acu, chuir na tuismitheoirí in iúl go raibh scoláirí ann a cheapann nach bhfuil aon mhaitheas ag baint le foghlaim ná úsáid na Gaeilge, go háirithe i gcomparáid le teangacha eile: "*Irish language history and culture is what the subject should be called. There isn't a clear purpose … why we are learning Irish compared to French, where you know you can go to France and get your train ticket using your French*" (TIBS-D)("*Ba chóir teanga, stair agus cultúr na hÉireann a thabhairt ar an ábhar. Níl aon fheidhm shoiléir leis…cén fáth a bhfuil an Ghaeilge á foghlaim againn, murab ionann leis an bhFraincis nuair is féidir leat dul go dtí an Fhrainc agus do chuid Fraincise a úsáid chun ticéad traenach a fháil*?"). Léirígh siad go raibh siad den tuairim nach teanga í an Ghaeilge a mbeidh teagmháil le scoláirí léi lasmuigh den scoil. Mar shampla, is é an tuairim a bhí ag rannpháirtí amháin ná: "*In Dublin, you don't hear any Irish*" (TIBS-A) ("*Ní chloiseann tú Gaeilge ar bith i mBaile Átha Cliath*").

Tuairimí faoi ghnéithe dearfacha de theagasc, foghlaim agus measúnú na Gaeilge

Rinne na tuismitheoirí tagairt do roinnt gnéithe de theagasc, foghlaim agus measúnú na Gaeilge a bhfuil ag éirí leo nó go bhféadfadh éirí leo; braitheann siad seo ar chúinsí aonair den chuid is mó, rud a fhágann go raibh sé deacair téamaí ginearálta a aithint. Mhol tuismitheoir amháin na hiarrachtaí a rinne an múinteoir chun páiste leo a bhfuil riachtanais bhreise acu a chur san áireamh sna ceachtanna Gaeilge, agus bhí moladh ar leith acu freisin don leibhéal cumarsáide a bhain leis an iarracht sin. Chuir na tuismitheoirí in iúl gur mhó seans go mbainfeadh a gcuid páistí taitneamh as bheith ag foghlaim na Gaeilge nuair a bheadh teagasc idirghníomhach i gceist, nuair a bheadh cluichí agus comórtais in úsáid, agus nuair a bheadh an fhoghlaim bunaithe ar rudaí a mbeadh spéis acu iontu (m.sh., cúrsaí spóirt). Luaigh siad samplaí de na gníomhaíochtaí trí Ghaeilge ar bhain a gcuid páistí taitneamh astu le linn

dóibh a bheith ar an mbunscoil (m.sh. pancóga a dhéanamh trí Ghaeilge). Rinne siad tagairt don leas a bhaintear as Duolingo chun teangacha eile a fhoghlaim agus dúirt siad go bhféadfaí an rud ceannann céanna a chur i bhfeidhm ar an nGaeilge.

Tuairimí faoi na dúshláin a bhaineann le teagasc, foghlaim agus measúnú na Gaeilge

Ba mhó seans go ndéanfadh na tuismitheoirí tagairt do ghnéithe de theagasc, foghlaim agus measúnú na Gaeilge a cheap siad nach raibh ag éirí leo.

Chuir roinnt tuismitheoirí in iúl nach raibh bunús maith Gaeilge ag a gcuid páistí nuair a thosaigh siad ar an iar-bhunscoil, agus go raibh deacrachtaí acu dá bharr sin: *"My son hates it. He was not taught Irish in primary school. He is so far behind the others"* (TIBS-A) ("*Is fuath le mo mhac é. Níor múineadh Gaeilge dó sa bhunscoil. Tá sé i bhfad taobh thiar (de na scoláirí eile)*"). Dhírigh siad aird ar neamhréir idir na scoileanna éagsúla, rud ar chóir dul i ngleic leis, dar leo: *"Big inconsistencies in the system - not taught at the same level in every school"* (TIBS-A)("*Neamhréireanna móra sa chóras – ní bhíonn an teagasc ar an leibhéal céanna sna scoileanna ar fad"*). Chuir roinnt tuismitheoirí in iúl go mbíonn deacrachtaí a bhaineann le difreálú, ionchuimsiú agus muinín ag leibhéal na hiar-bhunscoile dá bharr. Is é easpa cumais/muiníne na múinteoirí bunscoile, go pointe áirithe, is cúis leis an éagsúlacht idir na scoileanna, de réir tuismitheoirí áirithe. Chuir roinnt tuismitheoirí in iúl freisin go raibh easpa leanúnachais san aistriú idir Gaeilge na Sraithe Sóisearaí agus Gaeilge na hArdteistiméireachta (m.sh., gan aon bhéaltriail a bheith sa tSraith Shóisearach).

Bhí tuismitheoirí den chuid is mó ar aon intinn leis na scoláirí agus leis na múinteoirí go raibh an méid litríochta a bhí le clúdach ag leibhéal na hiar-bhunscoile ar cheann de na gnéithe den chúrsa Gaeilge a bhí ag cruthú deacrachtaí. Bhí sé ina ábhar díspreagtha: *"You lose the positivity when you confront them with so much literature. Maybe not so much in 1st year but in 2nd and 3rd. The amount of literature is regurgitation because they don't have enough language to process the literature."* (TIBS-B) ("*Caillteanar an dearfacht nuair a chuireann tú an oiread sin litríochta os a gcomhair. B'fhéidir nach mbíonn an oiread sin i gceist sa chéad bhliain, ach sa dara bliain agus sa tríú bliain, cinnte. Athchúrsáil ar an litríocht a bhíonn ann toisc nach mbíonn an teanga acu chun ciall a bhaint aisti"*). Ceanglaíodh an litríocht – agus na scrúduithe a ghabhann léi – leis an bhfoghlaim de ghlanmheabhair agus le heaspa fíorúsáid teanga: "*My daughter learned off the essay to write it for her mocks. That's not learning Irish."* (TIBS-B) (*"D'fhoghlaim m'iníon aiste de ghlanmheabhair ionas go mbeadh sí in ann í a scríobh sna bréagscrúduithe. Níl aon fhoghlaim Ghaeilge i gceist leis sin"*). Chuir tuismitheoirí scoláirí na Sraithe Sóisearaí in iúl go raibh siad míshásta nach raibh béaltriail ann, agus dúirt siad go síltear gur beag meas a bhíonn ar na Measúnuithe Rangbhunaithe: "*There is no oral exam at Junior Cycle which is a problem.*

They do a CBA in Irish, but it is not included in their mark. They are doing work to do the CBA but it is only a statement, no marks." (TIBS-A) ("*Níl aon bhéaltriail sa tSraith Shóisearach agus tá sé sin ina fhadhb. Déanann siad Measúnú Rangbhunaithe sa Ghaeilge ach ní bhíonn aon bhaint aige sin leis an marc a fhaigheann siad. Déanann siad méid áirithe oibre chun an Measúnú Rangbhunaithe a dhéanamh ach ní bhíonn i gceist leis sin ach ráiteas; ní fhaigheann siad marc ar bith*").

Mheas na tuismitheoirí nach raibh tacaíocht ar fáil d'fhoghlaim na Gaeilge, murab ionann leis na hábhair eile. Mar shampla, is éard a dúirt siad ná: "*There is no learning support for Irish if students are struggling"* (TIBS-A) ("*Ní bhíonn aon tacaíocht foghlama ann don Ghaeilge má bhíonn na scoláirí ag streachailt*" (TIBS-A). Mheas roinnt acu freisin gur beag eolas a bhí acu faoin nGaeilge a bhí á foghlaim ag a gcuid páistí: "*My kids don't talk about it anymore. I don't know what they are doing in Irish class"* (TIBS-A) ("*Ní labhraíonn mo chuid páistí faoi a thuilleadh. Níl a fhios agam céard a bhíonn ar siúl acu sa rang Gaeilge*"). Mheas tuismitheoirí áirithe a ghlac páirt sna fócasghrúpaí go raibh béim níos lú á cur ar an nGaeilge ag leibhéal na bunscoile/na hiar-bhunscoile, agus go ndeachaigh cúrsaí in olcas le linn na paindéime nuair a dúnadh na scoileanna.

Moltaí na dtuismitheoirí iar-bhunscoile

Cuir breis deiseanna ar fáil chun an Ghaeilge a úsáid ar scoil/lasmuigh den scoil

I ngeall ar an dea-thionchar a bhaineann le tréimhse a chaitheamh sa Gaeltacht, mhol na tuismitheoirí gur chóir breis deiseanna (a bheadh maoinithe) a chur ar fáil do na scoláirí freastal ar chúrsaí Gaeltachta. Mhol siad freisin gur chóir breis deiseanna a chur ar fáil chun an Ghaeilge a úsáid sa phobal/sa cheantar áitiúil agus gur chóir d'aoichainteoirí/grúpaí a chuireann an Ghaeilge chun cinn cuairt a thabhairt ar na scoileanna. Anuas air sin, dúirt roinnt tuismitheoirí go bhféadfaí leas a bhaint as an teicneolaíocht chun tacú leis an nGaeilge taobh amuigh den scoil (m.sh., leagan de Duolingo a bheadh urraithe ag an Roinn).

Tacaíochtaí do thuismitheoirí

Mhol roinnt tuismitheoirí gurbh fhiú breis deiseanna a chur ar fáil do thuismitheoirí chun an Ghaeilge a fhoghlaim, cé gur ghlac siad leis freisin nach mbeadh gach uile thuismitheoir in ann an deis a thapú toisc iad a bheith gnóthach le rudaí eile. Mhol siad gur chóir go mbeadh cumarsáid ní b'fhearr idir an scoil agus an baile faoin nGaeilge a bhíonn á foghlaim ag na páistí agus chuige sin, dúirt siad go bhféadfaí leas a bhaint as acmhainní ar líne.

Cuir béim ar an gcumarsáid agus ar an teanga labhartha seachas ar an litríocht

Bhí na tuismitheoirí go mór den tuairim gur chóir tús áite a thabhairt don chumarsáid agus don Ghaeilge labhartha ar scoil. Mhol siad go bhféadfadh gníomhaíochtaí amhail

díospóireachtaí a bheith ina gcuidiú chun an aidhm sin a bhaint amach. Mhol siad gur chóir béime níos lú ar chur ar an litríocht ionas go mbeadh an Ghaeilge níos éasca. Mhol roinnt acu gur chóir béaltriail a thabhairt isteach ag leibhéal na Sraithe Sóisearaí.

Bíodh leanúnachas agus forchéimniú ag baint leis na hearnálacha scoile éagsúla agus ó cheann go chéile freisin

Mheas na tuismitheoirí gur chóir dul i ngleic leis an gcuraclam agus leis an gcleachtas reatha lena chinntiú go mbeadh leanúnachas ann maidir le heispéiris agus torthaí na bpáistí ar fad agus iad ag dul ar aghaidh tríd an gcóras. Mheas siad gur chóir cur le cumas teanga na múinteoirí agus cur lena gcuid scileanna maidir le cuir chuige idirghníomhacha a chur i bhfeidhm.

Ról na Gaeilge sa churaclam scoile/i gcóras na bpointí

Mhol líon beag tuismitheoirí gurbh fhiú machnamh a dhéanamh ar an nGaeilge a bheith ina hábhar éigeantach sna scrúduithe nó smaoineamh ar phointí bónais a thabhairt isteach don Ghaeilge.

Múinteoirí iar-bhunscoile faoi oiliúint

Reáchtáladh trí fhócasghrúpa ar líne chun tuairimí na múinteoirí iar-bhunscoile faoi oiliúint a iniúchadh. Ghlac réimse mac léinn páirt sna fócasghrúpaí sin, lena n-áiríodh mic léinn ó institiúidí éagsúla a raibh clár chomhthráthach (fochéime) nó clár comhleanúnach (Máistir Gairmiúil san Oideachas – MGO) ar siúl acu. Deichniúr rannpháirtithe a ghlac páirt sna fócasghrúpaí. Is mar seo a leanas a chuirtear na torthaí i láthair: (i) Dearcthaí i leith na Gaeilge; (ii) Úsáid na Gaeilge; (iii) Gnéithe dearfacha de Theagasc, Foghlaim agus Measúnú na Gaeilge; agus (iv) Dúshláin a bhaineann le Teagasc, Foghlaim agus Measúnú na Gaeilge.

Dearcthaí i leith na Gaeilge

Ar an iomlán, bhí fonn ar na múinteoirí faoi oiliúint a ghlac páirt sna fócasghrúpaí an Ghaeilge a theagasc. Spreagadh iad chun dul le múinteoireacht ar chúiseanna éagsúla, lena n-áirítear a gcuid eispéireas sa Ghaeltacht, múinteoirí inmholta a bhí acu nuair a bhí siad féin ar scoil, nó naisc leis an nGaeilge a bhí ag an teaghlach. Chuir siad in iúl gur mó sásamh a bhaineann siad as na scoláirí a spreagadh chun an teanga a labhairt iad féin ná as gné ar bith eile den phost: "*Nuair a úsáideann siad an teanga, spreagann sé sin mé agus mothaím go bhfuil mé ag déanamh rud i gceart*" (MFOIBS-B). Chuir na rannpháirtithe in iúl go raibh spéis ag na scoláirí iar-bhunscoile sa teanga ach nach raibh an oiread sin spéise acu in ábhar na sonraíochta/an tsiollabais scoile. Mheas siad go gcuirtear le spéis na scoláirí sa Ghaeilge nuair

a thagann siad uirthi i gcultúr an lae inniu (m.sh., Kneecap, 'Paul Mescal ar an gcairpéad dearg'). Mar sin féin, in ainneoin na spéise ginearálta sin, chuir siad in iúl nach gcuireann na scoláirí ar fad an spéis chéanna i bhfoghlaim na Gaeilge. D'aithin múinteoirí a raibh taithí acu ar chomhthéacsanna T1 agus T2, go raibh difríocht mhór idir an dá chomhthéacs ó thaobh cúrsaí inspreagtha de. Mhínigh siad go léiríonn cuid de na bliainghrúpaí i scoileanna T2 neamhshuim sa Ghaeilge: "*Tá an dá thaobh feicthe agam - i scoil mheán-Bhéarla - tá sé saghas deacair scoláirí a spreagadh, anois i scoil lán-Ghaeilge - tá an suim ann, tá an grá don teanga acu - táim ag baint níos mó taitnimh as seo*" (MFOIBS-A). Chuir siad in iúl go mbíonn deacrachtaí ar leith acu maidir le bainistiú iompraíochta agus i ranganna Gaeilge ina mbíonn scoláirí atá ar nós cuma liom nó nach mbíonn fonn foghlama orthu. Mheas roinnt múinteoirí faoi oiliúint gurb é tionchar na dtuismitheoirí is cúis leis an neamhshuim a chuireann na scoláirí sa Ghaeilge.

Úsáid na Gaeilge

Bhí moltaí na múinteoirí faoi oiliúint ar aon dul leis na moltaí a bhí ag na múinteoirí iar-bhunleibhéil a bhí sa chóras. Leag siad béim ar leith ar an tábhacht a bhaineann leis an nGaeilge a bheith feiceálach sa scoil ar fad, agus le 'cultúr Gaelach' a bheith sa scoil. Luaigh na múinteoirí faoi oiliúint réimse bealaí ina gcleachtaíonn siad a gcuid Gaeilge féin agus ina gcoinníonn siad an Ghaeilge atá acu. Mheas roinnt acu go raibh an Tréimhse Foghlama sa Ghaeltacht taitneamhach agus go raibh sí ina cuidiú acu chun a gcuid Gaeilge a fheabhsú (cé gur cheap roinnt acu a mhalairt). Rinne cuid acu iarracht an Ghaeilge a labhairt leis na mic léinn eile a bhí ar an gcúrsa (m.sh., le linn na n-imeachtaí Tae agus Plé sna seomraí a leagtar amach don Ghaeilge san ollscoil), an Ghaeilge a labhairt le cairde/daoine muinteartha, agus páirt a ghlacadh in imeachtaí ar leith amhail tob-Ghaeltacht nó imeachtaí a reáchtálann Conradh na Gaeilge.

Luaigh na múinteoirí faoi oiliúint roinnt dúshlán a bhaineann le húsáid na Gaeilge. Mheas siad nach mbíonn sé de mhuinín ag go leor de na scoláirí iar-bhunscoile iarracht a dhéanamh an Ghaeilge a úsáid sna ranganna nó i rith an lae scoile toisc bearnaí a bheith ina gcumas cumarsáide: "*Scoláirí ag streachailt leis na bunrudaí*" (MFOIBS-A). Agus iad ag tagairt dá gcuid taithí féin, thug roinnt múinteoirí faoi oiliúint le fios gur bheag seans go n-úsáidfeadh múinteoirí atá sa chóras an Ghaeilge don chumarsáid phearsanta nó don chumarsáid ghairmiúil. Chuir na múinteoirí faoi oiliúint in iúl gur cheap siad gurb í easpa muiníne na múinteoirí atá sa chóras ba chúis leis sin, nó gurb é go dteastaíonn uathu sos a ghlacadh ón nGaeilge. Dúirt siad go bhfuil seans ann go bhféadfadh leisce a bheith ar mhúinteoirí an Ghaeilge a úsáid sna scoileanna T1 toisc múinteoirí ábhar eile a bheith ar bheagán Gaeilge.

Tuairimí maidir le gnéithe dearfacha de theagasc, foghlaim agus measúnú na Gaeilge

Cuir chuige idirghníomhacha i leith na foghlama; naisc a bhunú le hábhair a gcuireann na scoláirí spéis iontu

De réir na múinteoirí faoi oiliúint – agus dhírigh siad aird ar leith air seo – is iad na cineálacha cur chuige is fearr ó thaobh theagasc na Gaeilge de ag an iar-bhunleibhéal ná cuir chuige a mbíonn an-chuid idirghníomhaíochta ag baint leo, a mbíonn dlúthbhaint acu le rudaí a gcuireann na scoláirí spéis iontu, agus a ndéanann na scileanna teanga ar fad a chomhtháthú le chéile. Luaigh siad iliomad samplaí ó na socrúcháin scoile, lena n-áiríodh cluichí, obair i mbeirteanna agus obair ghrúpa, teagasc bunaithe ar thascanna (m.sh., scoláirí ag obair le chéile chun póstaer a dhearadh) agus naisc shoiléire a dhéanamh le cultúr an lae inniu agus leis na rudaí a bhfuil spéis ag na scoláirí iontu: "*ag taispeáint na teanga i suíomh nua aimseartha - ceol, Kneecap, TikToks, scannáin an Cailín Ciúin*" (MFOIBS-A). Luaigh siad freisin na buntáistí a bhaineann le cuir chuige ina mbíonn ar na scoláirí bogadh thart: "*Rinne mé siúlóid díospóireachta agus chuir mé ceisteanna orthu chun iad a chur ag plé agus ag comhrá go compordach. Tá níos mó seans go bhfuil siad chun foghlaim*" (MFOIBS-B). Bhí an gá a bhaineann le teagasc na Gaeilge a cheangal leis na rudaí a gcuireann na scoláirí spéis iontu ar cheann de na príomhtheachtaireachtaí a bhí ag an ngrúpa seo. Ina theannta sin, labhair na mic léinn faoin bhfiúntas a bhaineann le hacmhainní a dhéanamh agus a chomhroinnt chun tacú leis an modh teagaisc seo, seachas a bheith ag brath ar na téacsleabhair.

Foghlaim a bhaineann leis na socrúcháin scoile agus le hoideachas múinteoirí

Luaigh na múinteoirí faoi oiliúint go leor samplaí de bhealaí ar chuir an taithí a fuair siad le linn na Socrúchán Scoile lena gcuid scileanna teagaisc i leith na Gaeilge. I measc na samplaí a luaigh siad bhí taithí phraiticiúil ar bhainistiú ranga, teagasc trí Ghaeilge, agus bealaí chun na scoláirí a mholadh. Luaigh na múinteoirí faoi oiliúint freisin an dea-thionchar a d'fhéadfadh a bheith ag na múinteoirí lena raibh siad ag obair (na treoraithe) ar an eispéireas scoile a bheadh acu agus ar a gcuid foghlama freisin: "*Bhí mo mhúinteoir an-chabhrach anuraidh. Sheol sí an nasc chuig an tiomántán a bhí ag an scoil. Rinne mise amhlaidh léi. Caithfidh tú a bheith páirteach, d'fhreastail mé ar chruinniú a bhí ag Roinn na Gaeilge freisin*" (MFOIBS-B). Dhírigh na mic léinn aird ar an dea-chleachtas a bhain leis na cláir don oideachais tosaigh múinteoirí. Chuir siad in iúl go sonrach gur thaitin sé go mór leo nuair nach mbeadh ach líon beag mac léinn sa rang agus nuair a bheadh deis acu aithne a chur ar a chéile agus ar na léachtóirí, mar d'éascódh sé sin an comhoibriú gairmiúil. Anuas air sin, tharraing siad aird ar leith ar an mbealach dearfach a bhféadfadh na teagascóirí socrúcháin tacú le forbairt na

múinteoirí faoi oiliúint. Mar shampla, dúirt mac léinn amháin: "*Is dóigh liom go bhfuilim muiníneach. Thug an ollscoil straitéisí an-mhaith dom*" (MFOIBS-C).

Tuairimí faoi dhúshláin a bhaineann le teagasc, foghlaim agus measúnú na Gaeilge

Lasmuigh de na deacrachtaí a bhaineann le bheith ag tacú le scoláirí nach bhfuil spreagtha chun an Ghaeilge a fhoghlaim (féach an chuid roimhe seo a bhaineann le dearcthaí), luadh na dúshláin a bhaineann le teagasc na gramadaí. Dúirt na múinteoirí faoi oiliúint a bhí ag ullmhú chun teangacha eile a theagasc go raibh dúshlán ar leith ag baint le teagasc ghramadach na Gaeilge: "*Uaireanta, bíonn sé an-leadránach an gramadach a mhúineadh. Bíonn sé níos éasca gramadach na Fraincise a mhúineadh*" (MFOIBS-B). Dúirt roinnt acu gur ghá breis béime a chur ar fheasacht teanga *i leith gach teanga* chun tacú leis an teagasc sin. Chuir siad in iúl go bhféadann sé a bheith deacair an Ghaeilge a mhúineadh do scoláirí sa chéad bhliain toisc nach é an cumas céanna Gaeilge a bhíonn acu ar fad agus iad ag tosú ar an iar-bhunscoil, agus bhí an dúshlán sin ag teacht le tuairimí na múinteoirí a bhí sa chóras: "*Bíonn deacrachtaí sa chéad bhliain, bíonn na daltaí ar chaighdeáin dhifriúla*" (MFOIBS-B). Chuir siad in iúl freisin gur beag spéis a chuireann na scoláirí sa litríocht, de ghnáth, agus go mbíonn sé deacair spéis a mhúscailt iontu maidir leis na gnéithe sin den chúrsa. Chuir roinnt de na múinteoirí iar-bhunscoile faoi oiliúint in iúl gur mhaith leo breis tacaíochta a fháil le gnéithe áirithe den teagasc agus an chéim don oideachas tosaigh múinteoirí ar siúl acu; dúirt siad gur ghá aird a dhíriú ar an teanga a bhaineann le bainistiú ranga, mar shampla, nó ar na téacsanna atá leagtha síos don tSraith Shóisearach/don Ardteistiméireacht.

Moltaí

Tacaigh le húsáid na Gaeilge i dtimpeallacht na scoile

Is é an príomh-mholadh a rinne an grúpa seo ná gur chóir an Ghaeilge a bheith feiceálach lasmuigh den rang Gaeilge: "*Go mbeadh an Ghaeilge fite fuaite tríd an lá*" (MFOIBS-A). Chuige sin, mheas siad gur chóir go dtacódh gach uile mhúinteoir le húsáid na Gaeilge trasna an churaclaim agus le linn an lae scoile.

Cuir breis tacaíochtaí ar fáil maidir le húsáid na Gaeilge lasmuigh de thimpeallacht na scoile

Moladh freisin gur chóir imeachtaí agus turais a reáchtáil chun tacú le cumarsáid trí mheán na Gaeilge i bhfíor-chomhthéacsanna.

Cuir breis tacaíochta ar fáil do ghnéithe de theagasc na Gaeilge le linn oideachas tosaigh múinteoirí

Cé go raibh na múinteoirí faoi oiliúint moltach faoin oideachas múinteoirí ar an iomlán, chuir siad in iúl go bhfuil gnéithe den oideachas sin a bhfuil tacaíocht bhreise de dhíth orthu, mar shampla, teagasc na gramadaí agus an teanga a bhaineann le bainistiú ranga.

Comhairliúchán le pobail scoile: BEACONS

Pobail bhunscoile

Sa chuid seo den tuarascáil, déantar na príomhthéamaí a d'eascair as Lá Bunscoile BEACONS, a reáchtáladh ar an 4 Aibreán 2025, a chur i láthair. Páistí ó ranganna 4-6, tuismitheoirí, múinteoirí agus ceannairí scoile ó chúig scoil meán-Bhéarla a bhain le comhthéacsanna éagsúla i gCathair Luimnigh/i gContae Luimnigh a ghlac páirt sa chomhairliúchán. Trí bhloc de 80 nóiméad a bhí sa lá. D'fhan na rannpháirtithe ó aon scoil amháin ag an mbord le chéile sa chéad seisiún, ach bhí meascán de rannpháirtithe ó na scoileanna éagsúla sna grúpaí sa dara agus sa tríú seisiún. Tuairiscítear tuairimí ó na rannpháirtithe ar fad sna míreanna a leanas.

Is de réir phríomhcheisteanna taighde an chomhairliúchán a chuirtear na sonraí i láthair. Déantar plé ar na tuairimí a bhaineann le dearcthaí i leith na Gaeilge agus le húsáid na Gaeilge lasmuigh den scoil ar dtús. Ansin pléitear na gnéithe dearfacha agus diúltacha a bhaineann le teagasc, foghlaim agus measúnú na Gaeilge. Cuirtear moltaí na rannpháirtithe i láthair deireadh na coda seo.

Dearcthaí i leith na Gaeilge agus i leith úsáid na Gaeilge

Ag tús an lae, tháinig na rannpháirtithe aníos le haon fhocal amháin a cheanglaíonn siad le foghlaim na Gaeilge ar scoil. Tháinig idir dhearcthaí dhearfacha agus dhearcthaí diúltacha, agus idir eispéiris dhearfacha agus eispéiris dhiúltacha, chun solais sa mhéid a bhí le rá acu, m.sh., *croí*, *grá*, *ar fheabhas*, *brí*, *bród*, *cultúr*, *caint 's spraoi*, *interesting*, *muinín*, *communication*, *hard*, *confusing*, *difficult* agus *eagla*. Rinne na daoine fásta agus na páistí a bhí páirteach sna seisiúin forbairt ar a gcuid tuairimí i gcaitheamh an lae.

Cé nach ndearnadh plé ar leith ar an tábhacht a bhaineann le foghlaim na Gaeilge, luaigh na rannpháirtithe an tábhacht a bhaineann le foghlaim na Gaeilge ar chúiseanna cultúrtha: *"It's important to learn Irish - it's part of our culture"* (*"Tá sé tábhachtach Gaeilge a fhoghlaim – is cuid dár gcultúr í")* agus ar mhaithe leis an teanga a chaomhnú: "*We owe it to the next generation to keep irish alive."* (*"Tá sé de dhualgas orainn an Ghaeilge a choinneáil beo don chéad ghlúin eile").* Rinneadh ceangal idir foghlaim na Gaeilge agus féiniúlacht Éireannach/mórtas náisiúnta. Cé gur léiríodh dearcthaí dearfacha i leith fhoghlaim na Gaeilge ar bhonn prionsabail, cuireadh in iúl go raibh sé ina ábhar imní gur leis an scoil amháin a bhaineann an Ghaeilge, den chuid is mó. Chothaigh an teagmháil shrianta a bhíonn ag mórchuid na ndaoine leis an nGaeilge taobh amuigh den scoil dúshláin ar leith maidir le cúrsaí

inspreagtha agus deiseanna úsáide na teanga. Chuimhnigh roinnt de na rannpháirtithe fásta ar an am a chaith siad sa Ghaeltacht agus iad tumtha sa Ghaeilge, rud a léirigh gur féidir leas a bhaint as tumthréimhse foghlama chun cur le húsáid na Gaeilge agus chun dearcthaí dearfacha a chothú ina leith. Measadh go mbíonn tionchar suntasach ag dearcthaí na dtuismitheoirí agus na múinteoirí aonair ar dhearcthaí na bpáistí, dearcthaí a d'fhéadfadh a bheith dearfach nó diúltach. Dúradh go bhfeadann sé a bheith níos deacra do thuismitheoirí cabhrú lena a gcuid páistí agus iad ag foghlaim na Gaeilge i gcomparáid leis na hábhair eile. Arís is arís eile, leag na rannpháirtithe béim ar a thábhachtaí is atá sé an Ghaeilge a cheangal le gnéithe eile de shaol na bpáistí, lena n-áirítear: ábhair spéise na bpáistí, ábhair eile scoile, tuismitheoirí/an baile, an pobal lasmuigh den scoil, cultúr na hÉireann agus foghlaim na Gaeilge ag leibhéal na hiar-bhunscoile. Moladh go dtacódh sé le foghlaim na Gaeilge ar scoil dá mbeadh níos mó deiseanna úsáide Gaeilge ar fáil lasmuigh den cheacht foirmiúil.

Tuairimí faoi ghnéithe dearfacha de theagasc, foghlaim agus measúnú na Gaeilge

Agus iad ag tagairt dá gcuid taithí féin, chuir na rannpháirtithe réimse tuairimí éagsúla in iúl faoi theagasc agus foghlaim na Gaeilge. Léiríodh dearcadh dearfach i leith na Gaeilge nuair a rinneadh naisc le deiseanna taitneamhacha chun an teanga a úsáid sa cheacht foirmiúil agus lasmuigh de. Iarradh ar na rannpháirtithe eispéiris dhearfacha a bhain lena saol féin a chur i láthair. Nuair a aimsíodh na príomhchosúlachtaí idir na heispéiris sin ar fad agus nuair a cuireadh in iúl dá chéile iad (the 'essence' mar a thugtar ar sa Bhéarla / 'croílár' na n-eispéireas), is ag díriú ar an tábhacht a bhaineann le Gaeilge a úsáid ar bhonn gníomhach agus bríoch a bhí siad, den chuid is mó. Seo thíos cuid de na samplaí a tháinig chun cinn:

- Spraoi, Caidreamh, Dearfacht, Cluichí, Muinín, Cumarsáid
- Foghlaim a bhaineann le rudaí a gcuireann na páistí spéis iontu, miotais agus finscéalta na hÉireann
- Ábhar léitheoireachta/Leabhair dhátheangacha, Teagmháil leis an nGaeilge i gcaitheamh an lae
- Cultúr, Ionchuimsiú, Ábharthacht, Cleachtadh
- Éireannachas, Bród, Ceolchoirmeacha, Obair Ghrúpa
- Drámaíocht, Naisc a Dhéanamh, Amhráin, Rince, Feadóg Stáin, Seachtain na Gaeilge

Tugann an anailís le fios go raibh na rannpháirtithe go láidir den tuairim gur ghá an Ghaeilge a úsáid a oiread agus is féidir i gcomhthéacsanna cumarsáide bríocha chun úsáideacht na teanga a léiriú do pháistí. D'fhéadfaí leas maith a bhaint as atreisiú dearfach freisin, mar shampla, moladh nó spreagthaí a úsáid. Mheas na rannpháirtithe gur féidir le himeachtaí cultúrtha tacú le nasc a chruthú idir foghlaim na teanga agus an comhthéacs soch-chultúrtha.

Cuir chuige ghníomhacha

Ar an iomlán, aontaíodh gur bhain páistí sult as na ceachtanna nuair a bhí deiseanna acu an teanga a úsáid. Luaigh na páistí samplaí de na heispéiris dhearfacha a bhí acu agus iad ag foghlaim na Gaeilge trí mheán cluichí, amhrán, dánta agus scéalta. Bhain roinnt páistí sult as bheith ag foghlaim faoi mhiotais na hÉireann. Thaitin sé le roinnt eile acu nuair a bheadh an múinteoir ag léamh scéalta dóibh i nGaeilge. Spreagadh na páistí a raibh baint acu le himeachtaí cultúrtha amhail rince Gaelach agus ceol traidisiúnta nuair a nascadh an Ghaeilge leis na imeachtaí sin, agus bhain siad sásamh as sin freisin. Is fiú a lua gur chuir roinnt múinteoirí in iúl go dtaitníonn sé leo amhráin, rannta agus cluichí a úsáid sna ranganna sóisearacha chun an Ghaeilge a theagasc agus go dtaitníonn sé leo freisin cur le stór focal na bpáistí ar bhealach spraíúil agus idirghníomhach.

Ag cur le húsáid na Gaeilge lasmuigh den cheacht Gaeilge

Ceapadh gur rud maith é an Ghaeilge a úsáid go neamhfhoirmiúil i rith an lae. Spreagadh daoine chun roinnt Gaeilge a úsáid ar bhonn neamhfhoirmiúil i scoileanna áirithe, mar shampla, beannachtaí agus 'frása na seachtaine' a úsáid. Bhí córas meantóireachta i bhfeidhm i scoil amháin; is éard a bhí i gceist ná páistí níos sine ag cabhrú leis na ranganna sóisearacha agus an léitheoireacht Ghaeilge ar siúl acu, agus measadh go raibh fiúntas ag baint leis sin. Measadh go raibh Seachtain na Gaeilge ag cur le dearcthaí dearfacha i leith na Gaeilge agus le húsáid na Gaeilge ar bhonn scoile uile sna scoileanna ar fad. Is fiú a lua go gcothaíonn Seachtain na Gaeilge cur chuige ionchuimsitheach i leith cheiliúradh na Gaeilge, sa mhéid is go nglacann an pobal scoile ar fad páirt i réimse imeachtaí teanga agus cultúrtha lasmuigh den rang foirmiúil teanga. Bhain na páistí sult ar leith as páirt a ghlacadh i gceolchoirmeacha, céilithe, tráth na gceist, srl. Baineadh leas as pointí dojo, glóthóga, greamáin agus pasanna oibre baile i scoileanna áirithe chun na páistí a spreagadh chun an Ghaeilge a úsáid i rith an lae nó sa chlós. Bhain an úsáid bhreise sin a baineadh as an nGaeilge níos mó le Seachtain na Gaeilge ná le tréimhsí eile den bhliain. De réir cosúlachta, ní chuirtear mórán leis an gcéim chun tosaigh ná leis an díograis a bhaineann le Seachtain na Gaeilge in go leor scoileanna nuair a bhíonn an tréimhse áirithe sin thart. Mar sin féin, ceapadh gur rud maith í Seachtain na Gaeilge sa mhéid is go mbíonn seans ag na scoileanna ar fad ligean leo agus go mbíonn deis ag gach duine a bheith páirteach agus sult a bhaint as gnéithe éagsúla de theanga agus de chultúr na hÉireann. Chuir na scoileanna in iúl freisin gur ábhar spreagtha agus sásaimh do na páistí iad na tionscnaimh amhail *Scór*, *Féile Luimnigh*, *Fleadh Cheoil na hÉireann*, *Féile an Phobail*, *Féile Bualadh Bos*. Baineann na páistí sult as bheith ag ullmhú do na féilte agus musclaítear bród agus sásamh iontu. Dúradh freisin go gcothaítear naisc dhearfacha leis an nGaeilge nuair a cheanglaítear an Ghaeilge le logainmneacha agus leis an nádúr.

Acmhainní agus scéimeanna tacaíochta

Luaigh roinnt scoileanna scéim fhoilsithe ar leith a measadh a bheith ina hacmhainn úsáideach, go háirithe sna ranganna sóisearacha. Measadh gur féidir leas maith a bhaint as acmhainní closamhairc a chuirtear ar fáil chun tacú le teagasc agus foghlaim na Gaeilge, m.sh., amhráin, scéalta digiteacha a bhfuil comhaid fuaime ag gabháil leo. Mar a dúradh san alt roimhe seo, ceapadh gur fiú an Ghaeilge a cheangal le féilte cultúrtha lasmuigh den scoil ó thaobh dearcthaí dearfacha a chothú i leith na Gaeilge agus an Ghaeilge a cheangal leis an oidhreacht agus leis an gcultúr. Is fiú a lua go raibh go leor de na scoileanna a ghlac páirt sa chomhairliúchán seo páirteach i bhféilte a bhaineann le ceol agus cultúr na hÉireann.

Dúshláin a bhaineann le teagasc, foghlaim agus measúnú na Gaeilge

Dúirt roinnt páistí ó na scoileanna a bhí páirteach sa chomhairliúchán go raibh sé 'deacair' an Ghaeilge a fhoghlaim nó go gcuireann sé 'mearbhall' orthu. Is sna meán/ardranganna is mó a thagann na deacrachtaí sin chun cinn mar cuirtear breis béime ar an léitheoireacht agus ar an scríbhneoireacht agus bíonn níos lú ama ar fáil don teanga labhartha. De réir cosúlachta, ba ar an téacsleabhar, den chuid ba mhó, a bhí forbairt scileanna litearthachta na Gaeilge bunaithe sna scoileanna a ghlac páirt sna seisiúin seo. Déantar plé ar na dúshláin a luadh de réir na dtéamaí seo a leanas: (i) athrú dearcthaí sna meán/ardranganna (ii) forbairt scileanna litearthachta na Gaeilge, (iii) cumas agus muinín na múinteoirí (vi) leanúnachas agus forchéimniú agus (v) ionchuimsiú.

Athrú dearcthaí sna meán/ardranganna

De réir na sonraí a bailíodh ó na scoilghrúpaí éagsúla, bhí na rannpháirtithe den tuairim go dtagann athrú ar na dearcthaí a bhíonn sách dearfach i leith fhoghlaim na Gaeilge sna ranganna sóisearacha agus go dtagann dearcthaí agus tuairimí atá níos diúltaí ná sin ina n-áit sna meán/ardranganna. Bhí an scoilt nó an bhearna sin ar cheann de na príomhthéamaí a bhain leis na grúpaí ar fad. Chuir roinnt rannpháirtithe in iul gur lú sult a bhaintear as foghlaim na Gaeilge sna meán/ardranganna toisc go ndírítear níos mó sna ranganna sin ar ghníomhaíochtaí a bhaineann le bheith ag léamh an téacsleabhair no ag scríobh ann agus toisc níos lú ama a bheith ar fáil do ghníomhaíochtaí a bhaineann leis an teanga labhartha. Tugadh le fios go raibh roinnt páistí sna ranganna sinsearacha ag ullmhú i gcomhair fhoghlaim na Gaeilge ag an iar-bhunleibhéal, agus go raibh béim níos mó á cur ar chineálacha cur chuige a bhí téacsleabhar-bhunaithe dá bharr mar aon le béim níos lú ar úsáid idirghníomhach na teanga labhartha. Cuireadh in iúl nach raibh muinín ag páistí áirithe sna hardranganna as a gcumas Gaeilge agus go raibh faitíos orthu botúin a dhéanamh toisc iad a bheith ag éirí níos goilliúnaí.

Forbairt scileanna litearthachta na Gaeilge: Léitheoireacht, scríbhneoireacht, gramadach agus litriú

Chuir na rannpháirtithe in iúl go raibh dúshláin i gceist le scileanna litearthachta na Gaeilge. Níor mhór cuimhneamh ar an méid teoranta ama a leagtar amach do theagasc na Gaeilge sa bhunscoil nuair a dhéantar na tuairimí a cuireadh in iúl a mheas. Tugadh faoi deara go mbíonn teagasc an Bhéarla bunaithe ar chóras ina ndéantar fónaic a theagasc ar bhonn follasach agus córasach ach nach mar sin a bhíonn sé ó thaobh na Gaeilge de. De réir thaithí na rannpháirtithe, is cosúil go múintear ainmfhocail Ghaeilge astu féin do na páistí seachas

ligean dóibh ainmfhocail a fhoghlaim i gcomhthéacs struchtúir abairte. De réir na rannpháirtithe, cuireann sé sin isteach ar chumas Gaeilge na bpáistí. Ní mór struchtúr abairte a theagasc chun na scileanna cumarsáide a bhaineann le teanga bhreise a fhorbairt. D'fhéadfadh na páistí a bheith ag léamh téacsleabhar Gaeilge gan brí na bhfocal ná na patrúin fónaice Ghaeilge a bheith foghlamtha acu chun cur ar a gcumas na focail a dhíchódú. Bhí deacrachtaí fuaimnithe ag roinnt páistí, agus seans gurb é is cúis leis sin ná nár múineadh fónaic go follasach dóibh. Cuireadh in iúl go mbíonn an léitheoireacht agus an scríbhneoireacht Ghaeilge dúshlánach agus b'fhéidir gurb é is cúis leis sin ná nach múintear bunscileanna litearthachta na Gaeilge. Anuas air sin, thug rannpháirtithe áirithe le fios go mbíonn leibhéal léitheoireachta na dtéacsanna sna téacsleabhair ródheacair do pháistí áirithe. Ina theannta sin, chuir na páistí in iúl go bhfuil gramadach na Gaeilge deacair, go gcuireann sé mearbhall orthu, agus go mbíonn deacrachtaí acu cuimhneamh air. Is dócha, arís, go mbaineann sé sin le cur chuige déaduchtach agus téacsleabharbhunaithe i leith theagasc na gramadaí mar aon le heaspa deiseanna chun an ghramadach a úsáid i gcomhthéacs. Dúradh go raibh na scrúduithe litrithe ina n-ábhar imní agus go bhféadfaidís lagmhisneach a chur ar pháistí. Tugadh le fios go bhfuil go leor páistí ann ar mhaith leo go n-éireodh go maith leo sna scrúduithe litrithe agus go mbíonn sé ina n-ábhar imní acu nuair nach n-éiríonn leo. Tá seans ann go mbíonn foghlaim an litrithe i scoileanna áirithe bunaithe ar ainmfhocail aonair nach bhfuil baint acu le patrúin litrithe ar bith.

Muinín agus cumas na múinteoirí

Díríodh aird ar chumas agus ar mhuinín na múinteoirí mar measadh go bhfuil seans ann nach bhfuil na múinteoirí muiníneach as a gcumas Ghaeilge féin agus go bhfuil faitíos orthu botúin a dhéanamh. Measadh go bhfuil seans ann go bhfuil múinteoirí áirithe níos mó ar a gcompord agus na ranganna óga á dteagasc acu dá bharr. Moladh nár chóir go mbeadh an oiread sin imní ar mhúinteoirí botúin a dhéanamh agus gur chóir tacú leo muinín i leith theagasc na Gaeilge a fhorbairt agus a n-inniúlacht ar theagasc na Gaeilge a fhorbairt freisin. Chuir na rannpháirtithe in iúl go bhfuil breis acmhainní ag teastáil chun tacú le cumas teanga na múinteoirí agus le hoideolaíocht na Gaeilge.

Leanúnachas agus forchéimniú

Díríodh aird ar an ngá atá ann le leanúnachas agus forchéimniú i leith theagasc na Gaeilge ón mbunscoil ar aghaidh go dtí an iar-bhunscoil. Is cosúil go mbaineann dul siar agus athrá leis na ceachtanna Gaeilge ach nach n-eascraíonn cumas cumarsáide as sin. Tugadh le fios gur lú spéis a chuireann páistí sna meán/ardranganna i bhfoghlaim na Gaeilge toisc go bhfuil go leor páistí ann nach n-éiríonn leo cumas cumarsáide a bhaint amach. Níor mhór an

méid teoranta ama a thugtar do theagasc agus foghlaim na Gaeilge a chur san áireamh agus tátál á mbaint as na torthaí seo.

Ionchuimsiú

Cuireadh in iúl gur dúshlán é nach bhfuil aon tacaíocht foghlama ann don Ghaeilge. Measadh go gcuirtear bac ar pháistí páirt a ghlacadh sa Ghaeilge nuair nach mbíonn tacaíocht foghlama ar fáil do pháistí a bhfuil riachtanais bhreise oideachais acu ná do pháistí nuathagtha nach dtosaíonn ar an nGaeilge a fhoghlaim go dtí níos déanaí sa bhunscoil. Agus an réimse leathan riachtanas a bhaineann leis na scoileanna á gcur san áireamh, measadh go raibh sé ina dheacracht nach raibh aon tacaíocht foghlama ann don Ghaeilge ar chor ar bith.

Mheas roinnt múinteoirí a bhí ag teagasc i scoileanna DEIS gur ghá dóibh an bhéim ba mhó a chur ar scileanna litearthachta Béarla agus gur lú tábhacht a bhaineann leis an nGaeilge. Ba é tuairim roinnt múinteoirí a bhain leis an gcomhthéacs sin gur chóir breis ama a chaitheamh ar scileanna litearthachta Béarla na bpáistí a dhaingniú sula ndíreoidís ar léitheoireacht agus scríbhneoireacht na Gaeilge.

Measadh gur cheist dhúshlánach í ceist na ndíolúintí, agus tugadh le fios sna cuntais starógacha a tugadh go molann príomhoidí iar-bhunscoile áirithe do thuismitheoirí díolúintí ón nGaeilge a lorg agus na páistí ar an mbunscoil. Bhí brú sa bhreis á chur ar phríomhoidí bunscoile i ngeall ar an gcleachtas sin. Is fiú a lua go raibh dea-chleachtas ag baint le scoileanna áirithe i dtaca leis an ionchuimsiú agus leis an difreálú, sa mhéid is go raibh páistí ag glacadh páirt sa Ghaeilge labhartha, sa cheol trí Ghaeilge srl. cé go raibh díolúine bronnta orthu. Sa chaoi sin, bhí difreálú á chur i bhfeidhm ar an teagasc chun é a chur in oiriúint do riachtanais na bpáistí seachas iad a fhágáil ar lár ón nGaeilge.

Sa tábla thíos, tá achoimre ar na gnéithe dearfacha agus ar na gnéithe dúshlánacha ar mhaith le rannpháirtithe níos mó/níos lú díobh ó thaobh theagasc agus foghlaim na Gaeilge de.

Níos mó díobh seo	Níos lú díobh seo
Spraoi, cluichí	Téacsleabhair
Gníomhaíochtaí idirghníomhacha	Scrúduithe
Drámaíocht	Measúnú
Rólimirt	Obair bhaile

Ag labhairt Gaeilge

Comhrá

Duaiseanna

Rince Gaelach

Fíorlitríocht – leabhair phictiúr i nGaeilge, stór focal / gramadach a fhoghlaim i gcomhthéacs

Teanga bheo - comhrá Gaeilge, fíortheanga a mhúnlú, teagasc trí mheán na Gaeilge

Tacaíocht foghlama don Ghaeilge

Gaeilge lasmuigh den Ghaeilge

Scór

Seachtain na Gaeilge

Stair – Bród a chothú

Comhrá

Duolingo

Níos mó den chaint!

Níos mó gearrthóga físe do na tuismitheoirí freisin (na tuismitheoirí nach labhraíonn Gaeilge)

Léitheoireacht

Druid an bhearna idir na ranganna Sóisearacha agus na ranganna Sinsearacha

Teagmháil leis an teanga lasmuigh den scoil

Nasc leis na meáin

Ábharthacht

Rochtain

Níos mó fónaice

Aistriúchán, nuair is féidir é

Béim ar ghramadach gan locht, is í an chumarsáid bun agus barr na teanga

Dearcthaí diúltacha

Níos lú den fhoghlaim de ghlanmheabhair; Níos lú scrúduithe

Earráidí a cheartú

Níos lú den scríbhneoireacht Ghaeilge

SCRÚDUITHE!

An Ghaeilge a thógáil ródháiríre, déan níos spraiúla í, focail

Cur isteach ar an obair bhaile

Ionchais neamhréadúla

Léitheoireacht & Scríbhneoireacht

Brú ar scoileanna an teagasc ar fad a dhéanamh

Faitíos go ndéanfaí praiseach di

Mearbhall

Ag foghlaim faoin gcaoi a n-oibríonn an teanga Léitheoireacht Ghaeilge a fhoghlaim Níos mó ama a chaitheamh ar an topaic agus níos mó den dul siar, rudaí a bhriseadh síos níos mó ionas go mbeimis in ann iad a thuiscint

Moltaí

Cuir úsáid scileanna idirghníomhaithe cainte chun cinn

Mhol na rannpháirtithe réimse leathan gníomhaíochtaí a mheallfadh na páistí chun an teanga a úsáid ar bhonn gníomhach. Moladh gur chóir úsáid na teanga a bheith fite fuaite sna rudaí a gcuireann na páistí spéis iontu. I measc na ngníomhaíochtaí a moladh bhí: amhráin, cluichí, rólimirt, drámaíocht, tráth na gceist, tionscnaimh a bhaineann le rudaí a gcuirtear spéis iontu, scéalta na hÉireann.

Cuir úsáid na Gaeilge neamhfhoirmiúla chun cinn

Bhí na rannpháirtithe den tuairim go gcuirfí leis an teagmháil a bheadh ag na páistí leis an nGaeilge agus go mbeadh tuilleadh deiseanna acu chun an Ghaeilge a úsáid dá mbeadh Gaeilge neamhfhoirmiúil in úsáid i rith an lae. Ina theannta sin, moladh córais luaíochta a chur i bhfeidhm chun úsáid na Gaeilge a spreagadh.

Cuir an Ghaeilge chun cinn ar fud na scoile

Díríodh aird ar an tábhacht a bhaineann le cur chuige scoile uile, a mbeadh ceannaireacht na scoile ag tacú leis, maidir leis an nGaeilge a chur chun cinn agus maidir le húsáid na Gaeilge neamhfhoirmiúla. Moladh leas a bhaint as timpeallacht ábhair i bprionta, comharthaí srl. chun an Ghaeilge a dhéanamh feiceálach. Moladh freisin amanna/áiteanna ar leith a bheith leagtha amach le haghaidh úsáid na Gaeilge lasmuigh de na ranganna Gaeilge. D'fhéadfaí tairbhe a bhaint as córas meantóireachta a chuirfeadh deiseanna ar fáil do pháistí óga agus páistí níos sine ná iad a bheith ag obair le chéile – chun tacú leis an léitheoireacht Ghaeilge, mar shampla. Moladh freisin an t-am céanna a leagan síos do theagasc na Gaeilge sna ranganna ar fad. Glacadh leis gur chóir tógáil ar na gníomhaíochtaí a bhaineann le Seachtain na Gaeilge agus ar an spéis a mhúsclaítear sa Ghaeilge agus i gcultúr na hÉireann i rith na scoilbhliana ar fad.

Déan ábhair eile a theagasc trí Ghaeilge / an Ghaeilge a nascadh le hábhair eile

Chuir na rannpháirtithe in iúl go bhféadfaí tairbhe a bhaint as ábhair eile a fhoghlaim trí mheán na Gaeilge, mar shampla, Corpoideachas, Ealaín agus Tíreolaíocht. Moladh go bhféadfaí tairbhe a bhaint as frásaí a fhoghlaim a bhféadfaí iad a úsáid nuair a bheadh gníomhaíochtaí taitneamhacha ar siúl, m.sh., ag imirt iománaíochta.

Ceangail an Ghaeilge leis an gcultúr

Mhol roinnt rannpháirtithe gur chóir aird a dhíriú ar na cúiseanna cultúrtha a bhfoghlaimítear an Ghaeilge. Moladh breis deiseanna a chur ar fáil chun páirt a ghlacadh sa cheol Gaelach, i gcluichí Gaelacha agus sa rince Gaelach. Moladh go bhfoghlaimeofaí faoi stair na nÉireann agus go ndéanfaí an Ghaeilge a nascadh le logainmneacha. Cuireadh béim ar an tábhacht a bhaineann leis an nGaeilge a chur chun cinn mar chuid de shochaí a bhfuil éagsúlacht teanga agus chultúrtha ag baint léi.

Ceangail an Ghaeilge leis an mbaile agus leis an bpobal lasmuigh den scoil

Measadh go gcuirtear bac ar úsáid na teanga agus ar an spéis a chuirtear sa teanga toisc nach bhfuil naisc leis an teanga lasmuigh den scoil. D'fhéadfadh sé a bheith ina chuidiú tuismitheoirí a chur ar aon eolas maidir leis an nGaeilge atá á foghlaim ag a gcuid páistí. Chabhródh sé chomh maith ceachtanna Gaeilge a bheadh dírithe ar an teanga a úsáideann na páistí a chur ar bun do thuismitheoirí. D'fhéadfaí leas a bhaint as ábhar digiteach agus as leabhair dhigiteacha a mbeadh comhaid fuaime agus gearrthóga físe ag gabháil leo chun tacú leis na tuismitheoirí a bheith páirteach i bhfoghlaim teanga a gcuid páistí. D'fhéadfadh imeachtaí Gaeilge do thuismitheoirí/don scoil a bheith ina gcuidiú chun dearcthaí dearfacha a chothú agus chun úsáid na Gaeilge a spreagadh. Moladh go bhféadfaí naisc a bhunú le clubanna spóirt áitiúla, le scoileanna lán-Ghaeilge, le scoileanna meán-Bhéarla eile, agus le hiar-bhunscoileanna ar mhaithe le himeachtaí Gaeilge a reáchtáil. Moladh tob-Ghaeltacht a reáchtáil freisin, mar aon le turais scoile agus campaí trí mheán na Ghaeilge. Ina theannta sin, moladh deis a chur ar fáil do pháistí chun cuairt a thabhairt ar cheantair Ghaeltachta. Moladh go bhféadfaí na páistí a spreagadh dá dtabharfadh aoichainteoirí a úsáideann an Ghaeilge ina ngairm bheatha cuairt ar an scoil.

Déan breis tacaíochtaí don Ghaeilge a chruthú agus déan plé ar an gcaoi a 'n-oibríonn' an teanga

Is féidir tacaíochtaí a mheas de réir dhá cheannteideal éagsúla: tacaíochtaí maidir le teagasc agus foghlaim na Gaeilge; agus tacaíochtaí do mhúinteoirí. Moladh scéim ar leith a chur ar fáil i gcomhair theagasc na Gaeilge sna scoileanna meán-Bhéarla. Dhírigh na múinteoirí aird ar an

tábhacht a bhaineann le scileanna litearthachta na Gaeilge a theagasc ar bhonn córasach, follasach agus struchtúrtha. Cuireadh in iúl go sonrach gur ghá tacaíochtaí a chur ar fáil do theagasc fhónaic na Gaeilge mar aon le hábhar aoisoiriúnach léitheoireachta a chur ar fáil. Rachadh sé chun sochair do na scoláirí na bunstruchtúir a bhaineann leis an gcaoi 'a n-oibríonn an teanga' a fhoghlaim. Moladh an Ghaeilge a theagasc i ngrúpaí beaga. Moladh, mar shampla, cúrsaí samhraidh a chur ar fáil do mhúinteoirí chun tacú leo a gcumas Gaeilge agus a gcuid muiníne i leith na Gaeilge a fhorbairt.

Bíodh gach páiste páirteach i bhfoghlaim na Gaeilge agus tacaigh leo ar fad

Moladh tacaíocht foghlama a chur ar fáil don Ghaeilge. Moladh freisin an curaclam a dhifreálú ar mhaithe le tacú le páistí chun an Ghaeilge a fhoghlaim seachas córas na ndíolúintí a úsáid a fhágann páistí ar lár ó fhoghlaim na Gaeilge.

Déan trialacha caighdeánaithe Gaeilge a riar

Mheas roinnt múinteoirí gur chóir do na páistí trialacha caighdeánaithe Gaeilge a dhéanamh.

Fís chomhordaithe don Ghaeilge

Cuireadh in iúl go sonrach gur ghá fís chomhordaithe a bheith ann don Ghaeilge agus naisc a bheith idir na rannóga ar fad. Measadh go raibh sé tábhachtach go mbeadh leanúnachas agus forchéimniú ann ón mbunscoil ar aghaidh go dtí an iar-bhunscoil.

Pobail iar-bhunscoile

Sa chuid seo den tuarascáil, déantar tuairisciú ar an ócáid lae a tionóladh i mí Aibreáin, 2025 chun iniúchadh a dhéanamh ar ghnéithe éagsúla de theagasc agus foghlaim na Gaeilge in hiar-bhunscoileanna. Ba iad scoláirí, múinteoirí agus tuismitheoirí ó chúig iar-bhunscoil atá lonnaithe i gCathair/Contae Luimnigh nó gar de a ghlac páirt san ócáid. Bhí próifílí éagsúla ag na scoileanna agus bhí deis ag rannpháirtithe a gcuid tuairimí a nochtadh sna grúpaí plé beaga agus san ollphlé. Cuirtear na torthaí i láthair sna fo-ailt thíos, de réir na gceannteideal seo a leanas: (i) Dearcthaí, (ii) Úsáid na Gaeilge, agus (iii) Teagasc, Foghlaim agus Measúnú na Gaeilge. Tá moltaí ó na rannpháirtithe ar fáil ag an deireadh.

Dearcthaí

Chun tús a chur leis an lá, luaigh na rannpháirtithe aon fhocal amháin a cheanglaíonn siad le foghlaim na Gaeilge ar scoil. Tugadh idir fhreagairtí dhearfacha (m.sh. *suimiúil*, *spéisiúil*, *áilleacht*, *grá*, *taitneamhach*, *cumarsáid*, *féiniúlacht*) agus fhreagairtí a bhí níos diúltaí ná sin (m.sh. *casta*, *leadránach*, *deacair*, *frustrachas*, *úsáid theoranta*, *dúshlánach*, *neamhfheidhmeach).* Dé réir mar a chuaigh an lá ar aghaidh, dúradh tuilleadh faoi na mothúcháin aon fhocail sin, agus na rannpháirtithe ag insint faoi na heispéiris a bhí acu sa seomra ranga agus lasmuigh de.

Léiríodh dearcthaí dearfacha i leith na Gaeilge mar chuid lárnach den fhéiniúlacht agus den oidhreacht ar chóir dúinn a bheith bródúil aisti: *"It's like our identity - it's something we have to ourselves - if we didn't have it we'd be losing our identity"* (*"Is cuid dár bhféiniúlacht í, ar bhealach – is linne í – mura mbeadh sí againn bheadh ár bhféiniúlacht á chailleadh againn").* Rinne na rannpháirtithe tagairt d'eispéiris áirithe a bhí acu ó thaobh na Gaeilge de a chothaigh dearcthaí dearfacha iontu ina leith, amhail an Ghaeilge a úsáid mar 'theanga rúnda' agus iad thar lear, an Ghaeilge a roinnt le scoláirí malairte agus fíorúsáid na Gaeilge a chloisteáil sa Ghaeltacht. Ba mhinic a luaigh na daoine óga agus na daoine fásta múinteoir ar leith a raibh lorg buan acu ar a ndearcadh i leith na Gaeilge. Moladh na cineálacha cur chuige a chuir na múinteoirí sin i bhfeidhm, amhail leas a bhaint as cluichí, as ceol agus as gníomhaíochtaí lasmuigh den seomra ranga chun an Ghaeilge a theagasc. Mar sin féin, chuir na rannpháirtithe in iúl nárbh í scil oideolaíochta an mhúinteora bun agus barr an scéil; bhí tábhacht ag baint leis an dearcadh a bhí acu freisin: tugadh aird ar leith ar chur chuige spraíúil agus spórtúil ('craic' a bheith acu). Rinne siad tagairt do mhúinteoirí a chuir stró ar leith orthu féin cabhrú le scoláirí aonair a bhí ag streachailt le foghlaim na Gaeilge. Dhírigh roinnt rannpháirtithe aird ar an tábhacht a bhaineann le dea-shampla ó dhaoine eile, amhail an dea-thionchar a fhéadann a bheith ag tuismitheoirí nó ag iar-scoláirí atá ag úsáid na Gaeilge anois ina saol pearsanta agus

ina saol gairmiúil. Measadh go raibh sé tábhachtach go mbeadh cultúr scoile ann a cheadódh cuir chuige neamhfhoirmiúla ar nós 'bain triail as'.

Cé go raibh na rannpháirtithe in ann tionchair dhearfacha ar dhearcthaí i leith na Gaeilge a aithint, bhí go leor le rá acu freisin faoi thionchair a raibh éifeacht dhiúltach acu. Ar an mórgóir, bhí na scoláirí den tuairim go raibh fíor-dhrochthionchar ag an gcur chuige i leith na Gaeilge ag leibhéal na hiar-bhunscoile ar na dearcthaí a bhí acu i leith na teanga. Measadh go raibh an bhéim a cuireadh ar an litríocht ag cothú dearcthaí diúltacha: "*negative thought in mind straight away*" ("*smaoineamh diúltach san intinn láithreach*"). Ba léir go raibh cuid de na ceachtanna ar nós léachtaí agus go raibh ar na scoláirí na nótaí a scríobh síos. Chuir formhór na scoláirí in iúl gur mhaith leo a bheith in ann an Ghaeilge a labhairt ar bhonn prionsabail, ach nach raibh a n-eispéireas reatha scoile ag cuidiú leo chun an aidhm sin a bhaint amach. Cé gur chuir na rannpháirtithe in iúl go bhféadann dea-thionchar a bheith ag múinteoir maith, dúirt siad go bhfuil a mhalairt fíor freisin, agus luaigh siad múinteoirí a raibh droch-chaidreamh acu leis na scoláirí agus a raibh droch-thionchar acu ar a ndearcthaí i leith na Gaeilge dá bharr. Rud eile a tháinig aníos ná gur chuir na scoláirí agus na múinteoirí araon in iúl go bhfuil easpa cumas cumarsáide lucht na chéad bhliana agus iad ag tosú ar an iar-bhunscoil ag cur leis na dearcthaí diúltacha i leith na Gaeilge sna hiar-bhunscoileanna. Luadh freisin an tionchar a bhíonn ag na dearcthaí diúltacha atá ag cuid de na tuismitheoirí i leith na Gaeilge. Déantar tuilleadh plé níos faide anonn sa chuid seo den tuarascáil air seo.

Úsáid na Gaeilge

Luaigh na rannpháirtithe samplaí éagsúla de ghníomhaíochtaí a chuireann an Ghaeilge chun cinn ar scoil agus lasmuigh den scoil. Is iad na gníomhaíochtaí a bhaineann le húsáid na Gaeilge ach nach mbaineann le gníomhaíochtaí foirmiúla atá leabharbhunaithe a sheas amach. Ina measc siúd bhí gníomhaíochtaí faoin aer nó siúlóidí trí Ghaeilge; ciorcail chainte neamhfhoirmiúla; foghlaim a bhí bunaithe ar chluichí, amhráin agus rince; Gaeilge24, tráth na gceist; agus díospóireachtaí. Anuas air sin, thug siad moladh do mhúinteoirí a roinneann acmhainní Gaeilge ar na meáin leo (m.sh., podchraoltaí) ar féidir leis na scoláirí iad a úsáid lasmuigh den scoil. Moladh an dea-thionchar a bhaineann leis an nGaeilge a úsáid le linn gníomhaíochtaí éagsúla amhail pilates,ióga, leadóg agus lúthchleasaíocht nuair a bhíonn clubanna óige trí Ghaeilge ann. Ina theannta sin, luaigh na rannpháirtithe an tairbhe a bhaineann le gníomhaíochtaí de chuid Sheachtain na Gaeilge (m.sh. tóraíocht taisce) agus luaigh na tuismitheoirí an chaoi a bhféadann na gníomhaíochtaí sin deis a thabhairt dá gcuid páistí an méid atá bainte amach acu sa Ghaeilge a léiriú. Cuireadh in iúl go bhféadfadh *gach uile* pháiste páirt a ghlacadh i Seachtain na Gaeilge. Luaigh na rannpháirtithe an tairbhe a

bhaintear as cuir chuige ar bhonn scoile uile chun an Ghaeilge a chur chun cinn, lena n-áirítear spreagthaí (m.sh., comórtais don duine a labhraíonn an méid is mó Gaeilge; Gaeilge 24). Fáiltíodh roimh na féidearthachtaí a bhaineann leis an scéim Gaelbhratach chun tionscnaimh faoi stiúir na scoláirí a chur chun cinn, agus luaigh na rannpháirtithe an tairbhe a bhaineann leis an nGaeilge a dhéanamh níos feiceálaí sa scoil (m.sh., comharthaí, fógraí trí mheán na Gaeilge thar an idirchum). De réir mar a cuireadh in iúl i snáitheanna eile den chomhairliúchán seo, ba mhinic i gcaitheamh an lae a labhraíodh faoin tionchar bunathraitheach a fhéadann a bheith ag tréimhse sa Ghaeltacht. Luaigh na scoláirí an tionchar a bhí ag an tréimhse sin ar a gcumas chun an Ghaeilge a úsáid i dtimpeallacht spraíúil agus shóisialta agus in áit ina raibh siad ar a gcompord. Luaigh na tuismitheoirí agus na múinteoirí araon samplaí den chaoi ar tháinig an Ghaeilge chun beatha dóibh den chéad uair freisin, le linn dóibh a bheith sa Ghaeltacht. Ar an iomlán, léiríodh go gcuirtear an Ghaeilge chun cinn nuair a cheanglaítear í leis an gcumarsáid ó bhéal i gcomhthéacsanna bríocha ón bhfíorshaol seachas i suíomhanna níos foirmiúla a bhaineann leis an seomra ranga.

Cuireadh in iúl go bhfuil an fhaitíos a bhaineann le botún a dhéanamh ar cheann de na baic is mó a chuireann isteach ar scoláirí maidir le húsáid na Gaeilge sa seomra ranga agus lasmuigh de. Tugadh le fios go bhfuil baint aige sin le lagchumas cumarsáide a shíltear a bheith ann (*"people are afraid to speak Irish in a classroom because they are not confident in their ability"/"bíonn faitíos ar dhaoine Gaeilge a labhairt sa seomra ranga toisc nach mbíonn muinín acu as a gcumas (Gaeilge)*") agus leis an tuiscint atá ann go ngearrann córas na scrúduithe pionós ar bhotúin ghramadaí. Chuir roinnt múinteoirí in iúl go n-éiríonn páistí níos goilliúnaí agus iad sna hardranganna agus nuair a théann siad ar aghaidh go dtí an iar-bhunscoil, agus gur níos lú fonn a bhíonn orthu ansin an Ghaeilge a labhairt. Dúradh gur beag deis a bhíonn ann chun an Ghaeilge a úsáid lasmuigh den scoil agus chuir na scoláirí in iúl gur bheag seans ar fad go n-úsáidfidís an Ghaeilge sa bhaile. Chuir na rannpháirtithe fásta in iúl go gcuirtear isteach ar inspreagadh foghlama na scoláirí nuair nach raibh an Ghaeilge le cloisteáil acu lasmuigh den scoil. Cé gur moladh an tairbhe a d'fhéadfadh scoláirí a bhaint as tréimhsí sa Ghaeltacht, dhírigh na rannpháirtithe aird ar na constaicí airgeadais a bhíonn sa bhealach ar go leor tuismitheoirí ar mhaith leo a gcuid páistí a sheoladh chun na Gaeltachta. Chuir na múinteoirí in iúl nach bhfuil go leor maoiniúcháin ar fáil do ghníomhaíochtaí seach-churaclaim a d'fhéadfadh úsáid na Gaeilge a chur chun cinn sna scoileanna.

Teagasc, Foghlaim agus Measúnú

Gnéithe Dearfacha

Iarradh ar na rannpháirtithe machnamh a dhéanamh ar eispéiris dhearfacha a bhí acu i leith na Gaeilge, agus insint do na rannpháirtithe eile fúthu. Pléadh na cosúlachtaí idir na scéalta sin ag na boird éagsúla agus sa seisiún iomlánach freisin, ar mhaithe leis na tréithe a bhaineann/a bhainfeadh le dea-chleachtas a aithint. Úsáideadh na focail/téamaí seo a leanas agus 'croílár' nó 'essence' na n-eispéireas á phlé:

- Cumarsáid, idirghníomhach, spraoi, nádúrtha
- Craic, spraoi, spreagadh, duaiseanna
- Caidreamh sóisialta, sult
- Pobal, dóchas, tacaíocht, réamhghníomhach, aitheantas
- Spraoi, tacaíocht, laethanta saoire, lasmuigh den seomra ranga, pobal/muintearas, an teanga a labhairt
- Spraoi, idirghníomhach, níos lú béime ar an scríbhneoireacht/níos praiticiúla
- Spreagadh, spraoi, bród, cumhachtach
- Comhrá, pobal, ábharthacht, nasc
- Foghlaim aonair, pobal, deiseanna do chaidreamh sóisialta nádúrtha
- Gaeltacht, Gaelscoileanna, an Ghaeilge sa ghnáthshaol, is leatsa an teanga, lasmuigh den seomra ranga, eispéiris - múinteoir le grá don teanga

Nuair a chuirtear na tréithe sin ar fad i dtoll a chéile, tugtar le fios gur mhó seans go n-éireodh le teagasc na Gaeilge nuair a bheadh eispéiris tharraingteacha, thumthacha, faoi thionchar an phobail i gceist. De réir na rannpháirtithe, ba chóir aird a dhíriú ar mhuinín, sult agus caidreamh nádúrtha a chur chun cinn sna heispéiris sin, agus ba chóir béim a chur ar úsáid phraiticiúil na Gaeilge, nasc cultúrtha agus tacaíocht fhiúntach a chur chun cinn lasmuigh den seomra ranga.

Sa chuid roimhe seo, rinneadh tuairisciú ar réimse gníomhaíochtaí *lasmuigh* den rang Gaeilge a shíltear a thacaíonn le teagasc agus foghlaim na Gaeilge. Chuir na rannpháirtithe ar fad in iúl go sonrach gur mhó seans go n-éireodh le hoideolaíocht a bheadh bunaithe ar an bhfoghlaim ghníomhach agus ar idirghníomhú trí Ghaeilge. Is é is brí leis sin ná gníomhaíochtaí atá bunaithe ar chluichí a mbíonn roinnt iomaíochta ag baint leo. Dhírigh siad aird ar an mbealach ar leith a bhféadfaí an Ghaeilge a fhoghlaim *trí* eispéiris eile, amhail tionscnaimh agus díospóireachtaí nó gníomhaíochtaí ceoil agus spóirt. Chuir roinnt rannpháirtithe in iúl go bhféadfaí tairbhe ar leith a bhaint as an Idirbhliain chun foghlaim eispéireasach ar bhonn modúlach, nach bhfuil dírithe ar na scrúduithe, a fhorbairt (ach chuir roinnt acu in iúl freisin go mbaintear leas as an Idirbhliain chun ullmhúchán a dhéanamh don Ardteistiméireacht; de réir thuairiscí na scoláirí, braitheann sé sin ar an scoil aonair).

Gnéithe Dúshlánacha

Litríocht

Bhí formhór na rannpháirtithe den tuairim go gcuirtear an iomarca béime ar an litríocht i sonraíochtaí na Sraithe Sóisearaí agus siollabais na hArdteistiméireachta, agus go ndéanann sé sin ar fad díobháil don teanga labhartha agus do scileanna cumarsáide. Is é an tuairim a bhí ag go leor scoláirí ná: "*No business doing a novel at Junior Cycle or Leaving Certificate*" ("*Ní fiú úrscéal a dhéanamh sa tSraith Shóisearach nó san Ardteistiméireacht*"), agus dúirt siad gur chóir a leithéid a choinneáil don Bhéarla amháin, i.e. príomhtheanga theagaisc na scoile. Mheas siad go mbeadh deacrachtaí ag scoláirí áirithe a bhí cúig bliana déag d'aois anailís a dhéanamh ar litríocht sa chéad teanga, gan trácht ar a leithéid a dhéanamh sa dara teanga nó i dteanga bhreise eile. Mheas na scoláirí go raibh an-chuid den fhoghlaim a bhain leis an tSraith Shóisearach agus leis an tSraith Shinsearach bunaithe ar an téacsleabhar toisc an oiread sin béime a bheith á cur ar an litríocht, agus chuir siad in iúl nár thaitin sé sin leo. Cé gur luaigh roinnt scoláirí saothair ar chuir siad spéis iontu, bhí scoláirí eile ann a bhí ar mhalairt tuairime (i.e. thaitin *Cúpla* le roinnt acu, níor thaitin sé le scoláirí eile). Thug na rannpháirtithe le fios go gceapann siad go bhfuil go leor den litríocht sách gruama/dorcha (i.e. go mbaineann sí le scéalta agus eispéiris atá diúltach) nó as dáta, agus go mbíonn droch-chuimhní acu ar an nGaeilge, dá bharr. Chuir na tuismitheoirí in iúl gur beag solúbthacht a bhíonn ann (taobh amuigh den Idirbhliain) chun aird a dhíriú ar an nGaeilge labhartha. Thug na scoláirí le fios gur beag rogha a bhíonn acu maidir leis an ábhar léitheoireachta don Ghaeilge agus go raibh rogha ní b'fhearr acu ag leibhéal na bunscoile. Ar an iomlán, mheas na rannpháirtithe gur chóir béim níos lú a chur ar an litríocht, nó, go deimhin, gur chóir fáil réidh léi ina hiomláine agus í a bheith mar chuid de chúrsa roghnach (féach na moltaí ina dhiaidh seo), rud a d'fhágfadh go mbeadh breis ama ar fáil le caitheamh ar an gcumarsáid. Pléadh na cineálacha cur chuige a úsáidtear i leith na litríochta freisin, agus déantar cur síos ar an gcaint sin sa chéad chuid eile.

Oideolaíocht a dhíríonn ar nótaí a ghlacadh, ar an bhfoghlaim de ghlanmheabhair agus ar ullmhúchán don scrúdú

Bhí an bhéim a cuireadh ar an litríocht agus eispéiris na scoláirí maidir leis an bhfoghlaim de ghlanmheabhair fite fuaite ina chéile. Chuir na scoláirí in iúl go gcaitheann siad cuid mhaith den am a thugtar d'fhoghlaim na Gaeilge ag éisteacht leis an múinteoir ag aistriú rudaí ó Ghaeilge go Béarla, ag glacadh nótaí agus á gcur de ghlanmheabhair, agus "*throwing it back for the exam*" ("*á gcaitheamh ar ais don scrúdú*"). Measadh, ní nach ionadh é, go raibh sé sin 'leadránach' agus nárbh fhiú é a dhéanamh. Chuir na scoláirí in iúl go raibh frustrachas orthu faoi na heispéiris mhíshásúla foghlama nach raibh ciall ar bith leo: "*I didn't actually know*

what I was writing, I'd just learned it off" ("Ní raibh a fhios agam, i ndáiríre, céard a bhí á scríobh agam; bhí sé curtha de ghlanmheabhair agam"). Thug na scoláirí le fios go gcuirtear béim ar an ngramadach/teanga sa chéad bhliain ach gur ar aistí agus ar an litríocht a chur de ghlanmheabhair a chuirtear an bhéim ón Dara Bliain ar aghaidh. Chuir siad in iúl go ndéantar gach cur i láthair a bhaineann leis na Measúnuithe Rangbhunaithe don tSraith Shóisearach a phleanáil roimh ré, de ghnáth, agus go bhfoghlaimítear de ghlanmheabhair iad. Cé go raibh siad i bhfabhar an 40% a thugtar do bhéaltriail na hArdteistiméireachta, thug na scoláirí le fios go gcaitear go leor dá gcuid ama ag foghlaim abairtí de ghlanmheabhair don tSraith Pictiúr in ionad a bheith ag foghlaim faoin gcaoi a n-oibríonn an teanga nó ag úsáid na teanga ar bhonn neamhspleách. Rinne siad achoimre ar a gcuid eispéireas mar seo a leanas: *"It's not being taught to learn a language, it's being taught to do the test" ("Ní dhéantar í a theagasc ionas go bhfoghlaimeoidh (tú) teanga; déantar í a theagasc i gcomhair na scrúduithe").*

Chuir na scoláirí in iúl gur chóir úsáid na teanga cumarsáide a chúiteamh sa mheasúnú (ó bhéal/scríofa), seachas iad a spreagadh chun rudaí a fhoghlaim de ghlanmheabhair agus iad ag súil go dtiocfaidís aníos sa scrúdú. Bhí siad den tuairim gur mhó seans go mbeadh an teanga in úsáid ar bhonn neamhspleách sna Nuatheangacha Iasachta a raibh staidéar á dhéanamh acu orthu. Is é tuairim na scoláirí agus na múinteoirí araon gurb é is cúis leis an oiread sin den 'fhoghlaim de ghlanmheabhair' ná ualach na litríochta a bhíonn le clúdach ar an gcúrsa gan a dhóthain ama a bheith ann ina leith. Is é sin le rá, mheas na scoláirí agus na múinteoirí araon go raibh brú orthu bogadh ar aghaidh ó bheith ag foghlaim faoin gcaoi a n-oibríonn an teanga go dtí an fhoghlaim de ghlanmheabhair. Dúirt roinnt scoláirí nach mbaineann an luach saothair céanna (pay-off) leis an méid mór ama a chaitear ar an nGaeilge ag leibhéal na hArdteistiméireachta murab ionann le hábhair eile nach bhfuil an oiread sin míreanna measúnaithe ag baint leo, go háirithe nuair a chuirtear san áireamh nach bhfuil pointí bónais ar fáil (i.e. tá dhá pháipéar scríofa ann don Ghaeilge agus béaltriail freisin; ní bhaineann an oiread sin míreanna le formhór na n-ábhar eile). Tugadh le fios freisin go bhfuil seans ann go mbíonn an fhoghlaim de ghlanmheabhair ar siúl toisc go mbíonn ar scoláirí staidéar a dhéanamh ar litríocht atá ródheacair dóibh. De réir scoláirí áirithe, is ar éigean a thuigeann siad an litríocht a mbíonn staidéar á dhéanamh acu uirthi: *"Even when you are learning the literature - you don't actually understand what you are doing"* (*"Fiú nuair a bhíonn an litríocht á foghlaim agat – ní thuigeann tú céard a bhíonn ar siúl agat, i ndáiríre").*

Easpa béime ar an gcumarsáid ó bhéal/ar an teanga a thuiscint

Mheas na rannpháirtithe nach raibh go leor ama ann le caitheamh ar an teanga ó bhéal toisc an oiread sin béime a bheith ar an litríocht agus ar an ullmhúchán don scrúdú. Chuir roinnt scoláirí ón tSraith Shóisearach in iúl nach labhraíonn siad Gaeilge riamh sa rang, toisc nach bhfuil béaltriail le déanamh acu. Dá bharr sin, mheas formhór na rannpháirtithe gur chóir béaltriail a thabhairt isteach sa tSraith Shóisearach, ach dúradh go raibh sé tábhachtach go ndéanfadh an bhéaltriail sin scileanna a mheas i gceart ionas nach mbeadh baint ag an bhfoghlaim de ghlanmheabhair léi. De réir mar a tuairiscíodh cheana, chuir na rannpháirtithe in iúl go raibh frustrachas orthu faoin bhfoghlaim de ghlanmheabhair a bhaineann leis an tSraith Pictiúr. Ar an dul céanna, agus ag teacht le tuairimí a léiríodh sa chuid roimhe seo, mheas roinnt rannpháirtithe go dtéann an córas mar atá chun sochair do na scoláirí atá go maith ag an bhfoghlaim de ghlanmheabhair. D'fhéadfadh scoláirí a bhfuil cumas cumarsáide níos fearr acu ach nach bhfuil chomh maith céanna ag an bhfoghlaim de ghlanmheabhair a bheith thíos leis.

Ba mhinic na scoláirí ag rá go raibh an fócas foghlama a bhaineann leis na Nuatheangacha Iasachta níos oiriúnaí agus gur chóir é sin a chur i bhfeidhm ar an nGaeilge freisin. Chuir siad in iúl go raibh siad níos compordaí ag labhairt teangacha amhail an Fhraincis nó an Ghearmáinis ná an Ghaeilge, cé go raibh níos lú ama caite acu ag foghlaim na dteangacha sin.

Ionchuimsiú

Cé gur cheap na rannpháirtithe gur chóir gach iarracht a dhéanamh le cinntiú go mbeadh gach foghlaimeoir páirteach sa Ghaeilge, bhí sé dúshlánach a leithéid a chur i gcrích. Cheap roinnt rannpháirtithe nach raibh go leor saineolais sna hiar-bhunscoileanna le cinntiú go ndéanfaí an freastal cuí ar riachtanais litearthachta na scoláirí a raibh disléicse orthu. Mheas siad go mbeadh an Ghaeilge sách dúshlánach cheal na tacaíochta sin. Chuir roinnt eile acu in iúl nach bhfuil ach soláthar fíortheoranta agus fíorbheagán tacaíochta ann do scoláirí atá ag tosú ar an nGaeilge a fhoghlaim den chéad uair, is é sin má tá tacaíocht ar bith ar fáil dóibh (m.sh., scoláirí a tháinig isteach sa chóras scoile in Éirinn nuair a bhí siad 12/13 bliana d'aois). Dá bharr sin, ba mhó seans go mbeadh díolúine á lorg acu. Cé go raibh roinnt tuismitheoirí dearfach faoi na díolúintí agus cé go ndúirt na tuismitheoirí sin go laghdaíonn na díolúintí an strus a bhíonn ar pháistí dá gcuid a bhfuil disléicse orthu, chuir roinnt eile acu in iúl go measann siad go laghdaítear an méid deiseanna a bheidh ar fáil do na scoláirí amach anseo nuair a bhíonn díolúine ón nGaeilge faighte acu. Agus iad ag caint faoi na scoláirí sa chéad bhliain, chuir roinnt múinteoirí iar-bhunscoile in iúl go raibh bearnaí ina gcuid Gaeilge

agus go raibh deacrachtaí acu ag leibhéal na hiar-bhunscoile. I gcásanna áirithe ba léir gur tógadh roinnt páistí amach as an rang Gaeilge chun freastal ar thacaíocht foghlama sa bhunscoil.

Ar dhóigh níos ginearálta, chuir na scoláirí in iúl go raibh breis tacaíochta ag teastáil uathu chun an teanga a thuiscint. Chuir siad in iúl gur minic a bhíonn neamhréir idir ábhar na gceachtanna agus a gcumas teanga féin. Chuir siad in iúl go raibh frustrachas orthu faoin gcaoi a gceaptar go mbíonn bunús maith Gaeilge ag daltaí agus iad ag fágáil na bunscoile, rud nach bhfuil fíor, dar leo.

Leibhéil éagsúla chumais agus scoláirí ag tosú ar an iar-bhunscoil

Téama amháin a tháinig aníos arís is arís eile sa mhéid a bhí le rá ag na rannpháirtithe ar fad ná míshástacht mar gheall ar an éagsúlacht a bhaineann le cumas Gaeilge na ndaltaí ag deireadh na bunscoile. Dúirt roinnt acu go raibh sé mar a bheadh an 'lottery' ann. Baineann an 'lottery' nó an crannchur sin leis na scoileanna éagsúla, ach bíonn sé ar siúl laistigh de na scoileanna freisin mar braitheann caighdeán theagasc na Gaeilge ar an múinteoir a bhaineann leis na rangleibhéil éagsúla. Thug roinnt acu le fios go síleann siad go bhfuil éagsúlacht mhór ann idir cumas Gaeilge na múinteoirí bunscoile éagsúla agus idir an mhuinín a bhíonn acu i leith na Gaeilge freisin, agus go mbíonn a rian sin le feiceáil ar na páistí. Chuir roinnt scoláirí in iúl gur féidir a lagchumas Gaeilge a rianú siar go dtí an bhunscoil: "*We would read from a book in sixth class but not a single person knew how to speak it" ("Bhímis ag léamh leabhair éigin i rang a sé ach ní raibh duine ar bith (againn) in ann í a labhairt*"). Chuir roinnt eile acu in iúl go raibh an easpa dul chun cinn a bhaineann le foghlaim na Gaeilge dochreidte: "*It's actually impressive how little Irish I had leaving primary school. I left after eight years not knowing anything about it." ("Chuirfeadh sé iontas ort a laghad Gaeilge is a bhí ar eolas agam agus mé ag fágáil na bunscoile. D'fhág mé tar éis ocht mbliana gan móran ar eolas agam fuithi."*). Ar an iomlán, mheas na rannpháirtithe go raibh scoláirí áirithe faoi bhuntáiste/faoi mhíbhuntáiste i gcomparáid leis na scoláirí eile agus iad ag tosú ar an iar-bhunscoil, agus gur lean sé sin ar aghaidh agus iad sa tSraith Shóisearach/Shinsearach. Measadh go mbíonn scoláirí a d'fhreastail ar Ghaelscoileanna faoi bhuntáiste ar leith, go háirithe maidir le cumas cumarsáide na scoláirí.

Moltaí

Níos mó de/Níos lú de

Léiríodh cuid mhaith de na príomh-mholtaí a bhí ag na grúpaí éagsúla nuair a bhí gníomhaíocht 'níos mó de…níos lú de…' ar siúl. Úsáideadh na ráitis seo chun bealach chun

tosaigh nó 'way forward' a thaispeáint. I measc na ráiteas a ndearnadh taifead orthu ag na boird éagsúla bhí:

Níos mó díobh seo	Níos lú díobh seo
• Am • Rogha/saoirse (sna gníomhaíochtaí foghlama Gaeilge) • Buiséad - acmhainní, turais	• Talamh slán a dhéanamh de go bhfuil na scoláirí ar fad ar an leibhéal céanna • Níos lú béime ar an bhfoghlaim de ghlanmheabhair • Níos lú ábhair ar an gcúrsa
• Gníomhaíochtaí tarraingteacha • Béim ar an obair ó bhéal • Béim ar an teanga a thuiscint	• Fócas ar théacsanna scríofa agus ar an bhfoghlaim de ghlanmheabhair • Ábhar a bhaineann leis an siollabas • Réamhthuairimí maidir le leibhéal Gaeilge na scoláirí
• Gramadach • Gaeilge labhartha / Úsáid shóisialta • Caighdeánú maidir leis na bunscoileanna	• Litríocht • Fócas ar na scrúduithe • Réamhthuairimí maidir le hábaltacht
• Gaeilge labhartha i measc phobal na scoile • An Ghaeilge a bheith feiceálach – comharthaí srl.. • Deiseanna dearfacha do na tuismitheoirí chun blaiseadh den Ghaeilge a fháil > Club na nÓg > Gaeilge 24 • Níos mó béime ar í a fhoghlaim mar theanga	• Diúltachas • An fhoghlaim de ghlanmheabhair • Litríocht!
• Idirghníomhach • Mar an dara teanga • Caint	• Téacsleabhair • Athráiteach / dul siar • Brú
• Gaeilge shóisialta • Téacsanna tarraingteacha	• Foghlaim de ghlanmheabhair • Ábhar le foghlaim

• Foghlaim ó thaithí	
• Ag labhairt na Gaeilge • Stór focal bunúsach • Ábharthacht	• Athrá • Litríocht agus scríbhneoireacht
• Spraoi • Cothromaíocht idir ullmhúchán do na scrúduithe agus sult a bhaint aisti • Cumarsáid a bhfuil cuspóir léi	• Faitíos go ndéanfaí botún
• Spontáineacht! • Gníomhaíochtaí - cluichí agus spóirt; (roghanna nua-aimseartha scannáin/ cláir spóirt/ ceol) • Múinteoirí Gaeilge áirithe i mbunscoileanna chun Gaeilge na ndaltaí a fheabhsú go nádúrtha • Modúil a chur ar fáil do dhaltaí ag an dara leibhéal • Comhrá v litríocht	• Téacsleabhair • Foghlaim de ghlanmheabhair • Struchtúr • Pian agus brú • Scríbhneoireacht • Prós agus dánta agus drámaí
• Naisc idir an bhunscoil agus an iar-bhunscoil • Spraoi • Ábharthacht - cumarsáid	• Litríocht • Scríbhneoireacht (níos mó de chaint) • An fhoghlaim de ghlanmheabhair i.e. sraith (pictiúr)

Tá na moltaí seo a leanas bunaithe ar an bplé i gcoitinne, lena n-áirítear an ghníomhaíocht 'níos mó de/níos lú de'.

Bíodh fís shoiléir, shothuigthe ann don Ghaeilge

Thar ghrúpa ar bith eile, chuir na múinteoirí in iúl gur ghá fís chomhleanúnach don Ghaeilge a bheith ag an Roinn Oideachais agus Óige agus gur chóir go mbeadh baint aici sin leis an mbeartas maidir le hoideachas teanga i gcoitinne (i.e. na Nuatheanga Iasachta). Mhol roinnt acu go mbeadh sé ina chuidiú leis sin dá mbeadh cúrsaí ag teacht le Comhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha. Éilíodh freisin feachtais a chur ar bun chun daoine a chur ar an eolas faoi na buntáistí a bhaineann leis an nGaeilge.

An Ghaeilge a úsáid lasmuigh den scoil

Cuir breis deiseanna ar fáil chun plé leis an nGaeilge lasmuigh den rang Gaeilge

Bhain go leor de na moltaí le breis deiseanna a chur ar fáil i rith an lae agus taobh amuigh den lá scoile. Ina measc siúd bhí tob-Ghaeltachtaí ar fhearann na scoile (m.sh., ag am lóin) chun eispéireas Gaeltachta a thabhairt isteach sna scoileanna; teagmháil a dhéanamh le scoláirí sa Ghaeltacht (m.sh., glaonna Facetime); malartú scoláirí a reáchtáil idir na scoileanna Gaeltachta agus na scoileanna meán-Bhéarla. Tugadh le fios go bhfuil sé tábhachtach an Ghaeilge a bheith feiceálach sna scoileanna (comharthaí agus fógraí dátheangacha).

Bunaigh naisc leis an bpobal

Moladh gur chóir daoine ón bpobal áitiúil a labhraíonn Gaeilge, lena n-áirítear iad siúd a bhfuil úsáid bainte acu as an nGaeilge ina ngairm bheatha (m.sh., óstaigh podchraoltaí/raidió) agus iad siúd a bheadh in ann gníomhaíochtaí trí Ghaeilge a dhéanamh leis na scoláirí, a thabhairt isteach sa scoil chun labhairt leis na scoláirí. Moladh freisin gur chóir ligean do na scoláirí an scoil a fhágáil agus an Ghaeilge a úsáid le muintir na háite (m.sh., sna siopaí). Moladh urraíocht a fháil ó ghnólachtaí áitiúla. Mheas na rannpháirtithe go gcabhródh na naisc sin leis na scoláirí breathnú ar an nGaeilge mar theanga bheo. Dúradh freisin go bhféadfaí machnamh a dhéanamh ar an leas a d'fhéadfaí a bhaint as comórtais, lena n-áireofaí naisc idir scoileanna T1 agus T2.

Cuir níos mó tacaíochta ar fáil do thuismitheoirí agus déan teagmháil rialta leo

Díríodh aird ar a thábhachtaí is atá sé teagmháil rialta a dhéanamh leis na tuismitheoirí le cur i gcoinne na ndearcthaí diúltacha i leith na Gaeilge a d'fhéadfadh a bheith ag an mbaile. Moladh go bhféadfadh na cumainn éagsúla tuismitheoirí cuireadh a thabhairt do thuismitheoirí páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí scoilbhunaithe trí Ghaeilge.

Cuir maoiniú ar fáil chun turais chun na Gaeltachta a éascú

Dúirt na rannpháirtithe gur chóir breis scoláireachtaí Gaeltachta a chur ar fáil agus gur chóir dianmhachnamh a dhéanamh ar an gcaoi a ndéantar na scoláireachtaí sin a bhainistiú le cinntiú go mbeadh na scoláirí ba mhó a mbeadh na scoláireachtaí sin ag teastáil uathu ar an eolas fúthu.

An Ghaeilge a úsáid ar fud na scoile

Cuir deiseanna neamhfhoirmiúla ar fáil do na scoláirí chun an Ghaeilge a úsáid

Tháinig moltaí chun cinn maidir le gníomhaíochtaí a bhféadfaí iad a reáchtáil sna hiar-bhunscoileanna (lasmuigh den rang Gaeilge), lena n-áirítear ciorcail chomhrá, imeachtaí

spóirt/seach-churaclaim trí Ghaeilge (m.sh.scátáil oighir, cócaireacht, podchraoltaí), club bricfeasta trí Ghaeilge. I gcásanna áirithe, dúradh gur ghá é sin a cheangal le córas pointí nó le córas luaíochta chun úsáid na Gaeilge ar bhonn neamhfhoirmiúil a spreagadh ar fud na scoile agus i rith an lae scoile. Moladh deiseanna eile a thapú chun an clár a bhaineann le Gaelbhratach a leathnú. Luadh na féidearthachtaí a bhaineann leis an idirbhliain chun cláir/modúil a bhfuil cuir chuige eispéireasacha i gceist leo a éascú. Chuir na múinteoirí in iúl go mbeadh maoiniú ag teastáil chun gníomhaíochtaí den chineál sin a éascú.

Cuir maoiniú ar fáil do Chlub Gaeilge/do Chlub na nÓg

Moladh gur chóir breis maoiniúcháin a chur ar fáil chun clubanna samhraidh agus clubanna i ndiaidh am scoile trí Ghaeilge a reáchtáil. D'fhéadfaí an maoiniúchán sin a úsáid chun eispéiris thaitneamhacha amhail turais ag deireadh na bliana a éascú.

An cleachtas a bhaineann leis na ceachtanna Gaeilge

Déan cinnte de go n-úsáidtear cuir chuige ghníomhacha chun an Ghaeilge a theagasc

Leag na scoláirí béim ar a thábhachtaí is atá sé bogadh ar shiúl ó na cuir chuige thraidisiúnta agus cuir chuige atá tarraingteach agus gníomhach a úsáid ina n-áit. Mhol siad níos lú úsáide a bhaint as na téacsleabhair agus breis béime a chur ar an bpiarfhoghlaim/ar an bhfoghlaim i ngrúpaí, ar an bplé, ar an gceol agus ar úsáid a bhaint as an teicneolaíocht. Mhol siad freisin gur chóir úsáid a bhaint as an bhfoghlaim chluichebhunaithe, a mbeadh beagán den iomaíocht i gceist léi.

Déan an chaoi a n-oibríonn an teanga/feasacht teanga a theagasc

Agus iad ag smaoineamh ar an bhfrustrachas atá orthu féin toisc nach dtuigeann siad cúrsaí gramadaí, mhol na scoláirí gur chóir gramadach na Gaeilge a theagasc ar bhealach suimiúil. Bhain sé sin le teagasc maidir le cód na Gaeilge freisin, m.sh., fónaic/fóineolaíocht.

Déan cinnte de go gcuirtear gach scoláire san áireamh sna ranganna Gaeilge

I gcomhthéacs na gcleachtas a ndearnadh tuairisciú orthu anseo agus na béime a leagtar ar an léitheoireacht/scríbhneoireacht sna Scrúduithe Stáit, is fiú breis machnaimh a dhéanamh ar riachtanais na scoláirí a bhfuil deacrachtaí litearthachta acu (m.sh. disléicse). Ar bhonn níos leithne ná sin, mhol na scoláirí gur chóir cuimhneamh nach é an cumas céanna Gaeilge a bhíonn ag gach scoláire in aon seomra ranga ar leith.

Déan machnamh ar na féidearthachtaí atá ann chun gach foghlaimeoir a dhéanamh páirteach san fhoghlaim

Tá scoláirí ann nach mbíonn deis acu páirt a ghlacadh sa tacaíocht foghlama agus sa Ghaeilge araon i ngeall ar na socruithe don tacaíocht foghlama atá i bhfeidhm faoi láthair. Meastar nach gcuirtear scoláirí a mbeadh an Ghaeilge ag an mbonnleibhéal ar siúl acu go dtí seo san áireamh mar ba chóir sna socruithe mar atá anois. Is gá treoir a chur ar fáil maidir le bealaí chun difreálú a chur i bhfeidhm ar an teagasc chun ligean do gach foghlaimeoir a bheith páirteach san fhoghlaim. Ba chóir machnamh ar leith a dhéanamh ar an gcaoi a dtacaítear le scoláirí nuathagtha an Ghaeilge a fhoghlaim (seachas díolúine a thabhairt dóibh).

Cuir treoir ar fáil maidir leis an teagasc trí Ghaeilge

Chuir roinnt scoláirí in iúl go mbaineann siad tairbhe as cur chuige an tumtha sna ceachtanna Gaeilge, m.sh. nuair a dhéanann an múinteoir an teagasc ar fad trí mheán na Gaeilge. Bhí scoláirí eile ann a bhí in amhras faoin gcur chuige sin. Ba chóir treoir a chur ar fáil maidir leis an mbealach is fearr chun an teagasc a dhéanamh trí mheán na sprioctheanga (trí mheán na Gaeilge, sa chás áirithe seo).

Bíodh scoláirí sásta triail a bhaint as rudaí agus botúin a dhéanamh

Dúirt na rannpháirtithe gur ghá a chur in iúl a thábhachtaí is a bhíonn an dearcadh 'bain triail as' nuair a bhíonn teanga ar bith á foghlaim. B'fhearr leis na scoláirí dá gcuirfí níos lú béime sna scrúduithe stáit ar bhotúin ghramadaí a cheartú.

Curaclam

Laghdaigh nó athraigh an bhéim a chuirtear ar an litríocht nó bain an staidéar ar an litríocht ón gcúrsa

Mhol roinnt acu gur chóir an litríocht ar fad a bhaint amach as sonraíochtaí na Sraithe Sóisearaí/siollabais na Sraithe Sinsearaí. Mhol roinnt eile acu gur chóir litríocht a bhfuil baint níos mó acu le saol na scoláirí a bheith ar an gcúrsa (m.sh. scannáin chomhaimseartha amhail Kneecap), agus mhol rannpháirtithe eile fós gur chóir athmhachnamh iomlán a dhéanamh ar an gcaoi a ndéantar an litríocht a theagasc agus a scrúdú (m.sh. an litríocht a thabhairt isteach sa bhéaltriail seachas sna scrúduithe scríofa). Ar an iomlán, bhí siad ar aon intinn gur ghá an méid litríochta atá i gceist faoi láthair a laghdú. Díreach mar a cuireadh in iúl i snáitheanna eile den chomhairliúchán seo, mhol roinnt acu gur chóir dhá chúrsa Gaeilge a bheith ann ag an iar-bhunleibhéal; cúrsa éigeantach a bheadh bunaithe ar an gcumarsáid agus ceann roghnach a bheadh bunaithe ar an litríocht.

Déan cinnte de go mbaineann ábhar na Sraithe Sóisearaí/na Sraithe Sinsearaí (agus na ceachtanna Gaeilge freisin) le saol na ndaoine óga

Moladh gur chóir athbhreithniú a dhéanamh ar fhócas na gcúrsaí Gaeilge ag an iar-bhunleibhéal ar mhaithe le féachaint chuige go mbainfidís le saol na ndaoine óga. Mar shampla, moladh gur chóir ról níos láidre a bheith ag tionchairí (m.sh. ar TikTok/ar na meáin shóisialta) agus ag ealaíontóirí comhaimseartha (m.sh. Kneecap).

Bíodh rogha ag na scoláirí

Chuir roinnt acu in iúl gur ghá breis roghanna a thabhairt do scoláirí maidir leis na gnéithe den chúrsa Gaeilge ag leibhéal na Sraithe Sóisearaí/Sinsearaí ar mhaith leo staidéar a dhéanamh orthu. Moladh gur chóir an curaclam a bheith níos solúbtha ná mar atá. Lorgaíodh maoiniú chun téacsanna éagsúla a cheannach do leabharlanna scoile.

Fócas ar an gCumarsáid ó Bhéal

Tabhair tús áite don Ghaeilge labhartha neamhfhoirmiúil a bhaineann leis an gcomhrá

Moladh go seasta gur chóir fócas na Gaeilge d'fhormhór na scoláirí a bheith ar scileanna cumarsáide a fhorbairt, go háirithe an teanga ó bhéal. Moladh gur chóir an comhrá Gaeilge a bheith ina gnáthchuid de na ranganna Gaeilge.

Déan athbhreithniú ar na socruithe a bhaineann leis na béaltrialacha

Ceann de na príomhrudaí a d'fhéadfaí a dhéanamh chun an chumarsáid ó bhéal a chur chun cinn ná béaltriail fhoirmiúil a bhunú ag leibhéal na Sraithe Sóisearaí. Anuas air sin, mhol na rannpháirtithe gur chóir athbhreithniú a dhéanamh ar an tSraith Pictiúr ag leibhéal na Sraithe Sinsearaí nó fáil réidh léi ina hiomláine.

Athruithe maidir leis na Socruithe do na Measúnaithe

Déan athbhreithniú ar na socruithe a bhaineann leis na Measúnuithe Rangbhunaithe don Ghaeilge

Síleadh go coitianta nach mbíonn meas ar na Measúnuithe Rangbhunaithe agus go gcuireann siad an fhoghlaim de ghlanmheabhair chun cinn acu i gcomhthéacs Ghaeilge na Sraithe Sóisearaí. Moladh athbhreithniú a dhéanamh ar na socruithe don tuairisciú mar atá agus machnamh a dhéanamh ar bhéaltriail fhoirmiúil a chur in áit na measúnuithe rangbhunaithe.

Déan machnamh ar phointí bónais a thabhairt isteach don Ghaeilge

Mheas rannpháirtithe áirithe go spreagfaí scoláirí chun díriú ar fhoghlaim na Gaeilge dá mbeadh pointí bónais ar fáil lena haghaidh. Dúradh, áfach, nár mhór féachaint chuige nach spreagfadh an cúrsa lena mbainfeadh na pointí bónais sin an fhoghlaim de ghlanmheabhair.

Eile

Cé go raibh sé lasmuigh de scóip an chomhairliúcháin reatha, labhair líon beag rannpháirtithe faoin gcaoi a bhfuil an Ghaeilge ina hábhar éigeantach go dtí an Ardteistiméireacht. Dúradh freisin gur chóir machnamh a dhéanamh ar an tairbhe a d'fhéadfaí a bhaint as sainmhúinteoirí Gaeilge ag leibhéal na bunscoile, ach ní dhearna ach líon beag rannpháirtithe an moladh sin.

Tagairtí

Brooks, J., McCluskey, S., Turley, E., & King, N. (2015). The utility of template analysis in qualitative psychology research. *Qualitative Research in Psychology*, *12*(2), 202–222. https://doi.org/10.1080/14780887.2014.955224

Cohen, L., Manion, L., & Morrison, K. (2018). *Research Methods in Education.* Routledge.

Department of Education (2024). *Student Participation in the Department of Education: Implementation Plan, 2024--2026.* Department of Education. https://assets.gov.ie/static/documents/student-participation-in-the-department-of-education-implementation-plan-2024-2026.pdf

King, N., & Brooks, J. M. (2017). *Template analysis for business and management students*. Sage.

Lundy, L. (2007). 'Voice' is not enough: conceptualising Article 12 of the United Nations Convention on the Rights of the Child. *British Educational Research Journal*, *33*(6), 927–942. https://doi.org/10.1080/01411920701657033

Aguisín A: Sceidil na bhfócasghrúpaí

Páistí bunscoile

Socrú isteach

- Ainm, rang?
- Rud suimiúil amháin fút féin?
- Focal a smaoiníonn tú air nuair a chloiseann tú an focal 'Gaeilge' (an teanga)

Do chuid taithí féin maidir le foghlaim na Gaeilge sa rang

- Cad é an rud is mó a thaitníonn leat faoi bheith ag foghlaim na Gaeilge?
- Inis dom faoi rud amháin a rinne tú sa rang Gaeilge a thaitin leat (fiú nuair a bhí tú sna ranganna níos óige)?
- An bhfuil aon rud ar leith ann a dhéanann sé deacair an Ghaeilge a fhoghlaim?
- Cé a chabhraíonn leat nuair a bhíonn deacracht agat le rud éigin sna ceachtanna Gaeilge? Cén chaoi?
- An úsáideann tú ríomhairí sna ceachtanna Gaeilge? Cén chaoi? Inis dom faoi.

Rudaí a d'fhéadfaí a dhéanamh chun foghlaim na Gaeilge a fheabhsú

- Ar mhaith leat rud ar bith faoi fhoghlaim na Gaeilge ar scoil a athrú?
- Céard a dhéanfadh foghlaim na Gaeilge ní b'fhearr duitse go pearsanta?
- An bhfuil aon rud maith a dhéantar nuair a bhíonn ábhar eile á fhoghlaim agat ar chóir é a dhéanamh sa rang Gaeilge freisin, meas tú?

An Ghaeilge a úsáid

- An úsáideann tú an Ghaeilge sa seomra ranga? Cathain?
- An úsáideann tú an Ghaeilge lasmuigh den seomra ranga ar scoil (m.sh.., gníomhaíochtaí seach-churaclaim; clubanna)?
- Céard a choinníonn tú ó bheith ag úsáid na Gaeilge?
- An úsáideann tú an Ghaeilge lasmuigh den scoil (m.sh.,, clubanna; gníomhaíochtaí; an Ghaeltacht, srl.?
- Céard a chabhródh leat chun an Ghaeilge a úsáid??
- Dá mba tusa an tAire Oideachais, céard a dhéanfá chun foghlaim na Gaeilge a dhéanamh ní b'fhearr?

Dearcthaí i leith na Gaeilge/tuairimí faoin nGaeilge

- An gceapann tú go bhfuil tábhacht ag baint leis an nGaeilge? Cén fáth sin?
- An gceapann tú go bhfuil sé tábhachtach a bheith in ann an Ghaeilge a labhairt? Cén fáth sin?
- An dtaitníonn sé leat a bheith ag foghlaim na Gaeilge?
    - Inis dom beagáinín níos mó **faoin bhfáth a dtaitníonn sé leat** a bheith ag foghlaim na Gaeilge?
    - Inis dom beagáinín níos mó **faoin bhfáth nach dtaitníonn sé leat** a bheith ag foghlaim na Gaeilge?

Rudaí Eile

- An bhfuil aon rud eile le rá agat?
- An bhfuil ceist ar bith agat?

Scoláirí iar-bhunscoile

Socrú isteach

- Ainm, rang?
- Rud amháin suimiúil fút féin?
- Focal a smaoiníonn tú air nuair a chloiseann tú an focal Gaeilge (an teanga)

Meonta/Tuairimí i leith na Gaeilge

- An gceapann tú go bhfuil tábhacht ag baint leis an nGaeilge? Cén fáth sin?
- An gceapann tú go bhfuil sé tábhachtach a bheith in ann an Ghaeilge a labhairt? Cén fáth sin?
- An dtaitníonn sé leat a bheith ag foghlaim na Gaeilge?
    - Inis dom beagáinín níos mó **faoin bhfáth a dtaitníonn sé leat** a bheith ag foghlaim na Gaeilge?
    - Inis dom beagáinín níos mó **faoin bhfáth nach dtaitníonn sé leat** a bheith ag foghlaim na Gaeilge?

Do chuid taithí féin maidir le foghlaim na Gaeilge sa rang

- Cad é an rud is mó a thaitníonn leat faoi bheith ag foghlaim na Gaeilge?
- Inis dom faoi rud éigin a rinne tú sa rang Gaeilge a thaitin leat (rud éigin a rinne tú nuair a bhí tú ar an mbunscoil go fiú, má tá tú sa tSraith Shóisearach anois/ rud éigin a rinne tú sa tSraith Shóisearach go fiú má tá tú sa tSraith Shinsearach anois)?
- An bhfuil aon rud ar leith ann a dhéanann sé deacair an Ghaeilge a fhoghlaim?
- Cé a chabhraíonn leat nuair a bhíonn deacracht agat le rud éigin sa rang Gaeilge? Cén chaoi?
- Cén difear atá idir foghlaim na Gaeilge sa bhunscoil agus foghlaim na Gaeilge san iar-bhunscoil / foghlaim na Gaeilge sa tSraith Shóisearach agus foghlaim na Gaeilge sa tSraith Shinsearach?
- An mbaineann tú úsáid as ríomhairí/as an teicneolaíocht dhigiteach i gceachtanna Gaeilge? Conas? Inis dom faoi.

Rudaí a d'fhéadfaí a dhéanamh chun foghlaim na Gaeilge a dhéanamh níos fearr

- Ar mhaith leat rud ar bith faoi fhoghlaim na Gaeilge ar scoil a athrú?
- Céard a dhéanfadh foghlaim na Gaeilge ní b'fhearr duitse go pearsanta?
- An bhfuil aon rud maith a dhéantar nuair a bhíonn ábhar eile á fhoghlaim agat ba chóir a dhéanamh sa rang Gaeilge freisin, meas tú?

An Ghaeilge a úsáid

- An úsáideann tú an Ghaeilge lasmuigh den seomra ranga ar scoil (m.sh., gníomhaíochtaí seach-churaclaim; clubanna)?
- Céard a choinníonn tú ó bheith ag úsáid na Gaeilge?
- An úsáideann tú an Ghaeilge lasmuigh den scoil (m.sh., clubanna; gníomhaíochtaí; an Ghaeltacht, srl.)?
- Céard a chabhródh leat chun an Ghaeilge a úsáid?
- Dá mba tusa an tAire Oideachais, céard a dhéanfá chun foghlaim na Gaeilge a dhéanamh ní b'fhearr?

Rudaí Eile

- An bhfuil aon rud eile le rá agat?
- An bhfuil ceist ar bith agat?

Príomhoidí bunscoile/iar-bhunscoile

Fís/ionchais

- Cén fhís/cad iad na hionchais atá agat don Ghaeilge sa scoil?
    - Go ginearálta?
    - Dearcthaí dearfacha a chothú? daltaí/scoláirí, múinteoirí, tuismitheoirí
    - Úsáid na Gaeilge? Daltaí/scoláirí, múinteoirí, tuismitheoirí

Rudaí atá ag feidhmiú go maith

- Cad atá ag feidhmiú go maith sa scoil, dar leatsa, mar phríomhoide? Cén fáth a bhfuil sé sin ag feidhmiú go maith? Tabhair samplaí, le do thoil.
    - Go ginearálta?
    - Dearcthaí dearfacha a chothú? Daltaí/scoláirí, múinteoirí, tuismitheoirí
    - Úsáid na Gaeilge? Daltaí/scoláirí, múinteoirí, tuismitheoirí

Dúshláin

- Cad iad na dúshláin is mó atá ann don scoil ó thaobh na Gaeilge de?
    - Go ginearálta? (Soláthar múinteoirí, cumas/muinín na múinteoirí, dearcthaí, acmhainní, srl.)
    - Dearcthaí? Daltaí/scoláirí, múinteoirí, tuismitheoirí
    - Úsáid na Gaeilge? Daltaí/scoláirí, múinteoirí, tuismitheoirí

Tacú le Gaeilge

- Céard atá á dhéanamh agat (an bhfuil rud ar bith ar siúl agat) sa scoil chun na dúshláin sin a shárú?
    - An bhfuil aon dul chun cinn le feiceáil/an bhfuil ag éirí le ceann ar bith de na rudaí sin?
    - Cad eile is féidir a dhéanamh chun tacú leatsa agus leis na scoileanna eile chun na dúshláin sin a shárú/chun feabhas a chur ar theagasc agus foghlaim na Gaeilge?
    - An bhfuil aon rud ar leith a d'fhéadfaimis a dhéanamh mar chóras oideachais chun an Ghaeilge a fheabhsú?

Rudaí eile

- An bhfuil aon rud eile ba mhaith leat a lua?
- An bhfuil ceist ar bith agat?

Tuismitheoirí bunscoile/iar-bhunscoile

Socrú isteach

- Ainm/páistí sa scoil seo agus na bliainghrúpaí lena mbaineann siad?
- An i rang na naíonán a thosaigh do pháiste ag foghlaim na Gaeilge nó ina dhiaidh sin?
- Ar inis siad duit faoi rud ar bith a thaitin leo sa rang Gaeilge/taobh amuigh den seomra ranga?

Dearcthaí i leith na Gaeilge/tuairimí faoin nGaeilge

- An gceapann tú go bhfuil sé tábhachtach go mbeadh do pháiste/do chuid páistí ag foghlaim na Gaeilge? Cén fáth sin?
- An gceapann tú go bhfuil sé tábhachtach go mbeadh do pháiste líofa sa Ghaeilge? Cén fáth sin?
- Cén chaoi ar mhaith leat go rachadh foghlaim na Gaeilge chun sochair do do pháiste?
- Céard a cheapann do pháiste faoi bheith ag foghlaim na Gaeilge? An dtaitníonn sé leo? An bhfuil sé deacair?
- Cad a d'fhéadfaí a dhéanamh ionas go dtaitneodh an Ghaeilge le do pháiste/le do chuid páistí?

Taithí an pháiste maidir le foghlaim na Gaeilge

- Cad é an rud is mó a thaitníonn le do pháiste/le do chuid páistí faoi bheith ag foghlaim na Gaeilge?
- Cad iad na rudaí a dhéanann difríocht? An bhfuil difríocht ar bith idir a bheith ag foghlaim na Gaeilge agus a bheith ag foghlaim na n-ábhar eile?
- An bhfuil foghlaim na Gaeilge sa bhunscoil, sa tSraith Shóisearach, san idirbhliain agus sa tSraith Shinsearach éagsúil óna chéile?
- An raibh do pháiste riamh ar bís faoi rud ar bith a bhain le foghlaim na Gaeilge? Inis dom faoi.
- Céard a d'fhéadfaí a dhéanamh chun foghlaim na Gaeilge a dhéanamh ní b'fhearr do do pháiste / do do chuid páistí? (teicneolaíochtaí digiteacha, modhanna teagaisc, imeachtaí seach-churaclaim, deiseanna chun an Ghaeilge a úsáid)

An Ghaeilge a Úsáid

- Cathain a bhíonn deis ag do pháiste an Ghaeilge a chloisteáil (agus a fheiceáil)? TG4 srl.
- An mbíonn deis acu riamh an Ghaeilge a chloisteáil/a labhairt lasmuigh den scoil? Cathain? Cén áit?
- An bhfuil do pháiste sásta an Ghaeilge a úsáid/a labhairt?
- Céard a chuireann bac ar do pháiste an Ghaeilge a labhairt/a úsáid?
- An mbíonn deiseanna ag do pháiste an Ghaeilge a labhairt lasmuigh den rang Gaeilge? (Clubanna, an Ghaeltacht, imeachtaí seach-churaclaim, baill den teaghlach)
- An bhfuil aon mholtaí agat maidir le rudaí a d'fhéadfaí a dhéanamh chun cabhrú le do pháiste an Ghaeilge a úsáid/a labhairt?

Tacaíocht do Mhúinteoirí

- An dtugann tú cabhair do do pháiste ó thaobh na Gaeilge de? (Obair bhaile, an Ghaeilge a labhairt sa bhaile, cabhair bhreise etc.)
- Má thugann, céard a chabhraíonn leat é sin a dhéanamh?
- Céard a bheadh ina chuidiú leat agus tú ag cabhrú le do pháiste/í?
- Aon smaoineamh eile?

Eile

- An bhfuil rud ar bith nár tháinig aníos sa phlé ar mhaith leat é a rá anois? An bhfuil ceist ar bith agat?

Múinteoirí bunscoile/iar-bhunscoile

Socrú Isteach

- Cad is ainm duit, cén scoil lena mbaineann tú, agus inis dom faoi rud maith amháin a tharla duit an tseachtain seo?

Dearcthaí na Múinteoirí

- An dtaitníonn teagasc na Gaeilge leat/an mbaineann tú sult as? Cén fáth sin? (Cén fáth a ndeir tú é sin?)
- Céard a thugann sásamh duit agus tú ag teagasc na Gaeilge? Céard nach dtugann sásamh duit?
- Cad iad na tacaíochtaí a bheadh ag teastáil ionas go mbainfeá níos mó sásaimh as bheith ag teagasc na Gaeilge?
- Céard a chothaíonn an spéis atá agat féin sa teanga?

Dearcthaí na ndaltaí agus na scoláirí

- Céard a cheapann na daltaí/na scoláirí s(n)a rang(anna) atá agat faoin nGaeilge?
- Céard a oibríonn go maith s(n)a rang(anna) atá agat chun dearcthaí dearfacha i leith na Gaeilge a chothú sna daltaí / scoláirí?
- Cad iad na dúshláin a thagann chun cinn s(n)a rang(anna) atá agat maidir le dearcthaí dearfacha i leith na Gaeilge a chothú i measc na ndaltaí /scoláirí?
- An ndearna tú iarracht na dúshláin sin a shárú? An bhfuil aon rud ar leith ar éirigh leis?
- An bhfuil aon tionscnaimh ar bun sa scoil?
- An bhfuil aon mholtaí agat maidir leis na tacaíochtaí a bheadh ag teastáil chun dearcthaí dearfacha a chothú/a chur chun cinn i measc na ndaltaí / na múinteoirí?

Teagasc agus Foghlaim na Gaeilge

- Céard atá uait do na daltaí/scoláirí ó thaobh fhoghlaim na Gaeilge de?
- Cad iad na cineálacha cur chuige is fearr a oibríonn leis na daltaí / na scoláirí. Mínigh é sin dúinn.
- Céard a chuireann isteach ar fhoghlaim na Gaeilge? Inis níos mó dom faoi sin?
- Cad iad na cineálacha cur chuige is fearr a oibríonn, i do thuairimse? Cad iad na cineálacha cur chuige nach n-éiríonn leo?
- Ar bhain tú triail as rud ar bith a d'oibrigh go maith le grúpa amháin ach nár oibrigh le grúpa eile? Cén fáth ar tharla sé sin?

Úsáid na Gaeilge (daltaí/scoláirí)

- Ar mhiste leat a insint dom faoi na deiseanna a bhíonn ag na daltaí/na scoláirí chun an Ghaeilge a úsáid le linn na ranganna?
    - Conas a spreagann tú na scoláirí chun an Ghaeilge a úsáid le linn na ranganna?
- An mbíonn deiseanna ag na scoláirí an Ghaeilge a úsáid ar scoil lasmuigh de na ranganna Gaeilge?
    - Conas a spreagann tú iad chun an Ghaeilge a úsáid lasmuigh de na ranganna?
- An mbíonn deiseanna ag na scoláirí an Ghaeilge a úsáid lasmuigh den scoil?

Úsáid na Gaeilge (múinteoirí)

- An mbíonn deiseanna agat an Ghaeilge a úsáid ar scoil?
- Céard a thacaíonn leat chun an Ghaeilge a úsáid ar scoil?
- An mbíonn deiseanna agat an Ghaeilge a úsáid i do shaol pearsanta lasmuigh den scoil?
    - Céard a chuireann ar do chumas do chuid Gaeilge a chaomhnú?

Tacaíochtaí do Mhúinteoirí

- Céard a chabhródh leat do chuid Gaeilge féin a chaomhnú/a fheabhsú?
- An raibh eispéireas ar bith agat riamh a bhí ina chuidiú mór agat chun an Ghaeilge a teagasc do do rang/do do chuid ranganna?
- Conas is féidir tacaíocht níos mó a thabhairt duit maidir le teagasc na Gaeilge?

Múinteoirí bunscoile/iar-bhunscoile faoi oiliúint

Socrú isteach
Éascaitheoir: Is é an ról atá agam inniu ná tuairimí a bhailiú faoin nGaeilge agus faoin gcaoi a bhféadfaimis breis tacaíochta a thabhairt do teagasc agus d'fhoghlaim na Gaeilge.

- Cad is ainm duit, cén contae ina bhfuil tú i do chónaí?
- An coláiste a bhfuil tú ag freastal air agus an cúrsa atá ar siúl agat
- Rud maith amháin a tharla duit an tseachtain seo agus a bhaineann leis an gcúrsa sin nó leis na socrúcháin scoile

Dearcthaí na múinteoirí faoi oiliúint

- Ar bhain tú sult as bheith ag teagasc na Gaeilge go dtí seo? Cén fáth sin?
- Céard a thug/a thugann sásamh duit maidir le teagasc na Gaeilge? Céard nach dtugann sásamh duit?
- Cad iad na tacaíochtaí a bheadh uait chun sásamh/breis sásaimh a bhaint as teagasc na Gaeilge?

Teagasc agus foghlaim na Gaeilge

- Céard atá uait do do chuid daltaí/scoláirí maidir le **foghlaim** na Gaeilge?
- Agus tú amuigh ar na socrúcháin scoile, cad iad na cineálacha cur chuige ba mhó ar éirigh leo agus na daltaí / scoláirí ag foghlaim na Gaeilge?
    - Dearcthaí dearfacha i leith na Gaeilge a chothú sna daltaí/scoláirí?
    - Iad a spreagadh chun an Ghaeilge a úsáid sa rang?
- Cad iad na dúshláin a bhí ann? Cad iad na rudaí nár éirigh leo??
    - Dearcthaí dearfacha i leith na Gaeilge a chothú sna daltaí/scoláirí?
    - Iad a spreagadh chun an Ghaeilge a úsáid sa rang?

  Cén chaoi ar sháraigh tú na dúshláin sin?
- Cén chaoi a ndearna/a ndéanann tú difreálú ar do chuid teagaisc chun freastal ar riachtanais na ndaltaí/na scoláirí sna ranganna Gaeilge? (oideolaíochtaí ionchuimsitheacha)
- An raibh an méid a d'fhoghlaim tú ar an gcoláiste ag teacht leis/ag imeacht ón eispéireas a bhí agat ar na socrúcháin scoile maidir le teagasc na Gaeilge?

Tacaíochtaí do mhúinteoirí faoi oiliúint

- Ar airigh tú go raibh tú réidh le bheith ag teagasc na Gaeilge agus tú amuigh ar na socrúcháin scoile? Mínigh.
- An airíonn tú go bhfuil tú réidh le bheith ag teagasc na Gaeilge?
- An bhfuil aon tacaíocht ar leith ann a bhí ina chuidiú mór agat chun an Ghaeilge a theagasc do do rang(anna)?
- Cad iad na tacaíochtaí eile a bheadh ag teastáil uait, meas tú, maidir le teagasc na Gaeilge?

Úsáid na Gaeilge (múinteoirí faoi oiliúint)

- An mbíonn deiseanna agat an Ghaeilge a úsáid ar scoil/sa choláiste/i do shaol pearsanta/i suíomhanna Gaeilge (ceannaire nó rud éigin eile)?
- Céard a thacaíonn leat an Ghaeilge a úsáid ar scoil/sa choláiste/ i do shaol pearsanta?
- Céard a choinníonn tú ó bheith ag úsáide na Gaeilge ar scoil/sa choláiste/i do shaol pearsanta?
- Céard a chabhródh leat chun do chuid Gaeilge féin a chaomhnú/a fheabhsú?

Eile

- An bhfuil aon rud eile le rá agat?
- An bhfuil ceist ar bith agat?